



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024



Réamhrá

Is ábhar mór bróid dúinn Tuarascáil Bhliantúil 2024 Chomhairle Contae Dhún na nGall a chur i láthair — bliain inar baineadh nuálaíocht, díriú ar an phobal, agus claochlú dinimiciúil amach i measc na limistéar soláthair seirbhíse go léir. Cuireadh an Chomhairle nuathofa i bhfeidhm i ndiaidh na dToghchán Áitiúil i Meitheamh 2024 agus tá sí tiomanta do chur leis na bunchlocha láidre a leag an Chomhairle dheireanach, agus do leanúint do sholáthar a dhéanamh do mhuintir Dhún na nGall sna blianta amach romhainn. Glacadh lenár bPlean Corparáideach 2024-2029 i dtreo dheireadh 2024 agus feidhmeoidh sé mar Chreat Straitéiseach na Comhairle agus i rith théarma ár gComhairle nua.

Is beag tionscadal ina léirítear meanma Dhún na nGall níos fearr ná Tionscadal Athghiniúna Pobail an Chraoslaigh. Fuarthas cistiú €13.5 milliún agus soláthrófar mol pobail nua, spásanna caitheamh aimsire, gairdíní, agus áiseanna poiblí faoin tionscnamh seo, a chruthóidh leagáid mharthanach tacaíochta, leighis, agus dóchais tar éis thragóid 2022. Léirítear ann a fheabhas is féidir a bhaint amach nuair a thagann daoine agus cuspóir le chéile.

Tugadh a mhacasamhail de dhul chun cinn faoi deara ar fud an chontae i dtithíocht tar éis gur soláthraíodh 80 áit chónaithe nua agus na céadta eile díobh á bhforbairt. Chuir tacaíochtaí deontais spriocdhírthe ar chumas daoine breacaosta agus iad siúd faoi mhíchumas fanacht ina dtithe, agus baineadh leas as infheistíocht mhór chun éifeachtúlacht fuinnimh an stoic tithíochta reatha a fheabhsú.

Tacaíodh le borradh geilleagrach trí infheistíocht i dtacaíocht fiontraíochta, leathanbhanda, forbairt turasóireachta, agus i nuálaíocht. Tá feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí i mBun Dobhráin agus i Leitir Ceanainn, agus i mbunathrú leanúnach na gCealla Beaga agus Charn Domhnach, ag cuidiú le láir bhaile bheoga a mhúnlú atá fáilteach, ceangailte agus ina bhféachtar chun cinn.

Maidir le cúrsaí bonneagair, rinne oibreacha dul chun cinn ar bhealaí taistil ghníomhaigh, uasghráduithe ar shoilsiú poiblí agus feabhsúcháin straitéiseacha bhóthair. Thacaigh forbairtí glasbhealaigh agus tionscadail pháirce poiblí ar fud an chontae ní hamháin le soghluaisteacht, ach fosta le caitheamh aimsire agus stíleanna maireachtála níos sláintiúla. Múnlóidh an t-ullmhúchán a rinneadh in 2024 Dún na nGall níos inrochtana go ceann blianta amach romhainn. Bhí bliain thábhachtach ag Seirbhísí Forbartha Pobail agus Pleanála, inar glacadh leis an Phlean Forbartha Contae nua agus inar tugadh an córas ríomhpheanála isteach go forleathan – a bhain ceann de na rátaí glactha is airde sa tír amach.

Fuarthas an líon is mó iarratas, iad siúd ina measc a bhain leis an Scéim um Bloic Choincréite Lochtacha, a léirigh pobal atá i mbun aistriú agus atógála. Leagtar treochlár amach d'fhorbairt ionchuimsitheach agus inbhuanaithe pobail agus gheilleagrach ar fud an chontae tar éis gur glacadh le Creat-Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) Dhún na nGall 2023-2029, a forbraíodh trí rannpháirteachas forleathan le páirtithe leasmhara.

Leanadh le hobair, i gcomhthráth, chun ár dtimpeallacht nádúrtha a chosaint tar éis gur glacadh ár gcéad Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Neartaigh tionscadail ar tacaíodh leo trí chistiú um ghníomhú ar son na haeráide, bainistiú trá agus bruscair, agus oibreacha faoisimh ó thuilte, tiomantas na Comhairle don inbhuanaitheacht, agus chuidigh oideachas agus rannpháirtíocht an phobail le feasacht a mhúscaill maidir le freagracht chomhroinnte comhshaoil.

Lean ár Stiúrthóireacht Airgeadais de bhainistiú daingean físcach a sholáthar, a chinntigh cuntasacht, trédhearcacht, agus gur leithdháileadh acmhainní go héifeachtúil i measc ghníomhaíochtaí uile na Comhairle, agus ghlac an fhoireann páirt agus d'oibrigh siad go dlúth lenár gcustaiméirí rátaí tráchtála.

Baineadh gaisce amach go luath in 2024 agus buadh Gradam Údaráis Áitiúil na Bliana mór le rá ag na Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2024 de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann a bhuíochas le hiarrachtaí tiomnaithe fhoireann na Comhairle, le treoir na mball tofa, agus le comhoibriú comhpháirtithe i measc na n-earnálacha. Tá feabhsúcháin bainte amach againn le chéile agus tá bunchlocha daingne leagtha againn do na blianta amach romhainn.

Mar a thaispeántar sa tuarascáil seo, tá obair an rialtais áitiúil forleathan ach, bíonn a tionchar pearsanta i gcónaí. Leanann Comhairle Contae Dhún na nGall de bheith dírithe ar sholáthar a dhéanamh dá muintir, gach aon lá, cibé acu trí áit chónaithe nua, bóthar níos sábháilte, spás pobail bríomhar, nó fáilte ó chroí a chur roimh dhaoine nua.



Niamh Kennedy

Cllr Niamh Kennedy
Cathaoirleach



John G. McLaughlin

John G. McLaughlin
Príomhfheidhmeannach



Bleib á cur ar SENTRY Hill, Léitir Ceanainn ag Daltaí Scoil Mhuire gan Smál.
Grianghraf: Clive Wasson

Clár an Ábhair

Réamhrá	1
Baill Thofa	4
Struchtúr Bainistíochta	7
An Méid a Dhéanaimid...	8
Onóracha agus Fáiltithe Cathartha	10
Cruinnithe na Comhairle	11
Seirbhísí Forbartha Pobail agus Pleanála	12
Seirbhísí Tithíochta, Corparáideacha agus Cultúir	36
Forbairt Gheilleagrach, Córais Faisnéise agus Seirbhísí Éigeandála	50
Airgeadas	68
Bóithre agus Iompar	76
Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil	86
Aguisíní	100

Comhairle Contae Dhún na nGall

Baill Thofa

Ceantar Bardasach Dhún na nGall



Cllr Manus Boyle
Fine Gael



Cllr Jimmy Brogan
Neamhspleách



Cllr Noel Andrew Jordan
Sinn Féin



Cllr Niamh Kennedy
Neamhspleách



Cllr Michael McMahon
Sinn Féin



Cllr Michéal Naughton
Fianna Fáil



Ceantar Bardasach na nGleannta



Cllr Brian Carr
Sinn Féin



Cllr Micheál Choilm Mac Giolla Easbuig
Neamhspleách



Cllr Michael McClafferty
Neamhspleách



Cllr Denis McGee
Cúiteamh 100%



Cllr Anthony Molloy
Fianna Fáil



Cllr John Shéamuis Ó Fearraigh
Sinn Féin

Comhairle Contae Dhún na nGall

Baill Thofa

Ceantar Bardasach Inis Eoghain



Cllr Joy Beard
Cúiteamh 100%



Cllr Fionán Bradley
Fianna Fáil



Cllr Paul Canning
Fianna Fáil



Cllr Terry Crossan
Sinn Féin



Cllr Albert Doherty
Sinn Féin



Cllr Ali Farren
Cúiteamh 100%



Cllr Martin Farren
Páirtí an Lucht Oibre



Cllr Martin McDermott
Fianna Fáil



Cllr Jack Murray
Sinn Féin



Ceantar Bardasach Leifir/Shrath an Urláir



Cllr Gary Doherty
Sinn Féin



Cllr Martin Harley
Fine Gael



Cllr Frank McBrearty
Neamhspleách



Cllr Patrick McGowan
Fianna Fáil



Cllr Dakota Nic Mheanman
Sinn Féin



Cllr Martin Scanlon
Neamhspleách

Comhairle Contae Dhún na nGall

Baill Thofa

Ceantar Bardasach Leitir Ceanainn/Bhaile na nGallóglach



**Cllr Liam
Blaney**
Fianna Fáil



**Cllr Ciaran
Brogan**
Fianna Fáil




**Cllr Donal
Coyle**
Fianna Fáil



**Cllr Tomás Seán
Devine**
Cúiteamh 100%



**Cllr Jimmy
Kavanagh**
Fine Gael



**Cllr Donal 'Mandy'
Kelly**
Fianna Fáil



**Cllr Michael
McBride**
Neamhspleách



**Cllr Pauric
McGarvey**
Neamhspleách



**Cllr Gerry
McMonagle**
Sinn Féin




**Cllr Declan
Meehan**
Neamhspleách



Comhairle Contae Dhún na nGall

Struchtúr Bainistíochta




An Príomhfheidhmeannach John G. McLaughlin (ar Lár) sa phictiúr le baill den Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí.
Ina seasamh: Bryan Cannon, Richard Gibson, Patsy Lafferty, Garry Martin;
Ina sui: Liam Ward, John G. McLaughlin, Michael McGarvey

An Méid a Dhéanaimid

Seirbhísí Forbartha Pobail agus Pleanála

- Forbairt Pobail
- An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
- An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
- An tAonad um Ionchuimsiú Sóisialta
- Líonra Rannpháirtíochta Pobail
- An Comhaontas Aoisbhá
- Forbairt Straitéiseach an Táirge Turasóireachta
- Beartas Pleanála Spásúlachta
- Rialú Forbartha
- Forfheidhmiú Pleanála
- Beartas agus Fodhlíthe Corrrhrádála
- Rialú Tógála
- An tAonad Athghiniúna agus Forbartha
- An Scéim Deontais Maoine Foilmhe agus Tréigthe (Croí Cónaithe)
- An tAonad Freagartha um Dhídeanaithe
- An tAonad Soláthair Tionscadal Caipitil
- Seirbhísí Caomhantais




Seirbhísí Tithíochta, Corparáideacha agus Cultúir



- Tógáil/Foirgníocht Tithíochta
- Bainistíocht Foirgníocht Lándéanta
- Ceannacháin Tithe Cuid a Cúig
- Tacaíocht Tithíocht Shóisialta
- Íocaíocht Cúnamh Tithíochta
- Bainistíocht Stoic agus Tionóntachta
- Easpa Dídine
- Coiríocht do Thaistealaithe
- Cigireachtaí Caighdeáin Tithíochta
- Deontais agus Iasachtaí Tithíochta
- Idirghabháil le Foras Tithíochta Faofa
- Riarachán Cruinnithe Corparáideacha
- Seirbhísí Mótarchánach
- Seirbhísí Cultúrtha (Cartlanna, Ealaíona, Bithéagsúlacht, Oidhreacht, Leabharlanna, Iarsmalann, Ionad Cultúrtha Réigiúnach)
- Saoráil Faisnéise
- Clár na dToghthóirí
- Rúnaíocht an Chontae
- Acmhainní Daonna
- Oifig Chumarsáide
- Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí

Forbairt Eacnamaíochta, Córais Faisnéise agus Seirbhísí Éigeandála

- Oifig Fiontair Áitiúil
- Forbairt Eacnamaíochta
- Margaíocht Turasóireachta
- Rannpháirtíocht Diaspóra
- Aonad Maoiniú Straitéiseach
- Seirbhís Dóiteáin
- Bainistíocht Mhór-Éigeandála
- Cosaint Shibhialta
- Córais Faisnéise - Gréasán, Tacaíocht agus Slándáil
- Forbairt Feidhmchlár agus Gréasáin
- Córais Faisnéise Thíreolaíochta
- Leathanbhanda
- Aonad AE agus Digiteach



An Méid a Dhéanaimid




Airgeadas

- Bainistíocht Airgeadais
 - Bainistíocht Bhuiséid
- Ráitis Bhliantúla Airgeadais
 - Aonad Bailithe Ioncaim
 - Párolla
 - Cuntais Iníoctha
- Iniúchadh Inmheánach
 - Soláthar
 - Árachas
- Leabhar Iasachtaí
- Córais Faisnéise Airgeadais
 - Bainistíocht Réadmhaoin
 - Meitseáil Lárnach Sonraisc
- Aonad Próiseála Bileoga Ama
 - Comhlíonadh Cánach
 - Bainistíocht Chiste
- Bainistíocht Chuntas Caipitil

Bóithre agus Iompar

- Bainistíocht Sócmhainní Bóithre Poiblí
- Cothabháil agus Tógáil
- Comharthaí Tráchtá
- Línte agus Comharthaí
- Innealtóireachta agus Feasacht um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Soilsiú Poiblí
- Seirbhís Chomhroinnte na hOifige Bainistíochta Bóithre
- Céanna agus Cuanta
- Tionscadail agus Feasacht Taistil Ghníomhaigh
- Forbairt Glasbhealaí
- Páirceanna Poiblí agus Spásanna Oscailte
- Bainistíocht Páirceála Poiblí



Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

- Riar Scéime Dheontais Mhéadaithe na mBloc Coincréite Lochtach ar son na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
 - Gníomhú ar son na hAeráide
 - Caomhnú Comhshaoil
 - Bainistíocht Dramhaíola
 - Rialú Truaillithe
 - Bainistíocht Bhruscair
 - Bainistíocht Tránna
 - Linnte Snámha agus Ionaid Fóillíochta
 - Bainistíocht Áiseanna agus Fuinnimh
 - Scéimeanna Cosanta Tuilte ar son OOP
- Uisce Éireann Seirbhísí Uisce trí Mhór-Chomhaontú Comhoibrithe le hUisce Éireann



Onóracha agus Fáiltiú Cathartha

Saoirse an Chontae á bronnadh ar Clannad



Bronnadh Saoirse Oinigh an Chontae ar Clannad, an banna ceoil Cáiliúil ó Dhún na nGall, an 17 Bealtaine 2024 mar aitheantas ar an ollmhéid a chuir siad lenár gcultúr, le cur chun cinn na Gaeilge agus an cheoil thraidisiúnta Ghaelaigh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuireadh ainmneacha Chiaráin, Moya and Phóil Brennan isteach i rolla na ndaoine a léirítear an onóir sin orthu, agus ba é Clannad 12ú faighteoir an ghradaim mór le rá seo dá bharr.

Fáiltiú Cathartha do Chumann Peile Ceilteach Chnoc an Choiligh



Léiríodh onóir ar Chumann Peile Ceilteach Chnoc an Choiligh an 5 Aibreán 2024 ag Fáiltiú Cathartha mar aitheantas ar an ghaisce a rinne siad Cluiche Ceannais Idirmheánach Chorn an FAI a bhaint amach, ar a sármhaitheas chomhsheasmhach i Sraithchomórtas Sinsearach Uladh agus ar a dtiomantas don pheil a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil.

Cruinnithe na Comhairle



Chas Comhairle Contae Dhún na nGall, a Ceantair Bhardasacha agus a coistí ar a chéile i rith 2024 chun plé a dhéanamh ar an tsraith fhairsing ábhar seo a leanas:

Grúpa Cruinnithe	Líon na gCruinnithe	Grúpa Cruinnithe	Líon na gCruinnithe
Cruinnithe na Comhairle	23	An Coiste Iascaigh	4
An Grúpa um Beartais Chorporáideacha	9	Coiste na mBloc Coincréite Lochtach	5
CB Dhún na nGall	11	Bord Comhairleach Saineolaithe Óige Dhún na nGall	0
CB na nGleannta	8	An Comhchoiste Póilíneachta	2
CB Inis Eoghain	10	Coiste na Gaeilge	0
CB Leitir Ceanainn/Bhaile na nGallóglach	10	CFPÁ/GÁG	10
CB Leifir/Shrath an Urláir	8	An Coiste um Luach ar Airgead	1
An CBS um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol	2	An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	5
An CBS Pobail, Sóisialta agus Cultúir	2	An Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht do Thaistealaithe	2
An CBS Bóithre agus Iompair	2	Coiste na nOileán	2
An CBS Tithíochta agus Corparáideach	2	An Coiste Straitéise Míchumais	2
An CBS Pleanála	1	Fóram Oidhreachta Dhún na nGall	4
An CBS Forbartha Geilleagraí, Fiontair agus Éigeandála	2	Grúpa Oibre an Chraoslaigh	0
Emergency Response Committee	1	Comhpháirtíocht PEACEPLUS	1
Iomlán		133	

Seirbhísí Forbartha Pobail agus Pleanála

Pobail a Chumasú agus Tacú leo/Borradh a Chumasú/Seirbhísí a Sholáthar

Bhain 257 tionscadal tairbhe as €925,000 faoi Thionscnamh an Chiste Forbartha




Bronnadh €296,000 ar thart ar 382 grúpa/tionscadal pobail ó Chiste Forbartha na mBall



Glacadh le Creat-PÁEP Comhtháite Dhún na nGall 2023-2029 i Márta 2024




Tarraingíodh maoiniú €2.43m anuas faoin Chiste Aitheantais Pobail 2023 agus fuarthas €3.29m faoi Chiste 2024




Bronnadh deontais oidhreachtacha €662,843 ar thart ar 60 tionscadal

Buaicphointí 2024

Gníomhú ar son na hAeráide a Phríomhshruthú/Acmhainn Eagraíochta a Fhorbairt



**Bronnadh €258,777 ar
129 tionscadal faoin
Chlár Feabhsúcháin
Áitiúil 2024**



2,451
iarratas ar fhorbairt
pleanála faighte
€736,630
de tháillí faighte
d'iarratais nua,
aighneachtaí agus
cuardaigh




**89% d'iarratais pleanála
seolta tríd an chóras
ríomhphleanála - an ráta
is airde glactha sa stát**

1,020
iarratas próiseáilte
faoi Scém Deontais
Athchóirithe Maoine
Foilmhe Croí
Cónaithe agus

734
faofa faoi dheireadh na
bliana agus 101 deontas
íoctha ar luach iomlán

€5.4m

**4 fhoireann baile bunaithe
i mBealach Féich/Srath an
Urláir, Bun Cranncha, na
Gleannta agus an Craoslach
le hidirghabháil athghiniúna
a chur i bhfeidhm**



Forbairt Pobail

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Dhún na nGall (CFPÁ)

Tá baill den earnáil phoiblí agus phríobháideach araon i gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Dhún na nGall agus chas siad ar a chéile deich n-uaire in 2024. Chuir an CFPÁ dhá chomhchruinniú ar bun freisin leis an CBS Seirbhísí Geilleagracha, Fiontraíochta agus Éigeandála i dtaca leis an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) a fhorbairt agus a cheadú.

Creat-PÁEP Comhtháite Dhún na nGall 2023-2029 a Fhorbairt

Ceann de na ról atá ag an CFPÁ is ea Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) sé bliana a ullmhú. Tá an PÁEP mar chuid de chreat beartais uileghabhálach de chuid Thionscadal Éireann 2040, ina gcuimsítear an Creat Pleanála Náisiúnta (an CPN), an Plean Forbartha Náisiúnta (an PFN), na Straitéisí Spásúlachta agus Geilleagracha Réigiúnacha (SRSEanna) agus Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach.

Is é cuspóir sonrach an PÁEP, faoi mar a leagtar amach sa chreat beartais seo, na cuspóirí agus na gníomhartha a leagan amach ar feadh tréimhse sé bliana, a theastaíonn chun forbairt gheilleagrach agus pobail laistigh den limistéar Údaráis Áitiúil ábhartha a chur chun cinn agus tacú leo, leis féin go díreach agus i gcomhar le páirtithe leasmhara eile geilleagracha agus forbartha eile. Agus amhlaidh á dhéanamh agam, tá na PÁEPanna ar cheann de na bunmheicníochtaí – ar leibhéal áitiúil – chun gníomhartha ábhartha a thabhairt chun cinn a eascraíonn as straitéisí agus beartais idir náisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil sainchúram áitiúil acu, agus tacú le comhoibriú chun caighdeán na beatha inár bpobail a mhéadú.

Ghlac an Chomhairle Iomlánach Iomlán le Creat-PÁEP Comhtháite Dhún na nGall i ndiaidh clár cuimsitheach rannpháirtíochta i Márta 2024

Eochaircháipéis é Creat-PÁEP Comhtháite Dhún na nGall do Chontae Dhún na nGall, ina gcuirtear creat ar fáil chun forbairt gheilleagrach, pobail, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn sa chontae. Leagtar amach ann Fís Chomhroinnte, ar chuir comhairliúcháin le páirtithe leasmhara pobail, reachtúla agus earnála bonn eolais faoi, ina bhfuil Spriocanna, Cuspóirí agus Gníomhartha chun acmhainní nádúrtha, daonna, agus caipitil an chontae a fhorbairt go hinbhuanaithe, ina n-aithnítear na dúshláin atá roimh an chontae i dtimpeallacht luaineach, éiginnte agus shíorathraitheach dhomhanda, agus ina lorgaítear dul i ngleic leis na dúshláin seo.

Thar aon ní eile, fiú, aithnítear sa PÁEP na buntáistí agus an acmhainn atá ann le haghaidh forbairt inbhuanaithe atá ar fáil i gContae Dhún na nGall, agus lorgaítear ann leas a bhaint as an acmhainn seo ar mhaithe leis an phobal. Lorgaítear sa Phlean seo contae nuálach, cruthaitheach, inrochtana, agus ionchuimsitheach a dhéanamh den chontae, ina gcuirtear deiseanna agus ardchaighdeán beatha ar fáil do gach cuid den phobal.

Forbairt Tuaithe/Clár LEADER

Soláthraíonn CFPÁ Dhún na nGall gné LEADER den Chlár Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe. Feidhmíonn an CFPÁ fosta mar Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta (GÁG) ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún na nGall mar Phríomh-Chomhpháirtí Airgeadais, agus lenár gceithre chomhpháirtí feidhmiúcháin, Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall, Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, Údarás na Gaeltachta agus Comhar na nOileán.

Cheadaigh CFPÁ Dhún na nGall, ina ról mar an GÁG, leithdháileadh iomlán de chistiú LEADER a bronnadh ar an chontae don chlár 2014-2022 ar thionscadail a mhol Coistí Measúnaithe na gComhpháirtithe Feidhmithe áitiúla. Sholáthair an GÁG Clár LEADER Idirthréimhseach leantach agus Clár EURI (Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh) freisin in 2022.

Síneadh an Clár Idirthréimhseach agus Clár EURI isteach in 2024 a cheadaigh don GÁG tionscadail bhreise a cheadú mar gheall ar chistí a tarraingíodh siar ó thionscadail a cheadaíodh roimhe seo agus chun go bhféadfadh comhpháirtithe obair le grúpaí maoinithe chun tionscadail áitiúla a chur i gcrích.

Clár LEADER 2023-2027 Nua

Ina cháil mar an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta (GÁG), riarfaidh an CFPÁ Clár LEADER nua trí Straitéis Forbartha Áitiúla LEADER 2023-2027. Bronnadh dáileadh €10.4m ar Dhún na nGall chun clár nua LEADER a sholáthar don tréimhse.

Osclaíodh Straitéis Forbartha Áitiúil LEADER nua seo le haghaidh léiriú spéise agus iarratas in Aibreán 2024 tar éis gur cheadaíodh an plean deiridh a forbraíodh trí imeachtaí comhairliúcháin ar fud an chontae i gcomhpháirtíocht leis na Comhpháirtithe um Chur i bhFeidhm. Cheadaíodh trí thionscadal déag in 2024 agus cheadaigh an GÁG €454,657, ar an iomlán, a dháileadh.

An Clár um Ghníomhachtú an Ionchuimsithe Shóisialta sa Phobal (SICAP) 2024-2028

Tá an LCDC freagrach as an gClár um Ghníomhachtú an Ionchuimsithe Shóisialta sa Phobal (SICAP) a riar, le clár nua don tréimhse 2024-2028. Meastar gurb ionann ciste an SICAP, ina bhfuil buiséad imfhálaithe chun tacaíochtaí a sholáthar do dhaoine nua atá tagtha isteach sa chontae, agus €17,873,774 i gcaitheamh fhad an chiste agus tá sé á chur i bhfeidhm ag na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla atá ag obair leis an CFPÁ i measc trí trí shuíomh faoi leith. Bainistítear suíomhanna an SICAP mar seo a leanas:

- o Suíomh 1: Inis Eoghain, á bhainistiú ag Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain.
- o Suíomh 2: Gaeltacht Dhún na nGall, á bhainistiú ag Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall CTR.
- o Suíomh 3: Dún na nGall, á bhainistiú ag Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall CTR.

Leanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall le cistiú an SICAP a riar thar ceann agus i gcomhréir le treoir an CFPÁ mar an príomh-chomhpháirtí airgeadais.

An Ciste Aitheantais Pobail 2023

Bhí mar chuspóir ag an Chiste Aitheantais Pobail 2023 tacú le bonneagar agus saoráidí pobail a fhorbairt mar aitheantas ar an rannchuidiú atá á thabhairt ag pobail fud fad na tíre i dtaobh na líonta móra daoine atá ag teacht anseo ón Úcráin agus ó thíortha eile a fháiltiú agus cóiríocht a sholáthar dóibh. Díriodh an cistiú go sonrach ar thionscadail atá lonnaithe i bpobail, i mbailte agus i sráidbhailte a bhfuil cóiríocht á soláthar acu do Thairbhíthe na Cosanta Sealadaí agus/nó d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta ('daoine nua atá tagtha isteach sa tír'), ar fud Dhún na nGall.

Tá mar aidhm ag an Chiste tacú le saoráidí a fhorbairt a úsáidfídh gach ball den phobal. Ní hionann a chuid cuspóirí agus a scóip agus aon sruthanna cistithe phoiblí eile agus tá sé á riar ag Comhairle Contae Dhún na nGall thar ceann CFPÁ Dhún na nGall. D'éirigh le hiarratais ó 51 Grúpa Pobail a lorg cistiú, a fuair cistiú iomlán €3,014,395. Faoi dheireadh 2024, b'ionann an méid iomlán a tarraingíodh anuas ón Roinn agus €2,439,588.46. Leanfaidh an clár seo de bheith á chur ar siúl isteach go luath in 2025 agus tá sé beartaithe na tionscadail eile a chur i gcrích faoi dheireadh ráithe 1.

Fuair roinnt clóis súgartha ar a ndéanann Comhairle Contae Dhún na nGall cothabháil cistiú faoin Chiste Aitheantais Pobail 2023. Rinneadh Clós Súgartha Waterworld i mBun Dobhráin, Clós Súgartha Bhaile Dhún na nGall agus Clós Súgartha Chaisleán na Finne a athchóiriú go hiomlán le trealamh súgartha nua a fhreastalaíonn ar leanaí i measc réimse aoiseanna agus cumais. Tosaíodh oibreacha chomh maith ar Chlós Súgartha na gCealla Beaga a athchóiriú, agus táthar le tosú ar Chlós Súgartha Bhóthar an Iarnróid i Srath an Urláir go luath in 2025.



Clós Súgartha a maoiníodh faoin CAP 2023 ag Ionad Cois

Babhta 4 de Chiste Éire Shláintiúil

Is é cuspóir Chiste Éire Shláintiúil 2023-2025 feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine daoine ar gach aois agus cumas a chónaíonn in Éirinn trí Phlean Gníomhaíochta Straitéiseach Éire Shláintiúil 2021-2025 a chur i bhfeidhm. Ceadaíodh buiséad €75,000 don bhliain 2023, €75,000 do 2024 agus buiséad €75,000 do 2025 do Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Dhún na nGall faoi Chlár Bhabhta 4 Éire Shláintiúil. Thacaigh CFPÁ Dhún na nGall le príomh-spriocghrúpaí in 2024 trí ghníomhaíochtaí áitiúla a soláthraíodh faoi Chlár Éire Shláintiúil.

Sheol Leas-Chathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall, an Comhairleoir Jimmy Kavanagh, Clár Súgartha Ghníomhaigh Éire Shláintiúil, a bhfuil de chuspóir aige rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp i measc leanaí a mhéadú trí acmhainn agus scileanna 'Ceannairí Súgartha' laistigh de phobail a fhorbairt. Cuirfear oiliúint agus tacaíocht ar fáil do Cheannairí Súgartha a sainaithníodh maidir le conas leanaí a spreagadh ina gceantar a bheith níos gníomhaí go fisiciúil trí mheán an tsúgartha.



Sa Phictiúr (ó chlé): Danny Gillespie, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall; Margaret Fitzgerald, Clár Éire Shláintiúil; an Comh. Jimmy Kavanagh, Leas-Chathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall; Paddy Doherty, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Forbairt Pobail, Comhairle Contae Dhún na nGall; Ciarán Martin, Clár Phobail Shláintiúla Sláintecare; Kirsty Browne, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall.

Úsáidtear aip ghutháin chliste sa Tionscadal Civic Dollars lena spreagadh níos mó ama a chaitheamh in acmhainní áitiúla amuigh faoin aer; múscailt agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine athrú iompraíochta a chruthú; sláinte a fheabhsú, gníomhaíocht choirp mhéadaithe a spreagadh, agus cabhrú le húsáideoirí páirt a ghlacadh ina bpobail.

D'fhógair Cathaoirleach CFPÁ Dhún na nGall, an Comhairleoir Niamh Kennedy, go sínfeadh an tionscadal Civic Dollars ar feadh tréimhse dhá bhliain sa bhreis tar éis gur éirigh go geal lena sheoladh piolótach in 2023.



An Comhairleoir Niamh Kennedy, Cathaoirleach CFPÁ Dhún na nGall sa phictiúr agus an Tionscadal Civic Dollars á sheoladh aici i dteannta (ó chlé) Stephen McPeake, POF Civic Dollars; Margaret Fitzgerald, Comhordaitheoir Éire Shláintiúil agus Paddy Doherty, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Forbairt Pobail, Comhairle Contae Dhún na nGall ag an Siúlán Cois Cladaigh, na Ceallá Beaga.

D'fhógair Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall, an tUasal John G. McLaughlin go sínfí an Tionscnamh Dínit Míostraithe i gcomhoibriú le Líonra Ionad Acmhainní Teaghlaigh Dhún na nGall. Tá mar aidhm ag an tionscnamh cabhrú le deireadh a chur le bochtaineacht mhíostraithe trí theacht a chur ar fáil ar tháirgí saor in aisce míostraithe, chomh maith le spásanna sláinteacha chun iad a úsáid iontu agus bainistiú dramhaíola sábháilte i bhfoirgnimh phoiblí inrochtana.

Is éard is ciall le bochtaineacht mhíostraithe ná nach féidir le duine íoc as táirgí míostraithe agus nach féidir leo teacht ar áiseanna sláintíochta agus sláinteachais agus ar oideachas agus feasacht chun sláinte mhíostraithe a bhainistiú. D'fhéadfadh nach mbíonn teacht orthu de bharr an chostais atá orthu, nó cúiseanna eile sóisialta nó cultúrtha. Cuirtear pointí rochtana ar fáil i gceanncheathrú agus ionaid seirbhíse poiblí Chomhairle Contae Dhún na nGall, agus i Líonra Ionad Acmhainní Teaghlaigh Dhún na nGall dár bpobail ar fud an Chontae.



Sa Phictiúr (ó chlé): Patsy Lafferty, Stiúrthóir Seirbhíse Tithíochta, Corparáideacha agus Cultúrtha, Comhairle Contae Dhún na nGall; Margaret Fitzgerald, Comhordaitheoir Éire Shláintiúil, Comhairle Contae Dhún na nGall; John G. McLaughlin, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún na nGall; Liam Ward, Stiúrthóir Seirbhíse Forbartha Pobail agus Pleanála, Comhairle Contae Dhún na nGall.

Clár Phobail Shláintiúla Sláintecare

Plean idirghníomhaireachta é Tionscnamh Phobail Shláintiúla Sláintecare le feabhas a chur ar shláinte agus folláine na bpobal is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa tsochaí. Baineann an clár 3 bliana, a thosaigh agus a chuir an CFPÁ ar siúl in 2022, le dhá limistéar i nDún na nGall: Inis Eoghain agus an Ghaeltacht. Soláthraíonn beirt Oifigeach Forbartha Pobail sna limistéir phíolótacha an clár, agus cuirtear Síolchistiú faoi seach €75,000 ar fáil in aghaidh an limistéir gach bliain, anuas ar chistiú le hóc as costais foirne. Síníodh Comhaontú Seirbhíse nua 5 bliana freisin leis an Roinn Sláinte, a thosóidh in 2025 a chuirfidh leis an obair go dtí seo. I measc na dtionscadal a soláthraíodh in 2024 bhí bus soghluaisteachta, cláir Shláinte agus Folláine d'fhir, Botháin na bhFear, tionscnaimh 'Cuir do Bhia Féin' sna Scoileanna Náisiúnta agus ceapóga ardaithe a fhorbairt in ocht nIonad Lae faoi stiúir an phobail.



Tionscadal ceapóg ardaithe atá maoinithe ag Sláintecare ag Ionad Lae Fhánada

An Ciste Aitheantais Pobail 2024

Tá mar aidhm ag an Chiste Aitheantais Pobail 2024 cur leis an obair a rinneadh faoin Chiste Aitheantais Pobail 2023 agus tá buiséad €3,291,917 aige agus tá na tionscadail go léir le críochnú faoi Shamhain 2026. Cuireadh maoiniú ar fáil do phobail lena úsáid i rith dhá thréimhse in 2024, a cheadaigh tionscadail a fhorbairt agus cuirtear deontais mhóra chaipitil ar fáil leis idir €50,000 agus uasmhéid €500,000 chun forbairtí agus tionscadail a sholáthar i mbailte agus sráidbhailte a rachaidh chun sochair an Phobail iomláin mar aitheantas ar an tacaíocht a léirigh siad do Dhaoine Nua atá Tagtha Isteach sa Tír.

An Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2024

Thacaigh an Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2024 le grúpaí, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste chun díriú ar oibreacha beaga caipitil/dheisiúcháin/fheabhsúcháin, agus le trealamh a cheannach lena úsáid ag an phobal, cosúil le rochtain níos fearr do dhaoine faoi mhíchumas; rannpháirtíocht an phobail a fheabhsú do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus imeallaithe agus éifeachtúlacht fuinnimh áiseanna pobail a fheabhsú le costais leanúnacha a laghdú.

Bhronn agus riar Comhairle Contae Dhún na nGall 129 deontas, ar an iomlán, thar ceann CFPÁ Dhún na nGall faoin Chlár Feabhsúcháin Áitiúil 2024, ar luach iomlán €258,777 agus rinneadh €43,129 a imfhálú do Ghrúpaí Ban.

An Tionscnamh ‘An Craoslach le Chéile’

D’iontráil an CFPÁ, thar ceann Chomhairle Contae Dhún na nGall, i gComhaontú Cistithe in 2023 le Cumann Phobal an Chraoslaigh agus leis an DRCD le cistiú €497,000 a dháileadh ar an Tionscnamh ‘An Craoslach le Chéile’ (Creelough Together). Dáiltear an cistiú seo i rith trí bliana agus, a bhuíochas leis an chistiú seo in 2024, osclaíodh ionad áitiúil agus cuireadh cistiú ar fáil chun íoc as costais reáchtála agus foirne chun Cúram Tréadach an Phobail, imeachtaí/féilte rannpháirtíocht an phobail agus tionscadail bhonneagair ar scála beag faoi Phlean an Chraoslaigh 2024-2027 a fhorbairt, a bhainistiú agus a mhaoirsiú.

An Clár Forbartha Pobail, an Clár Pobail a Chumasú agus Cistí na gCuntas Díomhaoin

Lean an CFPÁ i mbun oibre in 2024 leis an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe (an DCRC) ar roinnt scéimeanna a thabhairt isteach a forbraíodh i dtosach thar ceann na Roinne.

An Clár Pobail a Chumasú	Community Development Programme	Dormant Accounts Funds
Dírítear sa Chlár ‘Pobail a Chumasú’ ar roinnt limistéir níos lú atá thíos le dúshláin a dhéanann dif-ear do chaighdeán beatha na ndao-ine siúd a chónaíonn iontu. Láthair phíolótach é Oileán Árainn Mhór don Chlár agus riarann CFPÁ Dhún na nGall an cistiú bliantúil €120,000 don chlár agus leanann sé ag oibriú go dlúth le Cuideachta Forbartha Áitiúla (DLDC) Dhún na nGall, a bhfuil clár gníomhaíochtaí á soláthar acu don phobal ar an oileán.	Bhronn an DRCD cistiú ar sheacht n-eagraíocht iarratasóra in 2021 faoi Chlár Forbartha Pobail píolótach trí bliana €1 mhilliún le triail a bhaint as idirghabháil faoi stiúir an phobail a théann i ngleic le bochtaineacht, eisiaim sóisialta, neamhionannas agus a chuireann cearta daonna chun cinn. Cheadaíodh cistiú d’Ardán Idirchultúrtha Dhún na nGall faoin téama ‘Imircigh’ le dul i ngleic le ciníochas agus le hidirchultúrachas, cearta daonna, comhionannas agus ionchuimsiú a chur chun cinn ar fud Dhún na nGall. Déanann an CFPÁ maoirseacht airgeadais ar fhorbairt an tionscadail go háitiúil agus d’eisigh sé cistiú €125,000 ar Ardán Idirchultúrtha Dhún na nGall in 2024.	D’fhorbair an DRCD Plean Gníomhaíochta na gCuntas Díomhaoin 2023 chun dul i ngleic le bearta lena chinntiú go bhfuil an bonneagar pobail ionchuimsitheach agus fáilteach do dhaoine LADTI+. Dháil an DRCD cistiú €13,367 ar CFPÁ Dhún na nGall lena aistriú go Seirbhís don Ógra Dhún na nGall chun tacú le pobail LGBTI+ i rith 2024 agus lena chinntiú go n-úsáidfí an cistiú i gcaitheamh a n-oibre leis na gníomhartha a chur i bhfeidhm a chuimsítear sa Straitéis Náisiúnta LGBTI+.

Bainistíocht Cistí (Cistí Inmheánacha)

Ciste Forbartha na mBall

Rinneadh 609 dáileadh a chuaigh chun sochair 382 grúpa/tionscadal pobail ar fud an chontae ó Chiste Forbartha na mBall, ag a raibh buiséad €296,000 don bhliain 2024.

Tionscnamh an Chiste Forbartha

Dáileadh €925,000, ar an iomlán, ar 257 tionscadal/grúpa i measc na gcúig Cheantar Bhardasacha i rith 2024.

Clár Comhpháirtíochta PEACEPLUS

Fuair Comhpháirtíocht PEACEPLUS Chomhairle Contae Dhún na nGall cistiú faoi Chlár PEACEPLUS, Limistéar Infheistíochta 1.1 – Pleananna Gníomhaíochta Comhdheartha Áitiúla PEACEPLUS.

Forbraíodh Plean Gníomhaíochta PEACEPLUS Dhún na nGall in 2024 trí phróiseas rannpháirtíochta a comhdhearadh go háitiúil a lig do chónaitheoirí, baill den phobal, eagraíochtaí sóisialta agus deonacha a riachtanais, a dtosaíochtaí, agus a mbuarthaí a léiriú chun bonn a chur faoin Phlean.

Rachaidh 32 tionscadal cruthaitheach agus bunathraitheach, ar an iomlán, chun sochair go díreach do 7,635 duine trí leibhéal níos airde d'ionchuimsiú sóisialta a chothú, d'imeascadh trasphobail, agus d'idirghníomhú marthanach idir daoine ó phobail agus ó chúlraí cultúrtha agus polaitiúla éagsúla. Tá de chuspóir ag an Chlár caidreamh dearfach a fhorbairt agus difear suntasach a dhéanamh i dtaobh aghaidh a thabhairt ar réamhchlaonadh, tuiscint ar éagsúlacht agus ar dhea-chaidreamh a chur chun cinn ar mhaithe le sochaí níos ionchuimsithí a chruthú agus é ina thairbhe dúinn go léir go mbeidh todhchaí chomhroinnte agus níos fearr i ndán dúinn.

Ionchuimsiú Sóisialta

Lean an Chomhairle de bheith tiomanta in 2024 do thacú le tionscnaimh éagsúla ionchuimsithe shóisialta, Seachtain an Ionchuimsithe Shóisialta, Mórtas Ceantair agus réimse fairsing tionscadail éagsúla eile fud fad an chontae ina measc. Tá mar aidhm ag na tionscnaimh seo uileghabhálacht a chothú agus ceangail phobail a neartú ar fud Dhún na nGall.



Baill de Chomhairle Daoine Breacaosta Dhún na nGall sa phictiúr ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil Chlár Aoisbhá Dhún na nGall

Ghlac an tAonad um Ionchuimsiú Sóisialta le ról ceannais i dtaobh chur i bhfeidhm Straitéis Aoisbhá Dhún na nGall a chomhordú, atá á hathbhreithniú faoi láthair. Tá straitéis nua le seoladh in 2025, ina léirítear tosaíochtaí agus cuspóirí nuashonraithe. De bhreis air sin, lean an tAonad lena chuid oibre ar an Straitéis Ionchuimsithe Daoine Gorma agus Mionlaigh Eitnigh, a chinntíonn go ndéantar ionadaíocht do gach pobal agus uileghabhálacht dóibh.

Chríochnaigh Comhairle na nÓg, Dún na nGall a dtéarma in 2024, agus toghadh comhairle nua i Samhain. Rinne baill athbhreithniú i rith an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil ar phríomhábhair agus leag siad tosaíochtaí amach don chéad dá bhliain eile. Leanann Comhairle na nÓg de bheith ina hardán bunriachtanach comhairliúcháin, a chinntíonn go léirítear peirspictíocht na n-óg i mbeartais agus cleachtas na Comhairle.



Baill Chomhairle na nÓg, Dún na nGall atá ag dul as oifig sa phictiúr leis an Chomhairleoir Joy Beard, Cathaoirleach, an Chomhairleoir Niamh Kennedy, an Chomhairleoir Jimmy Kavanagh, an Chomhairleoir Gerry McMonagle agus ionadaithe ó Chomhairle Contae Dhún na nGall, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Obair d'Ógra Éireann agus Foróige

Comhchoiste Póilíneachta Dhún na nGall

Comhpháirtíocht idir an Rialtas (dá ndéanann comhaltaí na Comhairle agus feidhmeannaigh, agus comhaltaí an Oireachtais ionadaíocht), ár bpobail áitiúla (dá ndéanann LRP Dhún na nGall ionadaíocht) agus an Garda Síochána é Comhchoiste Póilíneachta Dhún na nGall.

Lean an Comhchoiste Póilíneachta lena thacaíocht a thabhairt in 2024 do Ghradaim Óige Gharda Síochána Dhún na nGall, a dhéanann ceiliúradh ar dhaoine óga idir aois 13 agus 21 bliain ar fud an chontae. Bronnadh na gradaim i gceithre chatagóir faoi leith i rith searmanais a cuireadh ar bun ag Óstán an Abbey, Baile Dhún na nGall, inar fhógair an Moltóir Éiteáin Cunningham, Cathaoirleach Choiste Moltóireachta Gradaim Óige Gharda Síochána Dhún na nGall agus inar léirigh sé onóir orthu.

Ba iad na buaiteoirí gradaim in 2024: Carmen Hernandez, Baile Dhún na nGall (Gradam Aonair); Seán Boyle, Árainn Mhór. (Gairmscoil Mhic Diarmada)(Gaisce Speisialta); Rang 3B, Scoil Mhuire, Bun Cranncha (Gradam Grúpa); Ambasadóirí an 5ú Bliana do Lá an Idirlín Shábháilte, Coláiste Cholm Cille, Srath an Urláir (Gradam Sábháilteachta Pobail); Conor Callaghan, Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth (Aitheantas Speisialta).

Cuireadh deireadh oifigiúil leis an Chomhchoiste Póilíneachta i Meitheamh 2024 mar chuid d'athchóirithe náisiúnta. Tá obair ar siúl anois leis an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil (LCSP) nua a chur i bhfeidhm, a chuirfidh le bunchlocha an Chomhchoiste Póilíneachta agus cur chuige níos dírithe ar an phobal á ghlacadh i leith sábháilteacht agus comhoibriú ar fud Dhún na nGall a fheabhsú.

Gradam Aonair



Carmen Hernandez, Baile Dhún na nGall

Aitheantas Speisialta



Conor Callaghan, Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth

Gradam Grúpa



Rang 3B, Scoil Mhuire, Bun Cranncha

Gaisce Speisialta



Seán Boyle, Árainn Mhór
(Gairmscoil Mhic Diarmada)

Gradam Sábháilteachta Pobail



Ambasadóirí na 5ú Bliana do Lá an Idirlín Shábháilte,
Coláiste Cholm Cille, Srath an Urláir

Seirbhísí Farantóireachta

Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall ranníocaíochtaí airgeadais in 2024 i dtreo dhá sheirbhís farantóireachta a oibriú: an Caisleán Nua-Aird Mhic Giollagáin (Bád Farantóireachta an Fheabhail) agus Bun Cranncha-Ráth Maoláin (Bád Farantóireachta Loch Súilí).

Rannóg na Gaeilge

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall tiomanta dá hoibleagáidí uile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 a chomhlíonadh.

Ceapadh Liam Ward, ball den Bhainistíocht Shinsearach agus Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha Pobail agus Pleanála, chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tuairisciú ar oibleagáidí Chomhairle Contae Dhún na nGall faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021.

Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall an méid seo a leanas le linn na bliana 2024 le comhlíonadh an Achta a chinntiú:

- o Cuireann Rannóg na Gaeilge tacaíocht laethúil ar fáil don fhoireann i Seirbhísí éagsúla na Comhairle ar fud an chontae a dteastaíonn uathu go n-aistrítear saothair i gcomhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla agus cuireann an Rannóg comhairle ar fáil do Sheirbhísí ar oibleagáidí na Comhairle faoin Acht.
- o Cuireann Rannóg na Gaeilge seirbhís aistriúcháin chomhuainigh ar fáil freisin ag cruinnithe/ceardlanna na Comhairle agus ag cruinnithe eile nuair a bhíonn na hacmhainní ar fáil. Cuireann an tseirbhís seo úsáid na Gaeilge chun cinn ag cruinnithe na Comhairle agus éascaíonn sí iad siúd nach bhfuil cur amach acu ar an Ghaeilge.
- o Cuireann Rannóg na Gaeilge ainmneacha Gaeilge ar fáil d'Fhorbairtí Tithíochta i gContae Dhún na nGall.

Aistritheoir Gaeilge

Mar aitheantas ar na hoibleagáidí atá le comhlíonadh faoin Acht, chuir Comhairle Contae Dhún na nGall fógra in airde le post Aistritheora thiomnaithe Gaeilge agus tá an próiseas earcaíochta ar bun.

An tIonad Seirbhísí Poiblí

An Clochán Liath, Leabharlann Phobal na Rosann, Leabharlann Ghaoth Dobhair agus An tSeirbhís Dóiteáin, Gaoth Dobhair - Cuirtear seirbhís ar fáil don phobal sna hoifigí seo atá bunaithe sa Ghaeltacht trí mheán na Gaeilge. Tá obair leanúnach ar bun lena chinntiú go gcomhlíonann an tIonad Seirbhísí Poiblí sa Chlochán Liath oibleagáidí iomlána an Achta.

An tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí, Baile na nGallóglaigh

Mar gheall gurb é seo an chéad phointe teagmhála don phobal leis an Chomhairle, cuirtear seirbhís ghutháin Gaeilge ar fáil san Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí. Tá nósanna imeachta á gcur i bhfeidhm le feabhas a chur ar an tseirbhís seo amach anseo.

Gearáin a Fuarthas

Rinneadh dul chun cinn suntasach chun comharthaíocht neamhchomhlíontach a cheartú ar bhóithre an chontae le tacaíocht ó Rannóg Seirbhísí Bóithre na Comhairle agus Aonad Turasóireachta na Comhairle. Tá go leor de na comhaid cháis dúnta anois ag Oifig an Choimisinéara Teanga.

Iniúchadh ar Chomharthaíocht

Rinneadh iniúchadh ar chomharthaíocht san Ionad Seirbhísí Poiblí i Leitir Ceanainn agus aithníodh roinnt comharthaí neamhchomhlíontacha. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag dul i mbun na mbeart riachtanach go léir chun na saincheisteanna a aithníodh a réiteach a luaithe agus is féidir.

Cruinnithe na Foirne Bainistíochta Sinsearaí le Rannóg na Gaeilge agus le Seirbhísí Eile Chomhairle Contae Dhún na nGall

Déanann Foireann Bainistíochta Sinsearaí na Comhairle idirchaidreamh go dlúth le Rannóg na Gaeilge agus le seirbhísí eile na Comhairle ar bhonn rialta chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm céimnitheach fhorálacha an Achta.

Coiste na Gaeilge

Tá Coiste na Gaeilge ag Comhairle Contae Dhún na nGall atá láidir agus tiomanta, ina bhfuil 12 Bhall Thofa, lena dtacaíonn Oifigigh na Comhairle, arb é a phríomhchuspóir cur chun cinn na Gaeilge agus an Chultúir Ghaelaigh laistigh den Chomhairle agus ar fud an chontae araon.

An Suíomh Gréasáin agus Preaseisiúintí

Rinneadh athchóiriú agus nuashonrú ar bhunsuíomh gréasáin na Comhairle, agus tá oibreacha ar bun lena chinntiú go mbeidh an suíomh gréasáin dátheangach a thapúla agus is féidir. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm freisin lena chinntiú go n-eisítear preaseisiúintí go dátheangach agus go comhuaineach.

D'eisigh Comhairle Contae Dhún na nGall thart ar 25 Preaseisiúint i nGaeilge.

Comhlíonadh na hoibleagáidí nua i rith 2024 faoi alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) ina gceanglaítear go ndéantar ar a laghad 20% (10A (1)(b)) den fhógraíocht go léir i nGaeilge. Shásaigh Comhairle Contae Dhún na nGall an oibleagáid fosta go gcaitear 5% den chaiteachas ar fhógraíocht bhliantúil ar fhógraíocht trí mheán na Gaeilge mar a fhorordaítear fosta faoi alt 10A (1)(b).

Bun Dobhráin mar Cheann Scríbe Turasóireachta

Críochnaíodh píosaí de shaothar poiblí ar na trí phríomhthimpeallán isteach (an Tulachán/Droim an Chrainn/Fionnúir) go Bun Dobhráin i Márta 2024 ar chostas €172,000. Tosaíodh an dara gné d'oibreacha ríochta poiblí ar a raibh luach €447,000 fosta in 2024 ar roinnt lánaí i mBun Dobhráin chun nascacht do choisithe a fheabhsú idir an Phríomhshráid, an limistéar Cois Cladaigh agus an phríomhthrá, chomh maith le hoibreacha chun treochoimharthaíocht a fheabhsú go dtí príomhthí is díol spéise do thurasóirí agus do chonláistí timpeall an bhaile. Tá gach gné den tionscadal seo dírithe ar an turasóireacht a chur chun cinn i mBun Dobhráin agus barr feabhais a chur ar an eispéireas cuartaíochta. Rinne Fáilte Éireann agus Comhairle Contae Dhún na nGall an tionscadal seo a pháirtchistiú.



Tionscadail Chaipitil – Forbairt Pobail

Plean Bainistíochta Cuairteoirí Chionn Mhálanna

Cuireadh forbairt agus cur i bhfeidhm Plean Bainistíochta Cuairteoirí do Phointe Sár-Radhairc Chionn Mhálanna ar bun in 2019. Múnlóidh an Plean forbairt amach anseo i gCionn Mhálanna sna blianta amach romhainn. Cuireadh moill ar ullmhú iarratas pleanála leis an phlean a fhorbairt agus leanann idirbheartaíocht le húinéirí talún chun rochtain a fháil ar a dtailte. Tá an Chomhairle tiomanta do thógáil Chéim 1 a thabhairt chun cinn faoi réir faomhadh pleanála a fháil agus ar feitheamh cistiú a bheith ar fáil.

Scéim Síondíonta agus Bonneagair Dáilte Bia faoin Aer an Údaráis Áitiúil

Críochnaíodh oibreacha in 2024 ag an limistéar nua dáilte bia faoin aer taobh le hAmharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn agus rinneadh oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta/inrochtaineachta ar phríomhbhealach isteach na hamharclainne. Fuair Comhairle Contae Dhún na nGall cistiú €137,000 faoi Scéim Feabhsúcháin Síondíonta agus Bonneagair Dáilte Bia faoin Aer ó Fháilte Éireann, agus chuir Comhairle Contae Dhún na nGall leis an tionscadal fosta.



Ardáin le haghaidh Fáis (Platforms for Growth) – Fáilte Éireann

Leanadh ar aghaidh le forbairt na n-ionad saoráidí do ghníomhaíochtaí spóirt uisce i mBun Dobhráin agus sna Dúnaibh arna maoiniú faoi 'Ardáin le haghaidh Fáis' de chuid Fháilte Éireann a chur chun cinn in 2024. Ceapadh foirne dearaidh chomhtháite faoi stiúir ailtire don dá thionscadal ina bhfuil dearáí á bhforbairt chun eolas a chur ar fáil d'iarratais pleanála chuimsitheacha a chuirfear faoi bhráid an Bhoird Pleanála faoi lár 2025.

Páirc an Phobail, Srath an Urláir a fhorbairt

Chuir an Chomhairle fáil talún i gcrích ag Droim Bó, Srath an Urláir agus cheap sí foireann dearaidh faoi stiúir ailtire in 2024, ar bronnadh cistiú orthu a dáileadh faoi Bhearta Forbartha na Scéime Athnuachana Baile agus Sráidbhaile 2022, chun máistirphlean na páirce pobail a thabhairt chun cinn agus tabhairt faoi dhearadh mionsonraithe agus ullmhú cáipéisí tairisceana dá forbairt i gcaitheamh roinnt céimeanna nuair a fhógrófar glaonna breise náisiúnta ar chistiú.

Tionscadal Spóirt Eachtraíochta Uirbigh

Cheadaigh Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair faoi Scéim Deontais na Lárionad Ainmnithe Uirbeach cistiú €357,000 do Chomhairle Contae Dhún na nGall go luath i Lúnasa 2022 le ‘Pump-raon’, ‘Spás Taispeána’ agus ‘Limistéar Gníomhaíochtaí’ a sholáthar i bPáirc Bhaile Bernard McGlinchey i Leitir Ceanainn. Bhronn an Chomhairle cistiú meaitseála 50%. Críochnaíodh gnéithe ‘Pump-raon’ agus ‘Spás Taispeána’ an tionscadail in 2023 agus críochnaíodh ‘an Limistéar Gníomhaíochtaí’ in 2024.

Clóis Súgartha atá á gCothabháil ag Comhairle Contae Dhún na nGall

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall freagrach as 66 áis a bhainistiú agus a rialú, a bhfuil 51 clós súgartha, 4 limistéar ilúsáide cluichí, 9 halla gleacaíochta faoin aer, 1 pháirc scátála agus 1 phump-raon ina measc ar fud an chontae. Anuas ar an chlár cothabhála rialta deisiúcháin agus cigireachtaí sábháilteachta, bhronn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú €16,222 d’oibreacha ar Chlós Súgartha Árainn Mhór. Bhronn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige cistiú fosta i dtreo athchóiriú iomlán Chlós Súgartha Pháirc an Mheall i mBéal Átha Seanaidh.



Scéim Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh (2020-2023)

Bliain	Sonraí
2020 (Beart 3)	Siúlán Iarnróid na Muaise - tá sainchomhairleoir droichid agus dearadh mionsonraithe ar na hoibreacha ar bun i gcomhar le rannpháirtíocht an úinéara talún agus titfidh conraitheoir a sholáthar chun tabhairt faoin gcéim seo, oibreacha athsholáthair droichid san áireamh, amach ina dhiaidh sin. Tá súil leis go gcuirfear an chéim seo i gcrích faoi dheireadh na bliana 2025.
2021 (Beart 2 agus 3)	Bronnadh cistiú ar chéim bhreise de thionscadal Shiúlán Iarnróid na Muaise faoi Bheart 2 na Scéime Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh 2021. Tosaíodh leis an obair ar an tionscadal seo in 2023 agus cuireadh i gcrích í in 2024. Bronnadh cistiú ar thionscadal chosán ardtalún Eispéireas Aillte Shliabh Liag faoi Bheart 3 na Scéime Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh 2021. Tosaíodh leis an obair thógála ar an tionscadal seo in Eanáir 2024 agus cuireadh i gcrích í go déanach i Meitheamh 2024.
2022 (Beart 1 agus PDM)	Bronnadh cistiú ar chúig thionscadal faoi Bheart 1 na Scéime Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh 2022, a fógraíodh i Lúnasa 2022. Cuireadh tionscadail i gCionn Caslach, Kirkstown (Leitir Ceanainn), Siúlán Eastát Ros Uí Longáin (Baile Dhún na nGall) i gcrích go hiomlán agus meastar go gcuirfear tionscadal Shlí na Finne (Bealach na Gaeltachta) i gcrích go hiomlán i ráithe 1 2025. Bronnadh cistiú ar dhá thionscadal faoi Bheart Forbartha Tionscadail na Scéime Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh 2022, agus tá oibreacha le cur i gcrích i ráithe 2/3 2025.
2022 (Beart 2 agus 3)	Bronnadh cistiú ar dhá thionscadal faoi Bheart 2 na Scéime Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh 2022, agus faoi Bheart 3: Siúlán Cladaigh Bhun an Phobail agus an Siúlán ó Charraig Airt go dtí na Dúnaibh. Tá súil leis go gcuirfear na hoibreacha ar an dá thionscadal i gcrích in 2025.
2023 (Beart 1, 2 agus 3)	Bronnadh cistiú ar ocht dtionscadal faoi Bheart 1, 2 agus 3 na Scéime Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh 2023. Tá súil leis go gcuirfear na tionscadail go léir i gcrích in 2025.
2023 (PDM)	Bronnadh cistiú ar dhá thionscadal faoi Bheart Forbartha Tionscadail na Scéime Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh 2023: Bealach Loch Súilí – Siúlán Cois Abhann agus Eastát Bhéal Átha Conaill agus Gairdíní an Fháil Charraigh.

Scéimeanna Athnuachana Baile agus Sráidbhaile (2022-2024)

Bliain	Sonraí
2022 (An Phríomhscéim agus PDM)	Bronnadh cistiú ar chúig bhaile agus shráidbhaile faoin Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile 2022 - an Phríomhscéim agus bronnadh cistiú ar láthair amháin faoin Bheart Feabhsúcháin Sráid-Dreacha (SEM) agus bronnadh cistiú ar thionscadal eile faoin Bheart Forbartha Tionscadail (PDM). Cuireadh an obair i gcrích i Leifear, an Clochán Liath agus Carn Domhnach agus tá dul chun cinn á dhéanamh ag an obair i gConnmhaigh, Mainéar Uí Chuinneagáin agus Srath an Urláir (PDM) agus tá tionscadail le cur i gcrích i ráithe 1/ráithe 2 2025.
2023 (An Phríomhscéim)	Bronnadh cistiú ar thrí bhaile agus shráidbhaile ar fud an chontae faoin Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile 2023 - (an Phríomhscéim). Tá dul chun cinn á dhéanamh ag obair ar gach ceann de na trí thionscadal, is é sin, Ros na Cille, Leathaigh agus Toraigh, agus tá súil leis go gcuirfear an obair i gcrích i ráithe 4 2025, agus i ráithe 2 2026 don tionscadal ar Thoraigh.
2024 (PDM)	Bronnadh cistiú ar dhá bhaile faoi Bheart 2024 Dhún Lúiche agus Ard an Rátha de chuid na Scéime Athnuachana Baile agus Sráidbhaile 2024. Baineann an tionscadal i nDún Lúiche le mol cuairteoirí a fhorbairt don Earagail. Measúnófar sa tionscadal in Ard an Rátha ionad ealaíon cultúrtha tiomnaithe a fhorbairt.



Ceantair Laga Árd-Riachtanais CLÁR (2023-2024)

Bliain	Sonraí
2023 (Beart 1)	Fuair cúig thionscadal déag cistiú faoi Bheart 1 den Scéim CLÁR. Críochnaíodh cúig cinn de na tionscadail in 2024 agus tá na tionscadail eile le críochnú i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha i ráithe 1/2 2025.
2024 (Beart 1)	Fuair cúig thionscadal déag cistiú faoi Bheart 1 den Scéim CLÁR. Tá oibreacha á dtosú ar na tionscadail seo agus meastar go gcuirfear na tionscadail go léir i gcrích i ráithe 1/2 2026.

Freagairt um Dhídeanaithe - Imeascadh agus Imirce

D'fhoilsigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an DCEDIY) Páipéar Bán in 2021 chun deireadh a chur le Soláthar Díreach agus Seirbhís Tacaíochta um Chosaint Idirnáisiúnta nua a bhunú. Príomhghéalltanas sa Pháipéar a bhí i bhfairsingiú na samhla reatha imeasctha agus córas buan imeasctha a bhunú ar leibhéal áitiúil chun tacaíocht a sholáthar do dhídeanaithe (dídeanaí cláir agus tairbhíthe cosanta sealadaí) agus d'iartrasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta.

D'oibrigh an DCEDIY go dlúth le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (31 Príomhfheidhmeannach Údarás Áitiúil), an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chun samhail nua bhuan d'imeascadh a fhorbairt agus a aontú a chuirfí i bhfeidhm san Údarás Áitiúil.

Bunaíodh an Fóram Freagartha Pobail in 2024, tar éis gur tugadh an sainchúram nua fairsingithe imeasctha isteach sna hÚdaráis Áitiúla. Tá an Fóram faoi stiúir John McLaughlin, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall agus tá príomhpháirtithe leasmhara ann, an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Tusla, BOO Dhún na nGall, ATU, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus Comhpháirtíochtaí Forbartha Áitiúla ina measc.

Bunaíodh na Foirne Lánpháirtíochta Údarás Áitiúil (LAITanna) in 2024 mar fhoghrúpa an Fhórait. Is é ról an LAIT tacú le daoine agus iad a chumasú imeascadh isteach i sochaí na hÉireann agus braistint chómhuintearais agus ionchuimsithe a chothú. I measc na tacaíochta, cuirtear rochtain agus treoir ar fáil maidir le tacaíochtaí teanga, fostaíochta, oideachais, agus sláinte.

Oibríonn LAITanna faoin phrionsabal 'Imeascadh ón gCéad Lá'. Ciallaíonn seo go gcuireann LAITanna tacaíocht imeasctha ar fáil do dhaoine óna dteastaíonn sí a luaithe a thagann siad go hÉirinn.

Cuireann Foireann Dhún na nGall atá lonnaithe san Údarás Áitiúil eolas agus comhairle ar fáil ar ábhair éagsúla trí chlinicí, coinní aghaidh ar aghaidh, ar líne agus ag seisiúin eolais.

An Clár um Theach a Thairiscint

Seoladh an Clár um Theach a Thairiscint in 2022 agus tá sé á bhainistiú ag Údaráis Áitiúla thar ceann an Rialtais Áitiúil agus tá sé á chomhordú ag an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Impíonn Comhairle Contae Dhún na nGall faoin tionscnamh seo orthu siúd a bhfuil maoin gan áitiú acu iad a thairiscint mar thithe sealadacha dóibh siúd atá ag éalú ón chogadh san Úcráin. Cláraíodh 754 tionónta in 2024 in 247 áit chónaithe i nDún na nGall faoin Chlár 'Teach a Thairiscint', atá á éascú ag an Fhoireann Freagartha um Dhídeanaithe.

Bainistíonn na hOifigigh Mheaitseála agus Chaidrimh Dídeanaithe an phunann mhaoine atá á cur ar tairiscint agus gach gné de chomhaontuithe athlonnaithe, caidreamh le páirtithe leasmhara, comhaontuithe ceadúnais, cóid iompair, éigeandálaí, gearáin, bogadh isteach, bogadh amach, agus foirceannadh ina measc. Déanann siad cinneadh faoi oiriúnacht mhaoine trí thabhairt faoi chigireachtaí, agus daoine agus teaghlaigh a mheaitseáil le haghaidh socrúcháin i maoin de réir mar a chuirtear ar fáil iad. Cuirtear tacaíocht ar fáil chun caidreamh dearfach a fhorbairt agus chun cuidiú leo siúd atá ag lorg cóiríochta.

Leanann an Fhoireann le cur chuige ionchuimsitheach a sholáthar do dhaoine a bhfuil á maoin á cur ar fáil acu agus cinntíonn siad go ndéantar bainistiú cumasach ar an phróiseas.

Braitheann ceann de phríomhghnéithe an imeasctha pobail ar thábhacht na cóiríochta. Oibríonn an Fhoireann um Theach a Thairiscint go dlúth leis an LAIT lena chinntiú go gcuirtear Tairbhíthe na Cosanta Sealadaí (an Úcráin) ar an eolas ar na tacaíochtaí riachtanacha uile atá ar fáil dóibh.

An Rannóg Seirbhísí Pleanála

Bhí leibhéal ard gníomhaíochta ar fud na seirbhíse in 2024 agus bhí éileamh comhsheasmhach ann ar sheirbhísí i measc na bpríomhfheidhmeanna Pleanála.

Theastaigh tiomantas leanúnach ón tseirbhís ó oibleagáidí reachtúla nua agus atá ag teacht chun cinn (e.g. Cáin ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe) as athruithe ar an reachtaíocht phleanála (an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024), an t-athbhreithniú ar an Chreat Náisiúnta Pleanála, agus ríomhphleanáil a chur i bhfeidhm i rith 2024 agus ar bheartas náisiúnta.

Thit an chéad imeacht comhoiliúna amach in 2024 le comhghleacaithe i Seirbhís Pleanála Chomhairle Cathrach Dhoire agus Comhairle Ceantair an tSratha Báin a rinneadh i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Díríodh san imeacht ar shaincheistean a bhí i gceist sa dá dhlínse, athrú aeráide agus na creataí beartais pleanála sa dá limistéar údaráis áitiúil. Beartaítear go leanfaidh an fóram seo de bheith ina imeacht bliantúil ina ndírítear ar dhúshláin choiteanna.



An tAonad Forfheidhmiúcháin

Tháinig méadú 20% ar chásanna nua forfheidhmithe in 2024 agus, go mór mór, tháinig méadú 79% fosta ar an líon cásanna a dúnadh in 2024. Gné shuntasach d'fheidhm na Seirbhíse Pleanála atá sa treocht aníos leanúnach sna líonta gearán agus riar cásanna nua san Aonad Forfheidhmiúcháin. Leanann líon substainteach cásanna stairiúla neamhréitithe de bheith ann agus díreann sa riar cásanna seo, trí chéile, ar dhul i ngleic le gearáin reatha nach bhfuil 'faoi urchosc reachta' mar gheall ar imeacht ama, agus a lorg chun gearáin chomhaimseartha neamhúdaraithé forbartha ar bhealach tráthúil cibé acu trí idirbheartaíocht nó trí dhul i muinín chóras na cúirte.

Is í próifíl riar cásanna an Aonaid Forfheidhmiúcháin in 2024:

Cásanna Nua	Cásanna a Dúnadh	Rabhadh Eisithe	Fógraí Forfheidhmithe Eisithe	Imeachtaí Tosaithe
245	212	296	106	15

An tAonad Pleanála Lárnai (Pleanail chun Cinn)

Príomh-Gharspriocanna Tionscadail:

- o Tosaíodh in Eanáir 2024 le Plean Leitir Ceanainn agus leis an Phlean Iompair Áitiúil 2023-2029.
- o Glacadh leis an Dréachtphlean Forbartha Contae (an PFC) (ina gcuimsítear Pleananna Ceantair do Bhun Cranncha, Bealach Féich agus Srath an Urláir; agus Bun Dobhráin), 2024-2030). Tá an PFC faoi réir Dréacht-Ordachán ón Aire ar cheisteanna áirithe atá á meas ag an Aire. Tá súil leis go gcuirfear an próiseas seo i gcrích ar bhunú an Rialtais nua agus ar a cheapadh Aire.
- o Cáin ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe (RZLT) – foilsíodh Dréachtléarscáil agus comhairliúchán poiblí gaolmhar (Feabhra), agus foilsíodh Léarscáil Deiridh (Nollaig). Clár bliantúil é seo a chinntíonn go dtagann an RZLT le beartas um úsáid talún pleanála.


Ríomhpheanáil

Cuireadh an córas ríomhpheanála a chuireann ar chumas iarratais pleanála a sheoladh go digiteach ar líne in Eanáir

2024. Is é ráta úsáide na seirbhíse ríomhpheanála faoi láthair san earnáil 89% de na hiarratais go léir a fuair an tSeirbhís Pleanála. Tá seo ar cheann de na rátaí úsáide is airde den chóras ríomhpheanála sa Stát. Athbhreithníodh cleachtais inmheánacha agus leantar le hiad a nuashonrú lena chumasú iarratais ríomhpheanála agus iarratais thraidisiúnta chruachóipe araon a riar. D'éascaigh an tSeirbhís Pleanála roinnt seimineáir ar líne le gníomhairí agus ailtirí chun an córas nua a thabhairt isteach agus chuir seo le hardleibhéal úsáide a bhaint as an phróiseas nua is ábhar spreagtha.

An tAonad Iarratas Forbartha

Fuarthas 2451 iarratas nua pleanála, ar an iomlán, in 2024.



Anuas air sin, fuair an tSeirbhís 284 fiosrúchán foirmiúil réamhpheanála, ar an iomlán, in 2024. Déantar thart ar 5,000 iarraidh ar an tseirbhís (an guthán, ríomhphost, duine le duine) leis an tseirbhís gach bliain, a léiríonn an tiomantas leanúnach do sheirbhís chomhairleach a sholáthar don phobal.

Ábhar suntais sa mhéadú ar na líonta iarratais pleanála is ea na 208 iarratas pleanála a bhaineann le Bloic Choincréite Lochtacha a fuarthas i rith 2024. Is ionann seo agus méadú thart ar 79% i gcomparáid le líon 2023. Tá fás tagtha bliain ar bhliain ar an treocht seo agus tuigtear gur dóchúil go leanfaidh sé ag fás agus mar thiomantas na seirbhíse, rinneadh cinneadh ar gach iarratas bailí laistigh de na hachair ama reachtúla agus leanfar ag caitheamh leo mar chásanna tábhachtacha don Chontae.

Chuir an tSeirbhís Pleanála 104 iarraidh chun cinn ar thuairimí foirmiúla fosta ar stádas díolmhaithe forbartha áiteanna cónaithe a ndearnadh dífeor dóibh faoi fhorálacha ‘an Achta um Leasúchán ar Theaghaisí a nDearnadh Damáiste Dóibh mar gheall ar Úsáid Bloc Coincréite Lochtach, 2022’.

An tSeirbhís Caomhantais

Leanann an tSeirbhís Caomhantais le seirbhísí comhairleacha díreacha a sholáthar d’úinéirí maoine foirgneamh oidhreachta ar fud an chontae agus tá baint mhór aici i dtaobh cistiú lárnach a fháil do thionscadail oidhreachta rithabhachtacha agus tarraingíodh €662,834, ar an iomlán, anuas do thart ar 60 tionscadal oidhreachta áitiúla.

Leagtar sonraí amach faoi luach na sruthanna cistithe siúd in 2024 sa tábla thíos, agus dáileadh €714,133, ar an iomlán, agus tarraingíodh €662,834.07, ar an iomlán, anuas.

	An tIomlán a Dáileadh	An tIomlán a Tarraingíodh Anuas		An tIomlán a Dáileadh	An tIomlán a Tarraingíodh Anuas
An Ciste Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha	€96,000	€94,701.07	Tionscnamh na mBailte Stairiúla	€350,000 (cistiú meaitseála breise €150,000 curtha ar fáil)	€350,000
Tuí Imfhálaithe (BHIS)	€87,133	€87,133	Rigí Tuíodóireachta, Port Nua	€20,000	€20,000
Ciste na Struchtúr Stairiúil	€153,000.00	€103,000 (Rinneadh tionscadal amháin a dheighilt i gcaitheamh dhá bhliain agus tarraingeofar an dáileadh eile €50,000 anuas ag Cáisc 2025)	An Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí	€8,000	€8,000

An tAonad Athghiniúna agus Forbartha

Dírítear i gclár oibre na Foirne Athghiniúna agus Forbartha ar chistiú a fháil do thionscadail chlaochlaitheacha faoin Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus Uirbí; tionscnaimh Croí Cónaithe a riar chun dul i ngleic le maoín fholamh agus le dearóiliú sa chontae agus an Beartas Tús Áite do Láir Bhailte a chur i bhfeidhm le láithreacha beoga agus mealltacha le hoibriú agus le maireachtáil iontu agus le cuairt a thabhairt orthu a chruthú.

An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF)

Glaotear ar chistiú, de ghnáth, faoin Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) gach bliain agus is féidir le hÚdarás Áitiúla iarratas a dhéanamh ar thrí thionscadal, ar a mhéid. Faightear an cistiú faoi réir riachtanas comhchistithe ón údarás áitiúil, ar féidir le idir 10% agus 25% de luach an tionscadail a bheith i gceist leis.

D’éirigh leis an Chomhairle i rith 2024 cistiú €12.1m a fháil do Thionscadal Athghiniúna an Chraoslaigh faoin chúigiú glaoch ar chistiú faoin Chlár seo do Chatagóir 1 - tionscadail chaipitil/atá réidh don tsluasaid. Aistríodh an tionscadal anois go dtí ár gcomhghleacaithe san Aonad Soláthair Tionscadal Caipitil chun an tionscadal caipitil a chur chun cinn trí dhearaí agus tógáil mhionsonraithe. Is é €13.5m luach iomlán an tionscadail.

Tionscadal Athghiniúna Ráth Maoláin (Pobal agus Oidhreacht)

Comhpháirtíocht atá sa tionscadal seo le Ráth Maoláin - an Bealach chun Cinn CLG (Rathmullan The Way Forward CLG) agus tá sé dírithe ar Dhún an Bhataire, Mainistir Ráth Maoláin agus ar thogra do mhol nua pobail. Ar an drochuair, níor éirigh leis an tionscadal cistiú a fháil faoi Chúigiú Glaoch an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF). Osclaíodh glaoch ar chistiú chatagóir 2 faoin RRDF, mar sin féin, go déanach in 2024 agus tá an Chomhairle ag obair chun an tionscadal a chur ar aghaidh chuig an ghlaoch seo ar chistiú faoin spriocdháta i Márta 2025 do chistiú forbartha tionscadail leis an tionscadal a chur chun cinn.

Plean um Thús Áite do Láir Bhailte Bhaile na nGallóglach

Foilsíodh Plean um Thús Áite do Láir Bhailte Bhaile na nGallóglach go déanach in 2023. Thosaigh na sainchomhairleoirí obair i rith 2024 chun toiliú pleanála a fháil d’fhorbairt talún ag Mount Marian, a aithníodh mar thionscadal a dtugtar tús áite dó sa Phlean, chun ullmhú do ghlaoch ar chistiú. Tá an obair seo ar bun agus bhain idirchaidreamh forleathan leis an phobal agus le páirtithe leasmhara áitiúla leis. Beartaítear le forbairt na dtailte páirc shúgartha, spás taibhithe, foirgneamh moil imeachtaí pobail/spóirt, carrpháirceáil, limistéar coillearnaí agus gairdíní/cuibhrinn phobail a chur san áireamh.

Ar Ais go Béal Átha Seanaidh

Fuarthas cistiú €185,625 le tionscadal claochlaitheach a fhorbairt le creatlach shóisialta, chultúrtha, stairiúil, fhisiciúil agus gheilleagrach lár bhaile stairiúil Bhéal Átha Seanaidh a athfhuinnmhiú, a athshamlú agus a chothú. Leasaíodh scóip an tionscadal go déanach in 2024 le maoin fholamh agus thréigthe ar Shráid an Choláiste, Béal Átha Seanaidh anuas ar Chlós an Mhargaidh a chur san áireamh. Leanann an fhoireann ag obair i dtreo scéim pleanála a fhoilsiú leis an tionscadal a shuíomh do ghlaoch ar chistiú Chatagóir 1 an RRDF amach anseo d'oibreacha caipitil.

Tionscadal Athghiniúna Pobail an Chraoslaigh

D'éirigh i mBealtaine 2024 le hiarratas ar chistiú faoi Ghlaoch 5 den RRDF do Thionscadal Athghiniúna Pobail an Chraoslaigh agus bronnadh cistiú ar luach iomlán tionscadail €13.5m. Tá foirgneamh moil pobail nua, páirc phobail agus raon caitheamh aimsire, gairdíní pobail, páirc shúgartha, cuibhrinn, suíochánra faon aer agus spás taibhithe sa tionscadal. Tá an tionscadal á thabhairt chun cinn faoi láthair ag ár bhfoireann san Aonad Soláthair Tionscadal Caipitil.



Léaráid Ealaíontóra de Thionscadal Athghiniúna Pobail an Chraoslaigh

Mionoibreacha Turasóireachta an Chraoslaigh

Fuarthas cistiú faoi Mhionoibreacha Turasóireachta chun tabhairt faoi oibreacha feabhsúcháin ag An Gairdín, an Craoslach. Tá an obair seo á tabhairt chun cinn ar bhonn intí lenár bhfoireann ailtireachta féin agus táthar le hoibreacha a thosú i ráithe 1 2025.

Forbairt Thionscadal an Chlocháin Léith – Coirnéal Mhic Shamhráin

Seoladh Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Athghiniúna an Chlocháin Léith go foirmiúil i Meán Fómhair 2022 agus fuarthas cistiú tríd an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2024 chun tionscadal a dtugtar tús áite dó a chur chun cinn a aithnítear sa phlean a fhad le hullmhacht tionscadail do ghlaonna cistithe an RRDF amach anseo. Tá an Chomhairle ag obair faoi láthair chun tairiscint a chur amach d'fhoireann dearaidh chomhtháite leis an tionscadal seo a chur chun cinn.

Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Athghiniúna Bhun an Phobail

Ceapadh GM Design Associates Limited i mBealtaine 2024 chun cuidiú le hullmhú Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Athghiniúna Bhun an Phobail, a chistítear tríd an Chiste Athnuachana Baile agus Sráidbhaile. Cuireadh imeacht comhairliúcháin phoiblí ar bun i Meán Fómhair 2024 leis na tionscadail athghiniúna a dtugtar tús áite dóibh a aithint agus tá an Fhoireann ag obair leis an chéad dréacht a ullmhú, go ndéanfar idirchaidreamh agus comhairliúchán breise leis an phobal ina thaobh.

Plean um Thús Áite do Láir Bhailte na nGleannta

Bronnadh €30,000 ar an Chomhairle in 2024 chun Plean um Thús Áite do Láir Bhailte na nGleannta a ullmhú. Ceapadh GM Design Associates Limited i Meán Fómhair 2024 chun cuidiú leis an Phlean a ullmhú agus tá tús curtha le cruinniú luath-thionscnaimh lenár mBaill Thofa, Foireann Bhaile na nGleannta.



Príomhshuíomh Straitéiseach ag Ceathrú na hArdeaglaise

An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF)

Lean an Fhoireann Athghiniúna agus Forbartha leis na tionscadail a thabhairt chun cinn a chistítear faoi Ghlaonna 1 agus 2 den Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach agus le tionscadail a shuíomh do dheiseanna cistithe amach anseo.

Scéim Dromchla Chomhroinnte Pháirc Cheathrú na hArdeaglaise agus Lána an Teampaill

Chuir an Chomhairle tairiscint amach in 2024 d'fhoireann faoi stiúir ailtire chun mol cruthaitheach a dheardh, le fearann páirce glas uirbeach, feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí agus le hathearraíocht a bhaint as foirgneamh folamh a chistítear faoin mbeart seo, a dheardh laistigh de Cheathrú na hArdeaglaise, Leitir Ceanainn. Bronnadh an tairiscint ar Hall Black Douglas Architects a thosaigh oibreacha leis an tionscadal a thabhairt chun cinn agus toiliú pleanála a fháil. Fuair an Chomhairle príomhshuíomh straitéiseach a theastaíonn don fhorbairt, trí chomhaontú leis an úinéir, agus tá idirchaidreamh le húinéirí talún eile leis na tailte riachtanacha a éadail ar bun.

Athnuachan ar an Phríomhshráid Íochtarach, Leitir Ceanainn

Fuarthas luachálacha breise i rith 2024, agus rinneadh tairiscintí éadála talún le maoin fholamh a éadail ar an Phríomhshráid Íochtarach mar chuid den straitéis athghiniúna níos fairsinge. Tá an obair seo ar bun.

Athbheochan an Tí Cúirte

Ceapadh EPIC Heritage Consulting Limited i rith 2024 le hullmhú Plean Eispéiris Cuartaíochta/Plean Sainaitheanta Táirgí agus Plean Gnó a thabhairt chun cinn chun ní is díol mór spéise do chuairteoirí a fhorbairt ag an Teach Cúirte, Leitir Ceanainn. Tá an obair seo á cur i gcrích faoi láthair agus áiríodh leis imeachtaí breise comhairliúcháin pobail lena chinntiú gur cuireadh na smaointe agus na moltaí uile san áireamh, anuas ar thaighde mionsonraithe margaidh.



Íomhá den Teach Cúirte ó Bhóthar an Ghiúistís Breathnach, Leitir Ceanainn

Éadail straitéiseach le Mol Iompair Réigiúnach a chumasú

Sholáthair an URDF cistiú le tailte a éadail do Mhol Iompair Réigiúnach i Leitir Ceanainn agus sainathnódh suíomh féideartha ar Bhóthar an Phiarsaigh. Ceapadh seirbhísí luachála le gach idirchaidreamh roimhe seo a thabhairt chun cinn agus le gníomhú thar ceann na Comhairle maidir le tairiscintí/éadálacha talún. Rinneadh tairiscintí éadála talún i rith 2024 agus leanann an Chomhairle ag obair i dtreo cinneadh a dhéanamh ar scóip an tionscadal agus chun na tailte riachtanacha a fháil.

Éadail straitéiseach le Ceangal Glas LC (Céim 2) a chumasú

Osclaíodh an 1ú céim de Cheangal Glas LC (LK Green Connect) i Meitheamh 2023. Cuireann an fhorbairt bonneagar ardchaighdeán siúil, rothaíochta agus ríochta poiblí ar fáil i lár an bhaile. Tá sé ar an chéad chéim de ghréasán níos fairsinge pleanáilte a dhéanfaidh ceangal i ndeireadh na dála i measc sraith ceann scríbe i lár an bhaile.

Ceadaiódh toiliú pleanála do Chéim 2 le feabhas a chur ar an chosán agus ar spásanna poiblí reatha idir Amharclann an Ghrianáin, an tIonad Cultúir Réigiúnach agus Músaem Chontae Dhún na nGall le Ceathrú Chultúrtha bheoga a chruthú i Leitir Ceanainn in 2023. Déanfaidh seo an tionscadal a shuíomh go maith chun cistiú caipitil a fháil faoi ghlaoch den URDF amach anseo.

Leanann á bhfoireann intí ag obair i dtreo scéim pleanála a fhorbairt do Chéim 2 de Cheangal Glas LC (ó Chéim 1 a tógadh go Bóthar an Phiarsaigh).



Glaoch 3 den URDF

D'éirigh leis an Chomhairle in Iúil 2023 dáileadh €4m a fháil faoi Ghlaoch 3 den URDF le dul i ngleic le folúntas agus dearóil i Lár Bhaile Leitir Ceanainn. Cuirfidh an cistiú seo meicníocht chistithe ar fáil don Chomhairle le maoin nó suíomhanna atá folamh go fadtéarmach a éadail lena ndíol ar aghaidh agus lena ngníomhachtú le húsáid tháirgiúil a bhaint arís as maoin. Tá 46 maoin cheadaithe ar an Chlár faoi láthair agus rinne an Chomhairle idirchaidreamh leis na húinéirí go léir i rith 2024. Tá úsáid á baint arís as roinnt maoin le tacaíocht ó Scéim Deontais Athchóirithe Maoine Foilmhe Croí Cónaithe agus chuir na húinéirí roinnt maoin ar díol ar an mhargadh oscailte. D'eisigh an Chomhairle fógraí go déanach in 2024 do 12 úinéir maoin go bhfuil ar intinn na Comhairle a maoin a chur san áireamh ar Chlár na Láithreán Tréigthe, agus cuireadh in iúl dóibh go ngearrtar tobhach bliantúil ar an mhaoin don fhad go bhfuil sí tréigthe.

Scéim Deontais Athchóirithe Maoine Foilmhe Croí Cónaithe

Seoladh Scéim Deontais Athchóirithe Maoine Foilmhe Croí Cónaithe in Iúil 2022 agus soláthraíonn sí deontais le húsáid a bhaint arís eile as maoin fholamh agus/nó thréigthe a bhí folamh ar feadh dhá bhliain nó níos faide agus lena n-úsáid mar phríomháit chónaithe an úinéara nó a chuirfear ar fáil ar cíós. Is luach na ndeontas €50,000 nó €70,000, má mheastar go bhfuil an mhaoin tréigthe. Méadaítear méideanna an deontais faoi 20% más ar oileán amach ón gcósta atá an mhaoin agus aird ar na costais iompair bhreise.

Cuireadh imeachtaí breise buail isteach ar bun i rith 2024 ar fud an Chontae le heolas a chur chun cinn agus a sholáthar ar an scéim deontais. Eagraíodh 50 imeacht go dtí seo den saghas sin agus d'fhreastail breis agus 3,000 duine orthu.

Iarratais a Fuarthas	1,020
Iarratais a Críochnaíodh	737
Ceadaithe	710
Measadh nárbh incháilithe (níor sásaíodh critéir cháilitheachta - folúntas/oibreacha a bheartaítear)	27
Ar bun (an chéad chigireacht theicniúil/ ar feitheamh le heolas ón iarratasóir)	224
Aistarraingthe (ag an iarratasóir)	59

Deontais Íoctha	101
Luach na nDeontas Íoctha	€5.4m

An tAonad Soláthair Tionscadal Caipitil

Tá an tAonad Soláthair Tionscadal Caipitil (an CPDU) freagrach as líon tionscadail mhóra chaipitil a bhainistiú agus a sholáthar ar fud an chontae trí na céimeanna mionsonraithe dearaidh agus tógála. I measc thionscadail an CPDU, tá tionscadail Turasóireachta, Athghiniúna agus Fiontraíochta.

An Dún Riabhach, Inis Eoghain

Fuarthas cistiú €12.47m chun tabhairt faoi athchóiriú/fhorbairt mhór ag an iardhún míleata seo, an Dún Riabhach. Tosaíodh Próiseas Pleanála Chuid 8 tús in 2023, mar sin féin, d'ordaigh an Bord gur cheart iarratas a sheoladh ar aghaidh chuig an Bhord ina ionad sin, i ndiaidh do bhall den phobal atreorú a dhéanamh go dtí an Bord Pleanála. Rinneadh an t-iarratas sin i Lúnasa 2024 agus táthar ag feitheamh le cinneadh.

Páirc Abhann, Leifear

D'éirigh le hiarratas ar chistiú a seoladh chuig an SEUPB faoi Chlár PeacePlus an AE (Pobail a Athshamhlú), chun an tionscadal seo a chríochnú i Samhain 2024. Tá socruithe á ndéanamh anois ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Cathrach Dhoire agus Comhairle Ceantair an tSratha Báin chun an tionscadal a atosú.

Athghiniúint ó Chalafort Ailt an Chorráin go hÁrainn Mhór – Céim 2

Beartaítear foirgneamh críochoirt farantóireachta agus spás fiontraíochta i dtimpeallacht nua an chalafoirt sa tionscadal Athghiniúna ó Chalafort Ailt an Chorráin go hÁrainn Mhór (Céim 2). Cheadaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail leanúint ar aghaidh leis an tógáil i Meitheamh 2024, agus tosaíodh an tógáil ina dhiaidh sin i Lúnasa 2024. Tá súil leis go gcríochnófar an tionscadal i ráithe 3 2025.

Na Cealla Beaga 2040

Tionscadal athghiniúna lár an bhaile é Na Cealla Beaga 2040 ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- o Athrú úsáide, síneadh agus mionathrú Theach an Oileáin le hionad eolais agus fáilte do thurasóirí, mol digiteach, áiseanna poiblí, spás caifé agus gach obair forbartha láithreáin ghaolmhar a sholáthar.
- o Spás cathartha 1000 méadar cearnach a sholáthar agus athruithe a dhéanamh ar leagan amach an bhóthair agus socruithe carrpháirceála a sholáthar, cosáin, limistéir phábháilte oscailte, plandaí/crainn a chur, tírdhreachú, suíochánra poiblí etc. san áireamh.

Tá súil leis go gcríochnófar na hoibreacha tógála faoi Ráithe 2 2025.



Ríocht Phoiblí na gCealla Beaga

Tionscadal Athghiniúna Tús Nua, Carn Domhnach

Tá Tionscadal Athghiniúna Charn Domhnach bunaithe ar chomhpháirtíocht le Spraoi agus Spórt agus soláthrófar Mol Comhoibrithe, Fablab, Mol Cruithaitheach agus bonneagar ríochta poiblí faoi. Cheadaigh an Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh don tionscadal ag deireadh Dheireadh Fómhair 2024. Tá an dearadh mionsonraithe beagnach críochnaithe. Tá súil leis go dtosófar an chéim thógála i ráithe 1 2025.

Tionscadal SEED, Bealach Féich

Tá sé molta i dtionscadal 'SEED' i mBealach Féich agus Srath an Urláir ríocht phoiblí, carrpháirceáil agus forbairt fiontair a bheith i lár an bhaile. Críochnaíodh an dearadh mionsonraithe agus tá súil leis go dtosófar an próiseas tairisceana i ráithe 1 2025. Críochnaíodh comhaontú chun iarfhoirgneamh Phictiúrlann an Ritz a cheannach. Foilsíodh Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) do thailte eile a theastaíonn don tionscadal i mBealtaine 2024 agus a táthar ag fanacht le cinneadh ón Bhord Pleanála ar an CPO seo.

Cearnóg an Mhargaidh - Leitir Ceanainn

Is éard atá i gceist leis an fhorbairt a bheartaítear timpeallacht reatha ríochta poiblí a scartáil agus a bhaint, agus déantar soláthar don spás a athshamlú trí thimpeallacht nua ríochta poiblí a thógáil ina mbeidh dromchla nua comhroinnte, moilliú tráchta, rochtain chéimeanna ar an Phríomhshráid, 2 phlás phoiblí, gné uisce, bonneagar ceangailte inrochtaineachta agus plandaí ísle a chuirfear ar bhealach comhtháite, carrbhealaí/acomhail/cosáin mhionathraithe, suíochánra nua poiblí, soilsiú, troscán sráide agus seastáin rothar san áireamh. Soláthróidh an athfhorbairt a bheartaítear acmhainn níos fearr chun imeachtaí cathartha a chur ar bun agus do chuspóir sóisialta agus cinnteoidh sé go mbeidh rochtain ag daoine ar gach cumas. Ceapadh Foireann Dearaidh Chomhtháite in Aibreán 2024, agus tá súil leis go gcríochnófar dearadh mionsonraithe agus cáipéisí tairisceana lena cheadú don phróiseas tairisceana tógála tosú i ráithe 1 2025.

Bun Cranncha a Athneartú

Tá an tionscadal seo dírithe ar imeall cósta an bhaile a athghiniúint agus a cheangal le lár an bhaile stairiúil. Tá an phríomh-idirghabháil seo a leanas sa tionscadal:

- o Droichead coisithe nua os cionn Abhainn an Mhuilinn chun Páirc na nGrás (Amazing Grace Park) a cheangal le timpeallacht an chalafoirt/na cé
- o Athghiniúint na Faiche Cois Cladaigh sa mhullach ar cheangal níos fearr leis an Phríomhshráid
- o Athghiniúint an tSiúláin Cois Cladaigh agus na promanáide ón Fhaiche Cois Cladaigh go dtí Páirc na nEalaí agus Bóthar Chnoc an Choiligh, athshamlú san áireamh ar láthair amhairc na nGrás.
- o Athearraíocht a bhaint as agus síneadh a chur le seanbheairic na nGardaí chun cóiríocht shaincheaptha oifige a chruthú.

Ceapadh foireann dearaidh i Samhain 2024 chun an tionscadal a fhorbairt go mbeidh sé réidh do thairiscint tógála, an toiliú reachtúil riachtanach uile san áireamh. Críochnaíodh éadail Sheanbheairic na nGardaí sa bhliain 2024.



Léaráid Ealaíontóra de Thionscadal Pobail an Chraoslaigh

Tionscadal Athghiniúna an Chraoslaigh

Dheimhnigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú an RRDF d'fhoirgneamh moil pobail nua, páirc phobail ilchuspóra agus gairdín pobail agus ríocht phoiblí thírdhreachaithe i Lúnasa 2024. Tosaíodh an próiseas tairisceana chun sainchomhairleoir dearaidh a cheapadh i Samhain 2024 agus tá súil leis go ndéanfar an ceapachán sin i ráithe 1 2025. Ullmhóidh an sainchomhairleoir ceaptha dearaí mionsonraithe agus cáipéisí tairisceana tógála ansin i rith 2025.

Ráth Mealtain a Athshamlú


Is éard atá i gceist leis an tionscadal seo limistéir phoiblí athghiniúint ar fud lár an bhaile, áiteanna tionóil chathartha, spásanna glasa, athnuachan dromchla bóthair agus feabhsúcháin ar thús áite do choisithe ina measc. Tosaíodh an próiseas tairisceana don chonraitheoir tógála i mí na Nollag 2024 agus tá súil leis go gceapfar conraitheoir i ráithe 1 2025.

Rialú Tógála agus Eastáit Chónaithe a Thógáil i gCúram

Rialú Tógála

Is ceanglas é de chuid na Rialachán um Rialú Foirgníochta go dtabharfaidh duine a bhfuil sé beartaithe aige/aici oibreacha a dhéanamh nó athrú ábhartha úsáide a dhéanamh maidir le foirgneamh fógra, i bhfoirm Fógra um Thosach Feidhme, don Údarás um Rialú Tógála, maidir lena (h)intinn chun tús a chur le hoibreacha. Fuarthas 892 Fógra um Thosach Feidhme in 2024. B'ionann iad seo agus 1,526 tionscadal tógála agus b'aonaid nua 1,306 acu sin. Forbairtí 'ilaonaid' a bhí in 416 de na haonaid nua.

Tosú Bailí a Fuarthas




Mar chomparáid, fuarthas 584 Fógra um Thosach Feidhme in 2023. B'ionann iad seo agus 783 tionscadal tógála agus b'aonaid nua 616 acu sin. 'Forbairtí ilaonaid' a bhí in 136 díobh seo.

Thug an Rannóg um Rialú Tógála faoi chigireachtaí láithreáin ar 110 de na foirgnimh nua seo ar mhaithe le comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta a mhonatóiriú agus a chur i bhfeidhm. Cuirtear seo i gcomparáid le cigireacht a dhéanamh ar 83 foirgneamh nua in 2023.

Fuair an Rannóg um Rialú Tógála 85 iarratas ar Dheimhniú Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2024. Cuirtear seo i gcomparáid le 96 iarratas in 2023, 87 in 2022, 99 in 2021 agus 53 in 2019.

Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas



Tógáil i gCúram

Lean an Chomhairle le heastáit chónaithe a thógáil i gcúram i rith 2024. Leanadh ag dul i gcomhairle maidir le Pleananna Réitigh Láithreáin le hUisce Éireann i dtaobh líon mór eastát a raibh a dtoiliú á lorg chun leanúint ar aghaidh leis an bhonneagar seirbhísí uisce a thógáil i gcúram, a aistreofar chucu ina dhiaidh sin. Breithníodh 29 eastát breise, ar an iomlán, ag cruinnithe an Cheantair Bhardasaigh i rith 2024 agus lorgaíodh faomhadh na mBall Tofa le hiad a thógáil i gcúram, i gcomhréir le hAlt 180 den Acht um Pleanáil. Méadaíonn seo an líon eastát a tógadh i gcúram ó 2019 i leith go 157.

D'úsáid an tÚdarás Pleanála bannaí bardasacha agus a acmhainní féin chun tabhairt faoin obair dheisiúcháin laistigh de na heastáit seo agus d'eastáit eile chun cabhrú lena dtógáil i gcúram. Sa chás gur chuí, gearáladh cistiú chomh maith ó Uisce Éireann chun roinnt pleananna réitigh láithreáin a dhéanamh. Le linn 2025, leanfaidh an t-údarás pleanála ar aghaidh ag uasmhéadú líon na n-eastát a thógtar i gcúram, agus ag an am céanna beidh sé mar aidhm aige na tionscadail chaipitil a bhfuil maoiniú leithdháilte orthu go dtí seo faoin Chlár Ilbhliantúil um Réiteach Bonneagair arna Sholáthar ag Forbróirí a sholáthar.



San Iúd, Leifear roimh na hoibreacha



San Iúd, Leifear tar éis na n-oibreacha

Seirbhísí Tithíochta, Corparáideacha agus Cultúir

Pobail a Chumasú agus Tacú leo/Borradh a Chumasú/Seirbhísí a Sholáthar




Críochnaíodh 84 áit chónaithe nua ardchaighdeán inbhuanaithe agus lean oibreacha tógála ar aghaidh ar 190 áit chónaithe eile


5,120 aonad ar cíós údaráis áitiúil agus 170 aonad ar léas



Breis agus
€13.2million
caite ar ár stoc tithíochta a chothabháil, a fheabhsú agus a uasghrádú



7 nlasacht
Tithíochta
tarraingthe
anuas ar luach
€452,000



778 deontas tithíochta íoctha ar luach

€4.4 million

le cuidiú le daoine faoi mhíchumas agus daoine breacaosta

Buaicphointí 2024

Gníomhú ar son na hAeráide a Phríomhshruthú/Acmhainn Eagraíochta a Fhorbairt



**Chuir an Rannóg
Acmhainní Daonna
70 comórtas ar siúl a
mheall breis agus 2,500**



**Rinne ár nIonad Seirbhíse
do Chustaiméirí breis agus
150,000 glaoch
dátheangach (Gaeilge agus
Béarla) agus breis agus
10,000 teagmháil ar líne a
bhainistiú**




**Teastaíonn tithíocht
shóisialta ó 3,024
teaghlach**

**agus glanriachtanas
1,201 teaghlach ann**

**51 maoin arna n-a athchóiriú agus
235 maoin uasghrádaithe tríd an Chlár
Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh**

**Thug Seirbhísí Leabharlainne
méadú 31% ar úsáid an idirlín,
23% níos mó cuairteoirí, 12%
níos mó earraí ar iasacht agus
méadú 6.8% ar úsáid acmhainní
ar líne faoi deara**



Seirbhísí Tithíochta

Tithíocht Ghinearálta

Is í aidhm fhoriomlán ár mbeartais tithíochta cóiríocht agus tacaíochtaí tithíochta oiriúnacha, cost-éifeachtúla, ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine óna dteastaíonn siad.

I measc na gcineálacha cúnaimh tithíochta a soláthraíodh i rith na bliana bhí meascán de thionóntachtaí a leithdháileadh faoin Chlár um Thithíocht Shóisialta (Tithíocht Nuathógtha, Lándéanta, agus Éadálacha), an Clár Léasaithe Shóisialta, agus an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS), aistrithe agus faomhadh tacaíochtaí tríd an Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP). Cuireadh cúnamh ar fáil freisin i gcomhar le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHB).

Lean an Chomhairle le tionóntachtaí agus áiteanna cónaithe a bhainistiú agus a choinneáil agus tacaíochtaí a chur ar fáil dár dtionóntaí, lena n-áirítear athchóiriú agus uasghrádú ar áiteanna cónaithe agus eastáit trí roinnt tionscnaimh agus cláir éagsúla.

Cuireadh cúnamh deontas ar fáil do dhaoine breacaosta agus do dhaoine atá faoi mhíchumas faoin Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta, faoi Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta agus faoin Scéim Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta. Lean na roghanna lasachtaí Tithíochta a bheith ar fáil do cheannaitheoirí céaduaire faoin Scéim lasachta Éire a Atógáil.

Riachtanas Tithíochta

Aithníodh sa Mheasúnú ar Riachtanais Tithíochta a rinneadh an 1 Samhain 2024 go raibh 3,024 líon tí ceadaithe faoi choinne Tacaíocht Tithíochta Sóisialta i gContae Dhún na nGall. Díobh siúd, bhí 1,823 ag fáil tacaíocht tithíochta sóisialta cheana féin agus iad ag lorg go n-aistrefar iad ó thithe reatha na Comhairle nó ó thionóntachtaí HAP, agus b'ionann an glanriachtanas sa Chontae agus 1,201 dá bharr.

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh a díchill chun freastal ar riachtanais chóiríochta na n-iarratasóirí ar thithíocht, ag úsáid meascán de mhodhanna éagsúla lena n-áirítear leithroinnt stoc tithíochta shóisialta reatha nó nua araon, áiteanna cónaithe ar léas, cóiríocht a fuarthas faoin Scéim Cóiríochta Cíos agus íocaíocht Cúnaimh Tithíochta chomh maith le háiteanna cónaithe a cuireadh ar fáil i gcomhpháirtíocht le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Stoc/Tionóntachtaí Tithíochta

Ag deireadh 2024, bhí an Chomhairle freagrach as stoc tithíochta 5,290 maoin. Caitheadh breis agus €13.2m in 2024 ar ár stoc a chothabháil agus a fheabhsú agus ar ár n-eastáit a chothabháil i rith na bliana. Chomh maith leis an ngnáthchothabháil agus an gnáthdheisiúcháin, bhain an caiteachas seo leis an athchóiriú atá le déanamh ar áitribh fholmha chun iad a athligean, chomh maith le cláir chothabhála éagsúla atá beartaithe, mar shampla, an clár péintéireachta seachtraí, an clár oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh, agus oibreacha sonracha eile feabhais agus athchóirithe.

Miondealú ar Stoc Tithíochta	
Aonaid faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil	5,120
Aonaid ar Léas Fadtéarma (Príobháideach)	170
Iomlán	5,290

Anuas ar chaiteachas breis agus €3.3 milliún ar ghnáthchothabháil agus deisiúcháin, rinne an Chomhairle feabhsúcháin ar an Stoc Tithíochta Sóisialta faoi roinnt clár in 2024 mar atá leagtha amach thíos:

Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh

Cuireadh tús le Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh nua-athbhreithnithe in 2021 a éilíonn ar údaráis áitiúla bogadh chuig clár 'iarfheistithe níos doimhne'. Áirítear leis na hoibreacha atá incháilithe faoin Chlár insliú áiléir/cuasbhalla nó insliú balla sheachtraigh, nuair is gá, fuinneoga agus doirse a athsholáthar, teaschaidéal a shuiteáil agus oibreacha coimhdeacha agus gaolmhara. Críochnaíodh 235 aonad faoin Chlár seo ar chostas breis agus €6.5m in 2024.

Úsáid thairbheach a bhaint as maoin fholamh arís

Chaith an Chomhairle breis agus €1.3 mhilliún ar úsáid thairbheach a bhaint arís as 51 maoin fholamh. Áiríodh leis seo cúnamh €561,000 de chistiú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil anuas ar acmhainní féin na Comhairle.

Oibreacha oiriúnaithe agus síntí aonuaire

I rith na bliana chaith an Chomhairle breis agus €1.9 milliún ar thabhairt faoi oibreacha oiriúnaithe ar scála beag ar 126 aonad agus ar shintí a chur le 6 aonad dár stoc tithíochta sóisialta. Chabhraigh na hoibreacha seo le tionóntaí faoi mhíchumas na hoiriúnuithe riachtanacha a dhéanamh ionas go mbeadh a gcuid tithe oiriúnach dá gcuid riachtanas.

Oibreacha athchóirithe/deisiúcháin shonracha

Caitheadh níos mó ná €286,000 chomh maith ar oibreacha sonracha feabhais/athchóirithe in eastáit faoi úinéireacht na Comhairle ar fud an chontae.

Cruthaíodh 183 tionóntacht nua údaráis áitiúil i rith na bliana in 2024, a mhéadaigh an líon iomlán tionóntachtaí Comhairle aníos go 5,170 ag deireadh na bliana. Anuas air sin, bhí 1,671 tionóntacht i bhfeidhm faoin Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) faoi dheireadh na bliana agus freastalaíodh ar 174 teaghlach breise faoin Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS).

Bainistíocht Eastáit

Tá cúigear Oifigeach Measúnaithe Tithíochta/Oifigeach Idirchaidrimh le Tionóntaí ag an gComhairle i mbun Bainistíocht Eastáit agus cuireadh €52,750 ar fáil faoi choinne tionscnaimh bhainistíochta eastáit le linn na bliana, an tEastát Tithíochta is Feistiúla ina measc.

An Scéim Cúnaimh Caipitil

Lean an Chomhairle ag dul i mbun idirchaidrimh leis an Earnáil Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le cóiríocht a chur ar fáil faoin chlár seo le freastal ar riachtanais daoine breacaosta agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá an clár dírithe go sonrach ar chóiríocht riachtanas speisialta a sholáthar nuair nach bhfuil na cineálacha traidisiúnta tacaíochtaí tithíochta sóisialta oiriúnach.

An Clár Léasaithe Shóisialta

Faoin Chlár Léasaithe Shóisialta, is féidir áiteanna cónaithe oiriúnacha a léasú leis an Údarás Áitiúil faoi chomhaontú léasa fhadtéarma. Bhí 170 aonad den sórt sin ar léas ag deireadh 2024.

Tá idirchaidreamh á dhéanamh ag an Chomhairle freisin leis an Earnáil Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta le haonaid ar léas a sholáthar faoin tSaoráid Léasaithe Réamhíocaíochta Caipitil (CALF) agus an Scéim um Chomhaontú Íocaíochta agus Fála. Ba é líon iomlán na n-aonad a bhí ar léas san Earnáil Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ag deireadh 2024 i nDún na nGall 225.

Cóiríocht do Thaistealaithe

I dtaobh an Chláir Cóiríochta do Thaistealaithe, ba bhliain ghnóthach 2024 inar cuireadh spriocanna agus cuspóirí i bhfeidhm i mbliain deiridh an chláir, i gcomhthráth le Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2025-2029 nua a ullmhú, ar ghlac baill Chomhairle Contae Dhún na nGall leis an 30 Meán Fómhair 2024.

Is féidir leis an Chomhairle súil a chaitheamh siar ar chlár an-rathúil ina ndearnadh idirghabháil agus feabhsúcháin mhóra, go háirithe maidir le suíomhanna a bhaineann go sonrach le Thaistealaithe.

Críochnaíodh réimse éagsúil tionscadail chóiríochta a bhain go sonrach le Thaistealaithe i rith 2024 agus soláthraíodh réitigh chóiríochta eile trí ligean caighdeánach, scéimeanna HAP, láithreáin stad agus tithe modúlacha. Rinneadh athsholáthar tithe soghluaiste agus carbhán a sholáthar i gcásanna áirithe éigeandála.

Tá céimeanna éagsúla ullmhaithe le haghaidh soláthair bainte amach ag sraith mhór tionscadail chaipitil a bhaineann go sonrach le Thaistealaithe i gcéad bhliain an Chláir Cóiríochta do Thaistealaithe nua, atógáil áite cónaithe, athchóiriú grúpthithíochta, teach modúlach a sholáthar, athchóiriú ar láithreán stad buan ina measc agus beartaítear roinnt éadálacha freisin i rith an chéad dá bhliain den phlean nua. Tá súil leis go mbainfear amach arís na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe don bhliain 2025.

Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean

Lean Comhairle Contae Dhún na nGall in 2024 ag cuidiú le teaghlaigh trí chóiríocht shealadach do dhaoine gan dídean a sholáthar ag Brú Cholm Cille i Leitir Ceanainn agus trí dhearbhaín chóiríochta Leapa is Bricfeasta a sholáthar.

Leanadh le cur i bhfeidhm an Chláir Náisiúnta um Thús Áite do Thithíocht in 2024 agus cuireann sé cóiríocht shlán ar fáil do dhaoine a bhí thíos le heaspa dídine go fadtéarmach. Faoin Chlár, cuirtear diantacaíochtaí tithíochta agus sláinte ar fáil do chliaint chun cabhrú leo a dtionóntacht agus a bhfolláine a choinneáil.

Leanann an Chomhairle Plean Gníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean an lathuaiscirt a chur i bhfeidhm. Déanann an tOifigeach um Chosc ar Easpa Dídine an próiseas seo a stiúradh ar leibhéal uile-Chontae, oifigeach a oibríonn go dlúth le foireann Ceantar Bardasach chun na tacaíochtaí riachtanacha a sholáthar.

Sanntar oifigeach ainmnithe Aimsithe Áite HAP freisin chun cabhrú le cliaint atá i mbaol easpa dídine chun teacht ar chóiríocht oiriúnach trí idirchaidreamh le gníomhairí eastáit agus soláthraithe cóiríochta.

Tagann Foireann Gníomhaíochta um Dhaoine gan Dídean idirghníomhaíochta le chéile go rialta chun a chinntiú go bhfuil na pleananna tacaíochta oiriúnacha i bhfeidhm le haghaidh daoine atá gan dídean nó atá i mbaol a bheith gan dídean.

Deontais Tithíochta

Tá roinnt scéimeanna deontais á n-oibriú ag Comhairle Contae Dhún na nGall chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta maireachtáil níos compordaí nó níos neamhspleáiche ina dtithe féin. Maoiníonn an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil 80% de na hoibreacha incháilithe agus maoiníonn an Chomhairle an fuilleach 20%. Bhain 778 teaghlach leas as na scéimeanna seo in 2024 agus b'ionann costas iomlán na n-oibreacha agus €4.4 milliún.

Iasachtaí Tithíochta

Riarann an Chomhairle an Scéim Iasachta Tithíochta Údaráis Áitiúil, a chuidíonn le ceannaitheoirí céaduaire nach féidir leo cistiú iasachta a fháil ó institiúidí airgeadais eile. Faomhadh ocht n-iasacht i bprionsabal in 2024 arbh fhiú €1,069,700 iad. Tarraingíodh seacht n-iasacht ar luach €452,000 anuas.

Cigireacht ar Áiteanna Chónaithe Príobháideacha ar Cíos

Forordaítear na caighdeáin do chóiríocht cíosa i Rialacháin na dTithe (Caighdeáin do Thithe ar Cíos), 2019 agus baineann siad le gach maoín a ligtear nó atá ar fáil lena ligean. Tá oibleagáid dhlíthiúil ar gach tiarna talún a chinntiú go mbaineann a maoín ar cíos na caighdeáin íosta amach a shonraítear sna Rialacháin maidir le réimse ceisteanna, cosúil le deisiú struchtúrach, saoráidí sláintíochta, téamh, aeráil, solas nádúrtha, sábháilteacht ó dhóiteán agus sábháilteacht fearais ola, gháis agus fearas leictreach. Is ar an Údarás Áitiúil atá an fhreagracht as cur i bhfeidhm na Rialachán.

Thug Cigirí Chomhairle Contae Dhún na nGall faoi 1,637 cigireacht ar 1,526 áit chónaithe príobháideach ar cíos i rith 2024. Tar éis go ndearnadh cigireacht ar an mhaoín cíosa, eisíodh 1,324 Litir Feabhsúcháin, ar an iomlán, do thiarnaí talún inar leagadh amach sáruithe sonracha ar na Rialacháin agus eisíodh 9 bhFógra Feabhsúcháin do thiarnaí talún i gcásanna nach ndearnadh iarrachtaí le dul i ngleic le sáruithe leanúnacha. Tá aturnaetha don Chomhairle ag dul i mbun imeachtaí dlí in aghaidh 5 thiarna talún ar theip orthu an Fógra Feabhsúcháin a chomhlíonadh.

Eisíodh litreacha comhlíonta chuig úinéirí maoine cíosa maidir le 474 áit chónaithe a bhain an caighdeán riachtanach amach i rith 2024.



Céim 1 d'éadail tithe lándéanta (11 aonad) críochnaithe ag Conmhaigh

Caipiteal Tithíochta

Tionscadail a Críochnaíodh in 2024

Lean clár uailmhianach soláthair tithíochta sóisialta na Comhairle ar aghaidh ar luas i rith 2024. Críochnaíodh 84 áit chónaithe nua ardchaighdeáin inbhuanaithe i mBealach Féich, Leifear, Bun Cranncha, Anagaire, Conmhaigh, dhá éadail aonair ina measc ag Conmhaigh agus ag Baile Suingean, ónar theastaigh oibreacha feabhsúcháin móra sular ligeadh ar léas iad.

Céim Thógála 2024

I rith 2024, cuireadh oibreacha tógála chun cinn ar láthair ag Coillidh Loiste, Leitir Ceanainn (9 -aonad), Ráth Bhoth (11 aonad) agus Bun Dobhráin (42 aonad). Tosaíodh le scéimeanna breise ag Bun Cranncha (54 aonad), Cill Chárthaigh (1 aonad), an Clochán Liath (43 aonad) agus Orán Hill, Leitir Ceanainn (30 aonad) ar an láthair. Cruthaíodh 190 forbairt tithíochta sóisialta nua, ar an iomlán.

Cuireadh tús le 130 aonad breise i measc 6 fhorbairt sa phróiseas tithe lándéanta i gcaitheamh 2024. Críochnaíodh 18 n-aonad faoi dheireadh 2024 agus tá na haonaid eile le críochnú in 2025 agus 2026. Tá próiseas éadála tithe lándéanta ar fud an chontae ar oscailt ag an Chomhairle faoi láthair, agus leanfaidh sé de bheith ar oscailt go dtí an 30 Meán Fómhair 2026.

Rinneadh dul chun cinn freisin ar scéimeanna breise intí trí chéimeanna tairisceana, dearaidh, pleanála agus faofa ag foireann ailtireachta na Comhairle, ar scéimeanna sa tábla ar dheis san áireamh:

Scéimeanna Intí ar Bun	
Baile Suingean	30
Na Gleannta	3
Srath an Urláir	8
An Lathaigh	2
Cill Chárthaigh	5
An Tamhnaigh	10
An Baile Nua	40
Dún Cionnaola	16
Baile na nGallóglach	12
Leifear	60
An Craoslach	3
Baile Mhic Comhghaill	170
Gleann Cholm Cille	5
Na Cealla Beaga	16
An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn	165
Cill Mhic Réanáin	20
Ard an Rátha	14
Leitir Ceanainn	18



Críochnaíodh Scéim 19 n-aonad tithíochta sóisialta ar Bhóthar Trusk, Bealach Féich



Críochnaíodh Scéim 29 aonad tithíochta sóisialta ag Lána na Croiche, Leifear

Úsáideadh an tsamhail Dear agus Tógáil chun scéimeanna a chur chun cinn ag Cnoc na Beairice, Carn Domhnach (21 aonad), Málainn (9 n-aonad) agus Gleann Aola (10 n-aonad). Tá tús curtha anois ar na tionscadail seo ar an láthair agus críochnófar iad in 2026. Cabhróidh na forbairtí go mór le freastal ar na riachtanais tithíochta sóisialta ar fud Cheantar Bardasach Inis Eoghain. Úsáidfear an tsamhail soláthair seo anois le scéimeanna tithíochta breise a fhorbairt.

Fuarthas 9 dteach shóisialta bhreise faoin Chlár Éadála Tithe Aonair do thithíocht ar fud an chontae.

Déanann Caipiteal Tithíochta maoirseacht fosta ar aonaid Chuid V a thógáil agus a bhainistiú ar fud an chontae. Críochnaíodh conradh i rith 2024 do 8 n-aonad Chuid V. Aontaíodh le comhaontuithe do 22 aonad breise i mBaile Dhún na nGall agus Leitir Ceanainn agus tabharfar chun cinn ar an láthair iad i rith 2025.



Oibreacha leanúnacha ag Droim an Chrainn, Bun Dobhráin (42 aonad)



Oibreacha leanúnacha ar fhorbairt lándéanta 14 aonad ag Bealach Féich

Tá an Chomhairle ag tabhairt go gníomhach faoi thailte nua a fháil do chuspóirí tithíochta i mbailte agus sráidbhailte ar fud an chontae, áit a bhfuil easnamh roghanna inmharthana faoi láthair le tithíocht a sholáthar. Fuair an Chomhairle suíomh i rith 2024 ag Baile Sheascaigh, an Baile Nua agus tá céim thíolacais bainte amach ag ceithre dháileacht bhreise talún ag Gaoth Dobhair, Srath an Urláir agus Bun an Phobail.

Cuireadh iarratais iolracha faoi bhráid na Gníomhaireachta Tithíochta lena mbreithniú chun dáileachtaí breise talún a éadail d'fhorbairtí tithíochta sóisialta nua faoin Chiste Éadála Talún agus tá na suíomhanna seo á dtabhairt chun cinn trí phróiseas ceadaithe dhá chéim.



Oibreacha leanúnacha ar fhorbairt lándéanta 35 aonad ag Baile Dhún na nGall

Seirbhísí Corparáideacha

Údarás Áitiúil na Bliana 2024 de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann



Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall, John G. McLaughlin, tar éis gur bronnadh Gradam mór le rá Údarás Áitiúil na Bliana air ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann i mbliana.

Bhuaigh Comhairle Contae Dhún na nGall Gradam mór le rá Údarás Áitiúil na Bliana ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann i mBaile Átha Cliath. Cuireann Comhlachas Tráchtála na hÉireann na Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil ar siúl gach bliain. Bhuaigh Comhairle Contae Dhún na nGall an chatagóir Ag Tacú le Pobail Inbhuanaithe d'Áthghiniúint ó Chalafort Ailt an Chorráin go hÁrainn Mhór agus an Chatagóir Shláinte agus Folláine don tionscadal Inrochtaineachta Trá Samhla.

Ionad Teagmhála

Leanann an tIonad Seirbhíse do Chustaiméirí ag Comhairle Contae Dhún na nGall d'fheidhmiú mar mhol láraithe d'fhiosrúcháin chustaiméirí agus chun teacht ar eolas trí chainéil chumarsáide éagsúla, cosúil leis an ghuthán, ríomhphost, ardáin ar líne, agus chun déileáil le gach íocaíocht ar an ghuthán don Chomhairle. Lean sé de bheith an-ghníomhach in 2024, tráth a rinneadh breis agus 150,000 glaoch dátheangach (Gaeilge agus Béarla) agus breis agus 10,000 teagmháil ar líne a rinne ár gcustaiméirí a láimhseáil.

An Oifig Cumarsáide

Caidreamh leis na Meáin

D'éisigh Comhairle Contae Dhún na nGall 207 Preaseisiúint in 2024. Eisíodh breis agus 100 Fógra Seirbhíse Poiblí fosta ar an raidió.

Suíomh Gréasáin

D'oibrigh an Oifig Cumarsáide go dlúth le Seirbhísí Faisnéise i rith 2024 mar chuid den athfhorbairt ar shuíomh gréasáin na Comhairle (donegalcoco.ie) chun ardán a chur i bhfeidhm a chloíonn leis an dea-chleachtas reatha i ndearadh gréasáin agus chun go mbeidh sé go hiomlán comhoiriúnach do ghutháin phóca. Seoladh an leagan seo den suíomh i Samhain 2024.

Na Meáin Shóisialta

Is ag leathanach Facebook na Comhairle atá a lucht leanúna sóisialta is mó (37,000 duine), agus tháinig fás athuair ar lucht leanúna Instagram na Comhairle tar éis gur sáraíodh 2,500 duine.

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

CORPORATE PLAN 2024-2029

Glacadh lenár bPlean Corparáideach 2024-2029 i dtreo dheireadh 2024 agus feidhmeoidh sé mar Chreat Straitéiseach na Comhairle sna chéad chúig bliana eile amach romhainn. Tugtar cuntas sa phlean seo ar ár bhfís, misean, agus croíluchanna, agus treoraítear muid ann maidir le seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar dár bpobal. Tá ár gCreat Straitéiseach fréamhaithe i gcarachtar faoi leith Chontae Dhún na nGall agus tá sé bunaithe ar chúig phríomhspríoc straitéiseacha, Seirbhísí a Sholáthar, Fás a Chumasú, Gníomhú ar son na hAeráide a Phríomhshruthú, Acmhainn Eagraíochta a Fhorbairt agus Tacú le Pobail.

Acmhainní Daonna

Earcaíocht

Bhí deacrachtaí ag gach Údarás áitiúil, Comhairle Contae Dhún na nGall ina measc, de bharr na ndálaí fiordhiana sa mhargadh saothair in 2024 ó thaobh foireann a earcú agus a choinneáil agus thit iomaíocht fhorleathan amach ar fud na hearnála poiblí agus príobháidí ó thaobh tallann nua a mhealladh agus scileanna agus taithí reatha a choinneáil laistigh den údarás áitiúil.

Le cur ina aghaidh seo, d'fhorbair Acmhainní Daonna feachtas nua faoi cad é mar atá sé obair i gComhairle Contae Dhún na nGall (#NotJustAJob) agus bhí an fhoireann mar chuid de thoscaireacht gnólachtaí ó Dhún na nGall, faoi stiúir na Rannóige Forbartha Geilleagraí, a d'fhreastail ar Aonach Earcaíochta in Ambasáid London-na hÉireann, Camden, an 16 Bealtaine 2024. Ba í aidhm na toscaireachta seo an réimse fairsing deiseanna fostaíochta a léiriú atá ar fáil i nDún na nGall san earnáil phoiblí agus phríobháideach agus chun obair go comhoibríoch maidir le tallann nua a mhealladh chuig an chontae trí úsáid a bhaint as ár naisc Dhiaspóra.

In ainneoin na ndúshlán thuas, lean an phíblíne do chomórtas nua de bheith gnóthach agus thosaigh agus chríochnaigh an Fhoireann Earcaíochta breis agus 70 comórtas ón ráithe dheireanach in 2023 go dtí Nollaig 2024. Rinneadh iad seo a chur chun cinn go fairsing agus mheall siad breis agus 2,500 iarratasóir ar oileán na hÉireann agus níos faide i gcéin. I measc na gcomórtas earcaíochta, bhí raon deiseanna ann lena n-áirítear poist shealadacha nua le haghaidh tionscadail agus réimsí gníomhaíochtaí ar leith atá tacaíthe le maoiniú seachtrach, le haghaidh obair shéasúrach agus chun folúntais i struchtúr bainistíochta agus foirne na Comhairle a tháinig chun cinn i rith na bliana a líonadh.

I gcomhthéacs Dhún na nGall, ceanglaíodh i gcomhaontú nua an CCÁO maidir le Seirbhísí Dóiteáin, dar dháta Lúnasa 2023, ar an údarás áitiúil a líonta Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht a mhéadú 25% in 13 Stáisiún Dóiteáin ar fud an Chontae. D'fháiltigh an Fhoireann Earcaíochta roimh an fheachtas seo i gcomhar le Seirbhísí Dóiteáin agus líonadh beagnach dhá thrian de na poist seo go dtí seo, agus baineadh é seo amach gan aon acmhainní breise a bheith ag teastáil ón fhoireann.

Le sábháilteacht leanaí agus daoine fásta leochaileacha a chinntiú, rinne an Rannóg Earcaíochta grinnfhiosrúchán agus athghrinnfhiosrúchán ar 105 duine in 2024 a raibh fostaíthe agus soláthraithe seirbhíse seachtracha, e.g. éascaitheoirí ceardlaine, ina measc agus is ionann seo agus méadú 100% aníos ó 2023.

Cuireadh Comhdháil Chumann Oifigigh Chosanta Sibhialta Náisiúnta 3 lá ar siúl in Óstán Chill Chainnigh, Cathair Chill Chainnigh, an 6, an 7 agus an 8 Samhain. Bhí 226 toscaire i láthair, teagascóirí sinsearachacha ó Chosaint Shibhialta Dhún na nGall ina measc a bhí i láthair cur i láthair a thug an tUasal James McConnell faoi 'Éifeachtaí an Néaltraithe ar dhaoine ar gach aois'. Labhair an tUasal David Dunne, Iarnród Éireann, ar 'Sábháilteacht ag Crosairí Comhréidh gan Fhoireann', agus labhair an Iníon Margo Noonan ar 'Closing the Loop: A structured pathway supporting front line staff in receipt of disclosures of sexual violence', rinne an tUasal Steve Wood, Stiúrthóir Bainistíochta, 3S Group Limited, cur i láthair an-mhaidht ar 'Teacht chun cinn córais chuardaigh agus amach anseo', agus rinne an Iníon Marguerite Ryan amhlaidh chomh maith, nuair a labhair sí ar Dhul i nGleic le Tuairimí i gCuardach 'Peirspictíocht Tuismitheora i leith Néara-éagsúlachta'. Rinne 33 trádálaí a dtrealamh is déanaí a thaispeáint i gcaitheamh an imeachta..

Foireann Bhreise

Fuarthas ceadú roinne ón LGMA an 17 Feabhra 2021 chun Oifigigh Chúnta Chosanta Sibhialta a cheapadh leis na contaetha ónar theastaigh siad. Rinne an tÚdarás Áitiúil iarratas leis an Roinn Cosanta ar chistiú don phost ar bhonn 70/30 agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ar fhaomhadh le post den saghas sin a líonadh. Líonadh post an Oifigigh Chúnta Cosanta Sibhialta an 25 Samhain 2024.



Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta Dhún na nGall

Oiliúint Cosanta Sibhialta

Gníomhaíochtaí Oiliúna	Líon na dTascanna
Comhrac Dóiteáin Coimhdeach Seachtainiúil (Freagairt do Thuilte agus Oiliúint Dóiteáin Wildland)	16
Oiliúint Leighis Céadfhreagróra Éigeandála (EFR)	7
Leanadh le hOiliúint Céadfhreagróra Éigeandála Athnuachana do EFRanna deimhnithe.	16
Soláthraíodh oiliúint athnuachana Mearuisce agus Inniúlachta Seaicéad Tarrthála	8
Soláthraíodh Oiliúint Ionduchtúcháin do 2 earcaí nua	6
Teagascóir Sábháilteacht Bhia agus Tú Féin	2
Teagascóir Cuardaigh do Dhaoine ar Iarraidh	2
Laethanta oscailte seirbhísí éigeandála (an Clochán Liath, Leitir Ceanainn, Bun Cranncha)	8
Cumarsáid Raidió L1, Oiliúint Tosaigh agus L2 - Oibreoir Líonra	6
Maoirseacht Dóiteáin	13
Láimhsiú	18
Oiliúint ar Mheasúnú Riosca	25
Feasacht ar Ionsaí Gnéasach	16
Safetalk – Feasacht ar Fhéinmharú	18
Measúnuithe Tiomána	14
D'fhreastail an tOifigeach Cosanta Sibhialta agus an tOifigeach Cúnta Cosanta Sibhialta ar Bhrainse Cosanta Sibhialta an Choláiste Cosanta Sibhialta, Ros Cré agus cuireadh oiliúint orthu	

Cistiú	Méid
Sholáthair an Roinn Cosanta deontas oibríochtúil €98,251 do chostais reatha fhoriomlána Chosanta Sibhialta don bhliain 2024.	€98,251
Fuair Brainse Cosanta Sibhialta cistiú faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin le Bád Zodiac ionaid le hinneall agus leantóir a cheannach.	€32,450
Ioncam ó Tháillí Tacaíochta Neamhphobail	€3,750
Tabhartais ón Phobal	€1,100
Ioncaim ó mhionbhus Cosanta Sibhialta nach n-úsáidtear a dhíol	€6,100

Airgeadas

Pobail a Chumasú agus Tacú leo/Borradh a Chumasú/Seirbhísí a Sholáthar


Buiséad Bliantúil Ioncaim breis agus


€185 milliún

Bailíodh breis agus €34m d'admhálacha rátaí tráchtála – an luach is airde a bailíodh riam



181 iarraidh ar Thairiscintí ar eTenders



Párolla agus pinsin á bpróiseáil do 1,900 ball foirne idir reatha agus roimhe seo

Buiséad Caipitil 3 bliana 2023-2025 breis agus



€1 billiún

Buaicphointí 2024

Gníomhú ar son na hAeráide a Phríomhshruthú/Acmhainn Eagraíochta a Fhorbairt

Eisíodh 5,607 bille rátaí tráchtála ar luach iomlán breis agus €38m do ghnólachtaí



agus baineadh ráta bailiúcháin 80% amach




Bailíodh €1.6m ó thart ar 328 iasachtaí a raibh iasachtaí Comhairle á n-aisíoc acu


Rannóg Bainistíochta Maoine nua chun talamh agus maoin uile na Comhairle a thaifeadadh agus a léarscáiliú



Bailíodh €14.9m ó 5,540 cuntas cíosa



ráta bailithe 85%



Próiseáladh luach breis agus €293m d'íocaíochtaí i rannóga Cuntas Iníochta (AP) agus Meaitseála Sonrasc Lárnach na Comhairle

Airgeadas

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (SIFC) Chomhairle Contae Dhún na nGall

Réamhrá

Táimse, John G. McLaughlin, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall, freagrach as an ráiteas airgeadais bliantúil (AFS), a d'ullmhaigh an Stiúrthóir Airgeadais, a ullmhú i gcomhréir leis an chód cleachtais cuntasáíochta a d'eisigh an tAire faoi Alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Deimhním go bhfuil ráitis airgeadais neamhiniúchta Chomhairle Contae Fhine Gall don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, ar aon dul leis na leabhair chuntasáíochta agus gur ullmhaíodh iad i gcomhréir le riachtanais chuntasáíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Déanann iniúchóir Sheirbhís Iniúcháireachta an Rialtais Áitiúil iniúchadh seachtrach ar an Ráiteas Airgeadais Bliantúil, arb é a chuspóir tuairim neamhspleách a chruthú faoi na cuntais agus a lua cibé acu a chuirtear nó nach gcuirtear i láthair go cóir i ráiteas airgeadais bliantúil staid airgeadais an údaráis áitiúil agus a ioncam agus a chaiteachas don tréimhse i gceist, agus cibé acu a chloíonn nó nach gcloíonn idirbhearta an údaráis áitiúil leis an údarú reachtúil nó le húdarú eile a maítear gur tugadh fúthu.

Rinneadh iniúchadh ar an Ráiteas Bliantúil Airgeadais don bhliain 2023. Tá na figiúirí a thuairiscítear anseo istigh don bhliain 2024 mar chuid den Ráiteas Airgeadais Bliantúil neamhiniúchta don bhliain 2024. Thosaigh Iniúchóir an Rialtais Áitiúil le hiniúchadh ar Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chomhairle Contae Dhún na nGall an 29 Aibreán 2025. Nuair a thugtar faoin iniúchadh, cuirfear na cuntais iniúchta faoi bhráid Choiste Iniúcháireachta Chomhairle Contae Dhún na nGall agus faoi bhaill thofa Chomhairle Contae Dhún na nGall. Meastar go gcríochnófar an t-iniúchadh faoi lúil 2025.

Déantar tuairisciú sa RBA ar ghníomhaíocht laethúil Chomhairle Contae Dhún na nGall i bhfoirm Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach agus Caiteachas, a dtugann an Rannán achoimre air.

Tugtar cuntas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ar staid airgeadais fhoriomlán Chomhairle Contae Dhún na nGall amhail an 31 Nollaig 2024.

Déantar tuairisciú sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach ar chaiteachas agus ar ioncam ar Chomhairle Contae Dhún na nGall a chur ar bun go laethúil.

Is iad na príomhfhoinsí ioncaim do Chomhairle Contae Dhún na nGall:

	2024 €	2023 €
Earraí agus Seirbhísí	51,537,986	54,494,313
Deontais agus Fóirdheontais	96,833,538	72,362,986
Ranníocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla Eile	420,470	402,347
Rátaí	38,554,490	38,413,966
Cáin Mhaoine Áitiúil	27,977,270	26,379,846

Seo a leanas an ghníomhaíocht sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2024:

	2024 €	2023 €
Ioncam	215,323,754	192,053,458
Caiteachas	201,204,534	182,207,493
Glanaistrithe chuig an Chuntas Caipitil/Cúlchistí	12,919,221	8,693,966
Earra Eisceachtúil	-	-
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain	1,199,999	1,151,999
Coigeartú don Bhliain Roimhe	-	-
Cúlchiste/(Easnamh) Ioncaim Tosaigh	(3,743,530)	(4,895,529)
Cúlchiste/(Easnamh) Ioncaim Deiridh	(2,543,531)	(3,743,530)

Is é an méadú bliain ar bhliain ar ioncam ó 2023 go 2024 €23,270,296. Tháinig méadú €24,470,552 ar Ioncam ó Dheontais agus Fóirdheontais. Bhain an méadú go príomha le cistiú ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta do Dheontais do Chostas Méadaithe Gnó (ICOB) agus do Dheontais Ardaithe Cumhachta (PUG) a íocadh le gnólachtaí Dhún na nGall in 2024, anuas ar chistiú breise do chlár oibre Bóithre agus Tithíochta, agus cistiú díreach do Tháillí na Lárbhainistíochta (CMC) ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (ioncam a fuarthas roimhe seo ó Uisce Éireann).

Tháinig laghdú beag €2,956,327 ar ioncam ó Earraí agus Seirbhísí, a léiríonn glanéifeacht an ioncaim bhreise ó Chíosanna Tithíochta, ioncam laghdaithe ó Uisce Éireann, ranníocaíochtaí pinsin fostaí méadaithe, ioncaim laghdaithe ón NPPR, agus ceannteidil ilghnéitheacha eile.

Is é an barrachas sna dréachtchuntais neamhiniúchta don bhliain 2024 €1,199,999. Is éard a dhéanann an barrachas ná an t-easnamh ioncaim a thugtar anonn a laghdú go (€2,543,531).

Léirítear sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) staid airgeadais deiridh na Comhairle ag deireadh na bliana, anuas ar fhigiúirí comparáideacha bliana, faoi mar is cuí.

Áirítear leis an ráiteas sócmhainní agus dliteanais, mar seo a leanas:

- o Sócmhainní a tógadh/a ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla
 - o Obair ar bun agus réamhscéimeanna – bóithre agus tithíocht go príomha
 - o Féichiúnaithe Fadtéarmacha – iasachtaí tithíochta
- o Sócmhainní Reatha – Stoc, Féichiúnaithe, Airgead sa Bhanc san áireamh
 - o Dliteanais reatha agus fhadtéarmacha – iasachtaí morgáiste agus neamh-mhorgáiste
 - o Cúlchistí/larmhéideanna Éagsúla

B'ionann Glansócmhainní Chomhairle Contae Dhún na nGall ag deireadh 2024 agus €3,621,074,299, ar an iomlán, agus seo a leanas iad:

	2024 €	2023 €
Sócmhainní Seasta	3,481,999,685	3,477,946,361
Oibreacha ar Bun	165,647,367	133,829,135
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	40,127,353	43,128,540
Sócmhainní Reatha	113,359,852	102,127,264
Dlíteanais Reatha	68,411,228	69,612,081
Glansócmhainní Reatha/(Dlíteanais)	44,948,624	32,515,183
Creidiúnaithe (Suimeanna níos mó ná bliain amháin)	111,648,730	112,068,734
Glansócmhainní/(Dlíteanais)	3,621,074,299	3,575,350,485

Tugadh Ráiteas ar Shreabhadh Cistí isteach mar chuid de RAB 2011. Cé gur leanadh treoir Ráiteas ar Shreafaí Airgid Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7, tá gnó údarás áitiúil an-difriúil ó fhormhór na n-eagraíochtaí earnála príobháidí agus, ar an ábhar sin, rinneadh comhaontú ar roinnt mionathruithe ar an fhormáid lena chinntiú go bhfuil na sonraí a thaispeántar bríoch agus áisiúil laistigh den earnáil rialtais áitiúil.

Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Aithním, mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall, an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoinníonn Comhairle Contae Dhún na nGall córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcuireann sí i bhfeidhm é. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Contae Dhún na nGall. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhuí go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach is ea é córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- o Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta
- o Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- o Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú
- o Tá Coiste Iniúcháireachta ann a dhéanann athbhreithniú rialta ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais mar chuid dá chlár oibre.
- o Rinneadh nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó a dhoiciméadú
- o Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint

Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall, deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe:

- o Rinneadh nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó a dhoiciméadú
- o Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- o Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an údarais áitiúil a chosaint, agus
- o Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Comhlíonadh Soláthair

Cinntíonn Comhairle Contae Dhún na nGall go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i dtairiscintí a chur amach agus i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha soláthair a chinntiú.

Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Iniúchóireachta

Mar Phríomhfheidhmeannach, is féidir liom a dhearbhu go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus pearsana a bhfuil an oiliúint chuí orthu ag obair inti, a oibrítear de réir cairt scríofa. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Comhairle Contae Dhún na nGall nochta dóibh bonn eolais ar fáil faoina hobair, agus is ar an anailís seo a bhunaítear na pleananna iniúchóireachta inmheánaí. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Is féidir liom a dhearbhu go bhfuil coiste iniúchóireachta éifeachtach ag Comhairle Contae Dhún na nGall a thugann faoi athbhreithniú ar éifeachtacht a ngníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú freisin go bhfuil Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais Alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Is iad feidhmeanna reachtúla na gcoistí iniúchóireachta, faoi mar a leagtar amach in ailt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014:

- I. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus nósanna imeachta tuairiscithe airgeadais agus bhuiséadaigh laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh iad;
- II. forbairt dea-chleachtais a chothú i dtabhairt faoina fheidhm iniúchta inmheánaigh ag an údarás áitiúil;
- III. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, tuarascáil iniúcháir nó tuarascáil speisialta iniúcháir maidir leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhartha faoinar tugadh laistigh den údarás sin ag a phríomhfheidhmeannach mar fhreagairt do ráiteas nó do thuarascáil den saghas sin a chuirtear faoi bhráid an údarais sin ar a thorthaí;
- IV. éifeachtúlacht agus luach ar airgead maidir le feidhmiú fheidhmeanna an údarais áitiúil a mheasúnú agus a chur chun cinn; agus
- V. córais a athbhreithniú a oibríonn an t-údarás áitiúil ar mhaithe le rioscaí a bhainistiú.

Aithním go nglacann an coiste iniúchóireachta le ról rithabhachtach i gcreat rialachais údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs chuntasacht mhéadaithe na hearnála poiblí. Tá ról neamhspleách acu i dtaobh comhairle a chur ar an gComhairle ar phróisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, ceisteanna bainistíochta riosca agus iniúchóireachta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais an údarais áitiúil.

Aithním ról an Choiste Iniúchóireachta sa phróiseas bainistíochta riosca agus san athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais i gComhairle Contae Dhún na nGall.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí siúd a mhaolú.


Tá clár rioscaí corparáideacha ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí agus tá siad seo aitheanta, measta agus grádaithe de réir a thábhachtaí atá siad. Déanann Foireann Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Tá clár rioscaí i bhfeidhm freisin do gach rannán seirbhíse agus déantar iad seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta freisin.

Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha. Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagrachtaí as oibriú rialuithe a shanntar do chomhaltaí sonracha foirne a mhaolú.

Mar Phríomhfheidhmeannach, dearbhaím go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a aithnítear.

Cuirfear an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais san áireamh sa dréacht-Tuarascáil Bhliantúil a chuirfear faoi bhráid bhaill na Comhairle agus a chuirfear san áireamh dá éis sin sa Tuarascáil Bhliantúil fhoilsithe a d'ullmhaigh agus a ghlac an Chomhairle léi an 30 Meitheamh 2024.

Síniú



John G. McLaughlin
Príomhfheidhmeannach
Dáta: 29th Bealtaine 2025

Ráiteas Rialachais 2024

Cuspóir

Is é cuspóir an ráitis rialachais seo eolas ábhartha a sholáthar ar na struchtúir agus na socruithe rialachais laistigh den údarás áitiúil, maidir le limistéir na Comhairle, na gcoistí, na bainistíochta sinsearaí agus ghaolmhara ina measc. Léirítear ann ár dtiomantas do rialachas éifeachtach, aithnítear ann príomhcheanglais reachtaíochta agus dea-rialachais agus dearbhaítear ann comhlíonadh oibleagáidí Chód Rialachais Rialtais Áitiúil na Comhairle.

Dea-Rialachas

Is éard atá i gceist le dea-rialachas san earnáil rialtais áitiúil agus san earnáil phoiblí i gcoitinne go bunúsach ná tosaíochtaí a chomhlíonadh, cuspóirí a bhaint amach, bheith ionraic agus gníomhú ar mhaithe le leas an phobail, ar bhealaí atá comhsheasmhach le hoibleagáidí dlíthiúla, rialála agus beartais an Rialtais. Tagraíonn rialachas don chreat rialacha, caidrimh, córas agus próiseas ina ndéantar an t-údarás áitiúil a stiúradh, a rialú agus cuntasacht a leagan air agus ina bhfeidhmítear agus ina gcoinnítear údarás laistigh d'eagraíocht. Cuimsítear ann údarás, cuntasacht, maoirseacht agus ceannaireacht, stiúradh agus rialú.

Prionsabail Dea-Rialachais

CROÍPHRIONSABAL 1 - Ciallaíonn dea-rialachas díriú ar chuspóir an údaráis, ar thorthaí a sholáthraíonn tairbhí inbhuanaithe geilleagracha, pobail agus sochaíocha níos fairsinge agus ar fhís a chur i bhfeidhm don údarás áitiúil.

CROÍPHRIONSABAL 2 - Ciallaíonn dea-rialachas luachanna seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a léiriú trí sheasamh le hardchaighdeáin iompair agus iompraíochta.

CROÍPHRIONSABAL 3 - Ciallaíonn dea-rialachas go n-oibríonn baill agus oifigigh le chéile chun cuspóir coiteann a bhaint amach laistigh de chreat feidhmeanna agus ról atá sainithe go soiléir.

CROÍPHRIONSABAL 4 - Ciallaíonn dea-rialachas acmhainn eagraíochta agus cumas ceannaireachta agus inniúlachtaí ball agus oifigeach a fhorbairt chun oibriú go héifeachtach agus cuspóir na heagraíochta a chomhlíonadh.

CROÍPHRIONSABAL 5 - Ciallaíonn dea-rialachas cinntí eolacha agus trédhearcacha a dhéanamh agus rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú.

CROÍPHRIONSABAL 6 - Ciallaíonn dea-rialachas idirchaidreamh oscailte agus cuimsitheach a dhéanamh le daoine áitiúla, saoránaigh agus páirtithe leasmhara eile le cuntasacht daingean poiblí a chinntiú.

CROÍPHRIONSABAL 7 - Ciallaíonn dea-rialachas cur go gníomhach le gníomhú ar son agus baint amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí agus na gníomhartha laistigh den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar fhorálacha an Achta Aeráide.

Cllr Niamh Kennedy
Cathaoirleach
Dáta: 29th Bealtaine 2025

Ár dtiomantas do Dhea-Rialachas

Mar Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach na Comhairle, agus thar ceann na mball tofa, na bainistíocht agus na foirne, deimhnímid an méid seo a leanas;

- Ghlacamar leis na prionsabail rialachais mar an bhunchloch agus mar an bhunfhealsúnacht a n-oibrímid ina leith mar chomhlacht rialaithe agus mar fheidhmeannacht.
- Glacadh leis an Chód Rialachais Rialtais Áitiúil agus athbhreithníodh agus measúnaíodh a mhéid a chomhlíonann an Chomhairle an Cód Rialachais.
- Cuireann an Príomhfheidhmeannach an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais faoi bhráid na mBall Tofa agus an Choiste Iniúchóireachta. Athbhreithníonn an Coiste Iniúchóireachta an SIFC agus cuireann sé dearbhú ar fáil ar bhonn bliantúil do na Baill Thofa. Tá meicníochtaí ar fáil don Choiste Iniúchóireachta leis na Baill Thofa a chur ar an eolas ar aon saincheisteanna a thagann chun solais lasmuigh den ghnáth-thuairisciú bliantúil.
- Aithnítear agus cloítear le comhlíonadh na n-oibleagáidí dlíthiúla agus rialála.
- soiléireacht ról agus freagrachtaí atá i gceist leis seo bunaithe ar fheidhmeanna forchoimeáda agus feidhmiúcháin agus bunaítear iad théarmaí tagartha an choiste.
- Tá Cóid Iompair agus dearbhuithe eitice do bhaill agus d'fhostaithe i bhfeidhm.
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir le halt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus lena dheimhniú gur foilsíodh an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht.
- Athbhreithníonn an Chomhairle agus na Coistí a bhfeidhmíocht féin ar bhonn tréimhsiúil.
- Thosaíomar socruithe cuí maoirseachta rialachais maidir le fochuideachtaí, cuideachtaí comhlachaithe agus cuideachtaí gaolmhara.
- Mar chuid dár dtiomantas do mhaoirseacht agus do chuntasacht éifeachtach, tá ár gcreat foriomlán dearbhaithe forbartha againn agus leanaimid lena fheabhsú trí úsáid a bhaint as foinsí seachtracha agus inmheánacha dearbhaithe le dea-fheidhmíocht a chinntiú mar chuid dár gcultúr rialachais.

John G. McLaughlin
Príomhfheidhmeannach
Dáta: 29th Bealtaine 2025

An Rannán Cuntais Bhainistíochta

Tá príomhfhreagracht ar an Rannán Cuntais Bhainistíochta as an Bhuiséad Bliantúil Ioncaim agus as an Bhuiséad Bliantúil Ioncaim agus as an Bhuiséad Caipitil rollach trí bliana a ullmhú, a bhainistiú agus a mhaoirsiú.

Ghlac na Baill Thofa le Buiséad Ioncaim 2024 an 6 Nollaig 2023, i gcomhréir leis an Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú) agus laistigh den tréimhse a d'fhorordaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Ullmhaíodh Buiséad Caipitil 2023-2025 de réir an Achta um Rialtas Áitiúil, 2001 (arna leasú) agus bhreithnigh na Baill Thofa é ag Cruinniú na Comhairle a tionóladh an 6 Nollaig 2023.

Tá Rannóg na gCuntas Bainistíochta freagrach chomh maith as Tuairisceáin Airgeadais ráithiúla AE/IMF a ullmhú agus a chur isteach, agus as tuairisceáin reachtúla eile ar bhonn tréimhsiúil. Rinne Rannóg na gCuntas Bainistíochta aighneacht Chomhairle Contae Dhún na nGall faoin Chód Caiteachais Phoiblí a chomhordú, a bhí críochnaithe faoin spriocdháta, an 31 Bealtaine 2024, agus foilsíodh ar líne í.

I measc rudaí eile, bainistíonn Rannóg na gCuntas Bainistíochta Leabhar Árachais na Comhairle, a Leabhar Iasachta, a hOifig Soláthair, aisghabháil costas faoi théarmaí an Chomhaontaithe Tacaíochta Seirbhíse le hUisce Éireann, agus an iomaí ceist leanúnach bhuiséadach ó lá go lá a bhaineann leis an eagraíocht ar fad.

Buiséad Bliantúil Ioncaim 2024	€185,577,941
Buiséad Caipitil Trí Bliana 2023-2025	€1,022,406,467

An Rannóg Soláthair

Leanann an Rannóg Soláthair le tacaíocht, oiliúint agus treoir a sholáthar don fhoireann go léir atá ag obair le hearraí, seirbhísí agus oibreacha a sholáthar i measc rannáin uile na Comhairle. Glacann an Rannóg Soláthair le príomhról freisin i bhforbairt réitigh sholáthair a thacaíonn le ceannach luacha ar airgead. I measc rudaí eile suntasach in 2024, bhí an Oifig Soláthair, aisghabháil costas faoi théarmaí an Chomhaontaithe Seirbhíse le hUisce Éireann, agus an iomaí ceist leanúnach bhuiséadach ó lá go lá a bhaineann leis an eagraíocht ar fad.

- o Críochnú na hoiliúna foirmiúla foirne agus na tacaíochta leanúnaí don fhoireann go léir maidir le hardán nua Ríomhthairiscintí (eTenders) (ardán tairisceana leictreonaí a riarann an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP)) a tugadh isteach i mBealtaine 2023.
- o Tugadh oiliúint soláthair isteach a foinsíodh go seachtrach a soláthraíodh i gcaitheamh ceithre sheisiún leathlae do thart ar 40 foireann CCDG atá bainteach i soláthar, den chéad uair sula raibh paidéim Covid ann.
- o Tugadh riarachán agus tacaíocht leanúnach don fhoireann a úsáideann na córais cheannaigh láraithe, SupplyGov agus Buyerzone.
- o D'fhoilsigh foireann na Comhairle 181 iarraidh ar thairiscint ar eTenders.
- o Foilsíodh 392 mioniomáíocht d'iarraidh ar Thairiscint (RFT) agus iarraidh ar Luachan ag foireann na Comhairle ar thairseach SupplyGov i gcatagóirí Gléasra ar Cíos agus Mionoibreacha Tógála agus Oibreacha Sibhialta.
- o Foilsíodh 10 n-iarraidh thairisceana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (OJEU) d'fheabhsúcháin ardluacha.
- o Nuashonraíodh Straitéis Soláthair Phoiblí Ghlais na Comhairle agus tugadh tacaíocht leanúnach don fhoireann ar aon dul le treoirí nua comhlíonta agus nuashonraíodh critéir le tacaíocht ón OSR agus an GCC.
- o Críochnaíodh Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta an Chóid Caiteachais Phoiblí.

Rinneadh cothabháil agus nuashonrú leanúnach ar Bheartas agus Nósanna Imeachta Chomhairle Contae Dhún na nGall lena chinntiú, gan aird ar an mhodh ceannaigh, go mbaineann an Chomhairle luach ar airgead amach.

An Rannán Cuntasaíochta Airgeadais

Próiseáil Párolla agus Bileog Ama

Tá an Rannóg Párolla agus an Fhoireann Próiseála Bileog Ama freagrach as íocaíochtaí párolla agus pinsin a phróiseáil do thart ar 1,900 ball foirne san am a chuaigh thart agus san am i láthair. B'ionann seo agus ollíocaíochtaí breis agus €87.6m in 2024, agus na hasbhaintí uile lena mbaineann curtha san áireamh, idir asbhaintí reachtúla agus deonacha.

Leanann Rannóg Párolla Chomhairle Contae Dhún na nGall de bheith ag obair i gcomhar le seirbhísí comhroinnte 'MyPay' chun próisis phárolla leanúnacha a bhainistiú, chomh maith le déileáil le saincheisteanna náisiúnta is coiteann ar fud na hearnála.

Thug na Coimisinéirí Ioncaim Tuairisciú Breise Ioncaim isteach i rith na bliana. Tugadh faoi thionscadal sonrach laistigh den Rannóg Párolla chun ullmhú go sonrach do na riachtanais nua tuairiscithe.

Cuntais Iníochta agus Meaitseáil Sonrasc Lárnach

Bhí na rannóga Cuntas Iníochta (AP) agus Meaitseála Sonrasc Lárnach (CIM) freagrach as próiseáil íocaíochtaí de bhreis ar €293m san iomlán in 2024, arb ionann sin agus thart ar 71,000 idirbheart aonair. Déanann an rannóg AP agus CIM na cánacha indíreacha uile a bhainistiú: CBL, Éadálacha Ionphobail, Cáin Chonarthaí Iomchuí, Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla agus Cáin Ioncaim a bhainistiú, chomh maith leis na riachtanais bhainteacha rialála agus chomhlíonta go léir.

Próiseálann an rannóg íocaíochtaí Deontais um Bloic Choincréite Lochtacha. Tá na babhtaí íocaíochta sin ag dul i méid go mór, ó thaobh lín agus luacha de, de réir mar a thagann fairsingiú ar an limistéar oibre.

Mar chuid de thiomantas na gCoimisinéirí Ioncaim do Ríomhsheirbhísí, rinneadh riachtanais bhreise tuairiscithe a dhigitiú. Theastaigh coigeartuithe substainteacha theicniúla agus próisis uaidh seo.

Cuntasaíocht Airgeadais

Tá príomhfhreagracht ar an Rannóg Cuntasaíochta Airgeadais as na rudaí seo a leanas:

- o Na Ráitis Airgeadais Bhliantúla a chur le chéile
- o An próiseas iniúchta bhliantúil a bhainistiú
- o Tuairisciú maidir le hlarmhéideanna Ginearálta Rialtais (GGB) agus tuairisceáin ráithiúla roinne a sheoladh ar aghaidh
- o Tuairisceáin chánach
- o Treoir/córais airgeadais a chur ar fáil do rannóga eile de chuid na Comhairle
- o Athruithe cuntasaíochta (nósanna imeachta nua a thabhairt isteach mar fhreagairt ar athruithe cuntasaíochta)

Córais Bhainistíochta Airgeadais

Tá an Rannóg CBA freagrach as an méid seo a leanas:

- o Córas Bainistíochta Airgeadais (nuashonruithe teicniúla) a chothabháil
- o Comhéadan a chothabháil go leanúnach (Giant Leap, DCB, AnPost, Ceadúnú Madraí, etc.)
- o Comhairle a chur ar fáil do rannóga eile maidir le ceanglais chuntasaíochta agus chórais maidir le córais nua TF
- o Chuidigh an Rannóg le linn na bliana leis an mhéid seo a leanas a chur i bhfeidhm:
 - Ríomhphlean i gcomhoibriú leis an Rannóg Pleanála
 - Deontais ICOB agus Ardaithe Cumhachta (PUG) i gcomhoibriú le Bailiúchán Ioncaim
 - Athluacháil Rátaí i gcomhoibriú le Bailiúchán Ioncaim
 - Cuireadh tús le pleanáil chun íocaíochtaí ar líne a thabhairt isteach
 - Cáin Shiarchoinneálach Tiarna Talún Neamhchónaithe i gcomhoibriú le AP
 - Tosaíodh leis an obair ar an Phlean Leanúnachais Gnó
 - Uasghrádaíodh na meaisíní Cárta Creidmheasa go léir

Bainistíocht Bainc agus Stáitchiste

Déanann an Rannóg Cuntais Airgeadais cuntais bhainc, sreabhadh airgid agus infheistíochtaí na Comhairle a bhainistiú, d'fhonn a chinntiú go bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha agus leanúnacha ar fáil do ghníomhaíochtaí na Comhairle. Le linn na bliana, rinne an rannóg athbhreithnithe leanúnacha ar na roghanna infheistíochta agus de thoradh air seo d'éirigh linn an ráta úis ab airde a choimeád agus, ag an am céanna, chinntiomar go ndéantar sócmhainní na Comhairle a chosaint go stuama mar aitheantas ar an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc.

An tAonad Bailithe Ioncaim

Rátaí Tráchtála

In 2024, eisíodh 5,607 bille Rátaí Tráchtála arbh fhiú €38,554,490 iad chuig gnólachtaí i gContae Dhún na nGall. Bunaíodh billí a eisíodh in 2024 ar fhigiúirí nua luachála mar a nuashonraigh Tailte Éireann faoin Chlár Athluachála Náisiúnta.

Ba iad na rátaí bailithe céatadáin do Rátaí Tráchtála in 2024 80%, ar méadú dhá phointe céatadáin é sin ar 2023. Cé gur tháinig cobhsú le blianta beaga anuas ar bhoilsciú, tá dúshlán mhóra roimh ghnólachtaí go fóill, go háirithe dúshlán saothair (i dtaobh costas méadaithe agus margadh dúshlánach post), costais mhéadaithe fuinnimh, éiginnteachtaí sa gheilleagar domhanda, agus na dúshlán a bhaineann le hoibriú go tíreolaíoch i gcontae teorann.

In ainneoin na ndúshlán seo, bailíodh €34,656,183 in 2024. Is é an figiúr bailiúcháin seo an luach is airde d'fháltais Rátaí Tráchtála a baineadh amach riamh i gContae Dhún na nGall.

Deontas Gnólachta Bhig (Creidmheas na Dreasaigh Íocaíochta Luaithe)

In 2015, ghlac na Baill Thofa le Deontas Gnólachta Bhig (Creidmheas na Dreasaigh Íocaíochta Luaithe) a sholáthraíonn deontas, faoi réir téarmaí agus coinníollacha áirithe, do chustaiméirí a chomhlíonann a ndlíteanas Rátaí Tráchtála go hiomlán agus nach bhfuil aon riaráistí acu ar a gcuntas Rátaí Tráchtála an 31 Deireadh Fómhair. Cuireadh an scéim ar siúl ar bhonn leantach gach bliain ó 2015.

Cuirtear an deontas i bhfeidhm trí chreidmheas a chur i bhfeidhm ar chuntas an chustaiméara chun cabhrú le bille na bliana dar gcionn a sheach-chur. Sholáthair an scéim deontas in 2024 ar ráta 7.5% de bhille Rátaí Tráchtála 2024, faoi réir deontas uasta €375, do chustaiméirí nach raibh aon riaráistí acu ar a gcuntas ag an 30 Deireadh Fómhair 2024. In 2024, cuireadh an Scéim ar fáil do 2,167 custaiméir (thart ar leath de na custaiméirí go léir), ar chostas iomlán thart ar €466,000 ar an Chomhairle.

Deontais do Chostas Méadaithe Gnó/Ardaithe Cumhachta in 2024

Mar fhreagairt dhíreach do dhálaí dúshlánacha geilleagracha do ghnólachtaí, thug an Roinn Trádála, Fiontar agus Fostaíochta Deontas do Chostas Méadaithe Gnó isteach in 2024. Lean an Scéim Deontais Ardaithe Cumhachta é seo. Chuir na scéimeanna deontais seo tacaíocht airgeadais luachmhar ar fáil agus díriodh iad i dtreo gnólachtaí inráitíle beaga agus meánmhéide. Riar údarais áitiúla an dá scéim ar bhonn náisiúnta. D'íoc Comhairle Contae Dhún na nGall €13.1m ar an iomlán sna deontais seo le 4,048 gnólacht sa Chontae.

Cíosanna Tithíochta

Bailíodh €14.9m ó thart ar 5,540 cuntas cíosa in 2024. Is ionann seo agus ráta bailithe 85%.

Iasachtaí Tithíochta

Bailíodh €1.6m in 2024 ó thart ar 328 iasachtaí a bhfuil iasachtaí na Comhairle á n-aisíoc acu. Tá roinnt roghanna ar fáil d'iasachtaithe a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu le leanúint lena n-aisíocaíochtaí iasachta a dhéanamh, agus treoraíonn an Próiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (PRRM) an Chomhairle ina leith seo.

Leanann an Chomhairle ag tacú le húinéireacht áit chónaithe trí iasachtaí morgáiste a éascú do thionóntaí a bhfuil tithe na Comhairle á gceannach acu agus dóibh siúd a lorgaíonn áiteanna cónaithe a cheannach ar an mhargadh oscailte. Áis morgáiste lena dtugann an rialtas tacaíocht í an Iasacht Tithíochta Údarais Áitiúil, a dhírítear go sonrach ar cheannaitheoirí céaduaire, ar féidir í a úsáid le maoin nua nó athlámhe a cheannach nó le maoin a fhéintógáil.

Lean an Chomhairle leis an Scéim Athstruchtúraithe Úinéireachta Comhroinnte a chur ar aghaidh, a cheadaíonn d'iasachtaithe a niasachtaí Úinéireachta Comhroinnte reatha a athstruchtúru.

Muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)

Bailíodh €251,000 in 2024 ó úinéirí maoine a bhí faoi dhliteanas íoc as riaráistí an Mhuirir ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR). Cé gur tháinig deireadh leis an mhuirear sin in 2013, tá ceanglas fós ann aon riaráistí agus aon phionóis a íoc atá le híoc sula ndéanfar an mhaoin a dhíol nó a aistriú. Ba ghá deimhniú urscaoilte nó deimhniú díolúine a fháil ionas gur féidir díol nó aistriú maoine iomchuí a chur i gcrích. Lean an Rannóg NPPR de bheith ina rannóg ghnóthach den Aonad Bailithe Ioncaim i rith 2024. Cuireadh tús le héag céimneach an mhuirir NPPR i mí an Mheithimh 2021. Rachaidh dliteanas i leith an mhuirir in éag go hiomlán tar éis an 31 Márta 2025.

An Rannóg Bainistíochta Maoine

Bunaíodh Rannóg Bainistíochta Maoine a bhfuil sainchúram aici chun talamh agus maoín uile na Comhairle a thairfeadh agus a léarscáiliú. Thug an Roinn córas TF isteach chun an talamh agus an mhaoín uile atá faoi úinéireacht na Comhairle a thairfeadh. Áirítear leis seo léasanna, ceadúnais, ligean gearrthéarmach, cearta bealaigh, ceadanna slí, etc. a thairfeadh.

Baineadh dul chun cinn suntasach amach sa tionscadal seo go dtí seo ach tá líon suntasach sócmhainní stairiúla le cur i dtairfeadh go fóill. De réir mar a dhéanfaidh an clár oibre seo dul chun cinn, feabhsófar inniúlacht an chórais agus cuirfear tuarascálacha agus léarscáileanna níos cuimsithí agus níos mionsonraithe ar fáil de thalamh agus de mhaoín atá faoi úinéireacht na Comhairle.

Tá freagracht ar an Fhoireann Bainistíochta Maoine as:


- o Treoir agus tacaíocht a sholáthar maidir le diúscairtí agus fáil maoine, agus comhairle maidir le cosc réamhghníomhach a chur ar éilimh ar sheilbh chodarsna, agus mar sin de
- o Léasanna fadtéarmacha ar mhaoín, comhaontuithe ceadúnais, léasanna reachtaireachta 11 mhí, agus comhaontuithe ligin ghearrthearmaigh.
- o Idirchaidreamh leanúnach leis an Údarás Clárúcháin Maoine, aturnaetha na Comhairle, agus ionadaithe dlíthiúla tríú páirtí
- o An bunachar sonraí bainistíochta maoine a chothabháil

Bóithre agus Iompar


Pobail a Chumasú agus Tacú leo/Borradh a Chumasú/Seirbhísí a Sholáthar

€1.3m

infheistithe in oibreacha athshlánaithe, neartaithe agus athsholáthair ar 22 droichead ar bhóithre Réigiúnacha agus Aitiúla




agus oibreacha ar Dhroichead Mhic Giolla Chomhaill agus Droichead Anraí Bléine




Tionscadail Bealaí Sábháilte ar Scoil críochnaithe i Ráth Bhoth, Baile Suingean, an Baile Nua agus Ráth Mealtain

Oscailt oifigiúil ar an Tionscadal ón Chlochán Liath go dtí na Gleannta inar infheistíodh €100M i rith 10 mbliana



Uasghrádaíodh 83% de 19,700 solas poiblí na Comhairle go dtí soilse LED, a bhain coigilt bhreise 8% amach ar úsáid fuinnimh

Úsáideadh 11,580 tonna salainn i gcóireáil bóithre mar chuid dár gclár seirbhíse geimhridh



Buaicphointí 2024

Gníomhú ar son na hAeráide a Phríomhshruthú/Acmhainn Eagraíochta a Fhorbairt




**Críochnaíodh Gréasán
Glasbhealaí an
Iarthuaiscirt inar
infheistíodh breis
agus €16m**

**Oscailt oifigiúil
Thionscadal Muirmhúir
Chalafort an Caisleáin Nua
€25m**



**386km dár ngréasán bóithre
Réigiúnacha agus Áitiúla
feabhsaithe faoinár gclár
Feabhsúcháin Athchóirithe
agus Chothabhála**

**D'fhreastail 2,475 scoláire dara
leibhéal ar an Seó Bóthair
Sábháilteachta ar Bhóithre 2024, a
mhéadaigh an líon freastail iomlán ó
tosaíodh é in 2007 go dtí breis agus
50,000**



**Cheadaigh an rialtas
Réamhchás Gnó Dhún na nGall
don Tionscadal Feabhsúcháin
Bealaigh Tosaíochta (TEN-T)**

Seirbhísí Bóithre

Oifig Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall

Tionscadal Feabhsúcháin Bealaigh Tosaíochta (TEN-T) Dhún na nGall (PRIPD)

Fuair Comhairle Contae Dhún na nGall cead ón rialtas in Iúil 2024 do Réamhchás Gnó PRIPD TEN-T. Chun an gharsprioc seo a bhaint amach, ba é an tionscadal an chéad tionscadal bóthair sa tír ar éirigh leis dul chun cinn a dhéanamh tríd an phróiseas athbhreithnithe struchtúrach nua a chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus an Roinn Iompair i gcrích. Déanfaidh gach ceann de thrí stráice an tionscadail, Seachbhóthar Bhealach Féich/Shrath an Urláir an N15/N13, an N56/N13 ó Leitir Ceanainn go Mainéar Uí Chuinneagáin, Tionscadal Dhroichead Loch Súilí, agus Tionscadal Naisc an N14 ó Mhainéar Uí Chuinneagáin go Leifear/an Srath Bán/an A5, dul chun cinn le chéile anois trí chéim an cheada pleanála, ina bhfoilseofar an Tuarascáil Mheasúnachta Tionchair Timpeallachta agus an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh, atá ar na bacáin faoi láthair i Ráithe 2 2025.

Tionscadal an N56 ón Chlochán Liath go dtí na Gleannta

Rinne an tAire Jack Chambers, TD agus an Leas-Chathaoirleach, an Comhairleoir Gerry McMonagle, oscailt oifigiúil ar Thionscadal an N56 ón Chlochán Liath go dtí na Gleannta in Aibreán 2024. B'ionann an tionscadal agus infheistíocht €100M a soláthraíodh i gcéimeanna i rith 10 mbliana agus soláthraíodh bóthar i bhfad níos fearr thar an stráice 26km idir na bailte anuas ar rotharbhealach agus cosán nua i dteannta a chéile feadh an bhealaigh. Tosaíodh le stráice deiridh an tionscadail idir na Gleannta agus Acomhal Chill Ráin ar an láthair in 2024.



Oscailt Thionscadal an N56 ón Chlochán Liath go dtí na Gleannta

Scéim Feabhsúcháin Bóthair Bhré Mhic Ruairí an N15

Críochnaíodh Scéim Feabhsúcháin Bóthair Bhré Mhic Ruairí an N15 in 2024. Sholáthair an tionscadal ailíniú níos fearr agus guaillí crua agus ciúmhaiseanna níos leithne. Feabhsóidh sé feidhm agus oibriú an bhóthair do gach úsáideoir bóithre, ach go háirithe úsáideoirí bóithre leochaileacha, cosúil le coisithe agus rothaithe.



Scéim Feabhsúcháin Bóthair Bhré Mhic Ruairí

An Clár Cothabhála Droichead 2024

I rith 2024, bhainistigh Foireann Droichead Réigiúnach Dhún na nGall cigireacht agus críochnú gnáthoibreacha cothabhála ar na droichid Bhóithre Náisiúnta go léir sa chontae.

Cheadaigh an conradh chomh maith tabhairt faoi oibreacha cothabhála frithghníomhacha cosúil le deisiúcháin tar éis díobháil de bharr imbhuailtí feithiclí do bhallaí uchtbhalla, ailt infhairsingithe a athsholáthar agus a dheisiú tar éis teagmhais tuilte.



An Lár-Rannóg Seirbhísí Teicniúla

Droichid Bhóthair Réigiúnacha agus Áitiúla a Chothabháil

Fuair Comhairle Contae Dhún na nGall €911,138 in 2024 d'oibreacha athshlánaithe agus neartaithe/athsholáthair ar 22 droichead anuas ar leithdháiltí cistithe chun 6 struchtúr ilchodacha nó mórsála a mheasúnú agus/nó a dheardh.

Caitheadh cistiú deontais sonrach €388,500 ar obair thógála ag Droichead Mhic Giolla Comhairle agus chun measúnú struchtúrach a dhéanamh ar Dhroichead Anraí Bléine.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Chríochnaigh an Fhoireann um Shábháilteacht ar Bhóithre an measúnú agus an deardh ar go leor scéimeanna timpiste ísealchostais chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre trí bhearta innealtóireachta. Rinne sainchonnraitheoir nó na foirne Limistéir Bhóithre na hoibreacha, a chistigh an Roinn iompair.

Ceadaíodh Fodhlí um luasteorainn Leasaithe ag Cruinniú Iomlánach na Comhairle i Meán Fómhair 2024. Laghdófar an luasteorainn réamhshocraithe ar fhormhór na mbóithre tuaithe áitiúla anuas go 60 ciliméadar san uair, deimhneofar luasteorainn 30 ciliméadar san uair in eastáit tithíochta a glacadh i gcúram ó 2017 agus leasófar an luasteorainn ag trí láthair bhealaigh náisiúnta de bharr na n-athruithe, a chuirfear i bhfeidhm in 2025. Tosaíodh obair freisin ar fhodhlíthe um luasteorainn uirbeach a dhréachtú agus tabharfar iad seo chun cinn go dtí comhairliúchán poiblí in 2025.

Leanann an fhoireann um Shábháilteacht ar Bhóithre le tacaíocht a sholáthar do Ghrúpa Oibre um Shábháilteacht ar Bhóithre Dhún na nGall (DRSWG) thar ceann na Comhairle. Cuireadh an Seó Bóthair 'Sábháilte ar an Bhóthar' ar bun i nDeireadh Fómhair 2024 agus bhí glacadh maith leis i measc an 2,475 scoláire a d'fhreastail i measc an 2 sheó. Méadaítear leis seo an líon iomlán scoláirí a d'fhreastail ar an seó seo a bhuaigh gradam ó tosaíodh é in 2007 go dtí 50,475.



An Seó Bóthair Sábháilte ar an Bhóthar



Bealaí Sábháilte ar Scoil, an Baile Nua, á Oscailt

Tionscadail Bealaí Sábháilte ar Scoil

Críochnaíodh in 2024 ceithre Thionscadal Bealaí Sábháilte ar Scoil ag Scoil Náisiúnta Naomh Ádhamhnáin i Ráth Bhoth, Scoil Náisiúnta Naomh Báithín i mBaile Suingean, Scoil Mhuire i Ráth Mealtain agus Scoil Cholm Cille sa Bhaile Nua. Chun na tionscadail seo a sholáthar go rathúil teastaíonn comhoibriú uathu dlúth idir foireann Scoileanna Glasa an Taisce, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, foireann Taistil Ghníomhaigh na Comhairle agus na pobail scoile faoi seach. Rinne obair dhearaidh dul chun cinn ar roinnt tionscadail eile sa Chraoslach, i gCarn Domhnach agus i mBaile Dhún na nGall.



Bealaí Sábháilte ar Scoil, Ráth Bhoth á Oscailt

Glasbhealach SEUPB an Iarthuaiscirt

D'fhreastail an tAire Jack Chambers ar oscailt oifigiúil na stráicí ó Leifear go Caisleán na Finne agus ó Mhagh go hArd an Chrainn de Ghréasán Glasbhealaí an Iarthuaiscirt in 2024. Infheistíodh breis agus €16M sna stráicí seo de ghlasbhealaí seo sa chontae, anuas ar Ghlasbhealach Mhagh a cuireadh i gcrích roimhe seo. Gníomhóidh an tionscadal seo mar spreagadh do thionscadail ghlasbhealaigh eile atá á bhforbairt ag an Chomhairle trí úsáid a bhaint as cistiú Bhonneagar Iompair Éireann.



An Glasbhealach ó Mhagh go hArd an Chrainn á Oscailt

Taisteal Gníomhach

Críochnaíodh Córas Aontreo Bhaile Dhún na nGall in 2024 inar soláthraíodh bonneagar taistil ghníomhaigh i bhfad níos fearr sa bhaile. Chomhoibrigh an fhoireann Limistéir Bhóithre agus an fhoireann Taistil Ghníomhaigh ar thionscadal Taistil Ghníomhaigh ar Bhóthar an Chlochair i Leitir Ceanainn a sholáthar inar feabhsaíodh an bonneagar siúil agus rothaíochta taobh le roinnt scoileanna sa cheantar, a chuir le feabhsúcháin a rinneadh roimhe seo mar chuid de chóras Aontreo na hArdéaglaise. Forbraíodh tionscadail taistil ghníomhaigh bhreise mhórscála in 2024 sa bhaile ar aon dul le Plean Leitir Ceanainn agus le Plean Iompair Áitiúil ar glacadh leo in 2024. Déanfar seo a chur chun cinn níos mó trí phleanáil agus cur i bhfeidhm in 2025.

Soilsiú Poiblí

Tháinig méadú ar fhardal Soilithe Phoiblí na Comhairle aníos go dtí 19,700 solas, ar an iomlán, faoi dheireadh na bliana, (rinneadh 263 solas nua a thabhairt isteach go stoc na Comhairle ó Nollaig 2023). Astu seo, is soilse LED iad 16,398, arb ionann sin agus thart ar 83.2% den fhardal iomlán. In ainneoin an stoic soilithe poiblí atá ag dul i méid, sholáthair clár uasghrádaithe LED na Comhairle laghdú breise 360,286KwH ar a húsáid fuinnimh bhliantúil, arb ionann sin agus thart ar laghdú 8% ar úsáid fuinnimh do shoilsiú poiblí in 2024.

Céanna agus Calafóirt

Tosaíodh clár cistithe céanna agus cuanta Bhonneagar Muirí Údaráis Áitiúil Coigeartaithe an Bhreathimeachta (BALAMI) i ráithe 1 2022, agus críochnaíodh 25 tionscadal faoi dheireadh 2024 trí mheascán de chistiú BALAMI, na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Chomhairle Contae Dhún na nGall. D'oscail an tAire Charlie McConalogue tionscadal Mhuirmhúr Chalafort an Chaisleáin Nua go hoifigiúil i mBealtaine 2024 arbh é an tionscadal ba mhó a soláthraíodh faoi chlár BALAMI sa tír.



Muirmhúr an Chaisleáin Nua á Oscailt

Stórais Ghinearálta agus Bainistiú Salainn

Ghlac an Fhoireann Stóras lena ról i dtaobh stoc a sholáthar agus a bhainistiú d'úsáid na Comhairle, stóráil agus soláthar 5.05 milliún lítear de bhiotúman san áireamh chun tacú leis an chlár dromchlaithe bóithre. Úsáideadh 11,580 tonna salainn i seirbhís gheimhridh na Comhairle 2023/2024. Rinne foireann an Chlóis Innealra bainistiú ar an stoc salainn seo, agus rinne siad sonraí faoi úsáid/riachtanas a chur le chéile freisin trí Chóras Bainistithe Salainn TII agus shocraigh siad an salann a bhailiú agus a dháileadh, mar ba ghá, chuig na hiostaí le freastal ar an éileamh.

Seirbhísí Limistéir Bhóithre

An Clár Oibreacha Bóthair sna Ceantair Bhardasacha

Rinneadh 219km de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a athdhromchlú faoinár gclár Cóirithe Dromchla in 2024 le cúnamh ó dheontas Cothabhála Athchóirithe €5.04m ón Roinn Iompair. Rinneadh fad breise 167km de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a neartú agus a athdhromchlú trí úsáid a bhaint as cistiú €21.5m ón Roinn Iompair faoin Chlár Feabhsúcháin Athchóirithe I.

Sholáthair an Roinn Iompair cistiú deontais €1.2m in 2024 d'oibreacha le fadhbanna draenála bóthair a mhaolú trí oibreacha nua nó deisiúcháin, a chumasaigh 19 dtionscadal ar leith feabhsúcháin draenála ar fud an chontae a dhéanamh.

Críochnaíodh oibreacha le hathléimneacht aeráide ár ngréasáin bóithre a fheabhsú in 14 láthair ar luach €930,000. Áiríodh leis seo cobhsú cláifoirt i nGleann Tóchair agus armúr carraige a chur isteach mar chosaint cósta feadh an Bhóthair Réigiúnaigh ag Craigmaddyroe.



Cóiriú Dromchla sna Tréantacha, Leitir Ceanainn

Scéimeanna Feabhsúcháin Pobail

Tugadh iad seo isteach le níos mó solúbthachta a sholáthar nuair atá feabhsúcháin bhóthair á ndéanamh agus lena chur ar chumas na bPobal áitiúil cabhrú le 23 scéim bóthair a fheabhsú anuas ar Chomhairle Contae Dhún na nGall ar luach €891,000.



An Scéim Feabhsúcháin Pobail

Seirbhís Gheimhridh

B'ionann an caiteachas in 2024 ar Chothabháil Geimhridh agus thart ar €1.4m, a shín ó dheireadh shéasúr 23/24 isteach go tús shéasúr 24/25. Chinntigh tréimhsí an-fhuara i Samhain agus Nollaig go ndearnadh diantástáil ar an tseirbhís.

Páirceanna agus Bithéagsúlacht

Chaith an Chomhairle €1.03m in 2024 ar pháirceanna poiblí agus spásanna oscailte a chothabháil sa Chontae, i Leitir Ceanainn agus Bun Cranncha agus Faiche Bhun an Phobail, Cnoc na Beairice i gCarn Domhnach agus Cladach Bhun Dobhráin.

Leanann Glúineach Bhiorach agus Feabhrán Capaill feadh bóithre poiblí d'fhadhb a chruthú, agus tá cóiriú bliantúil á dhéanamh ar bhreis agus 1000 fíniú aonair cois bóthair glúiní.

Sholáthair Foirne Ceantair roinnt tionscadail bhithéagsúlachta ar fud an chontae i gcomhairle le pobail áitiúla agus le hOifigeach Bithéagsúlachta na Comhairle.

Freagairt d'Adhaimsir

Chuidigh na foirne Limistéir Bhóithre leis an fhreagairt do roinnt teagmhais drochaimsire i rith 2024. Bhí gaoth ar leibhéal Dearg agus Oráiste ann i rith Stoirm Isha agus Stoirm Jocelyn in Eanáir a chuir isteach go forleathan ar an ghréasán bóithre le crainn thite agus tharla amhlaidh freisin i rith Stoirm Darragh i mí na Nollag. Thit roinnt tuile amach i rith Stoirm Bert ar fud an chontae, tuile mhór sna Cealla Beaga ina measc inar chuidigh an tSeirbhís Bóithre leis na Seirbhísí Éigeandála chun freagairt do thionchair an teagmhais.

Leanann an Chomhairle le MapAlerter a úsáid chun eolas a chur ar fáil don phobal ar réimse fairsing nuashonruithe ábhartha, fógraí seirbhíse geimhridh, cur isteach ar thaisteal mar gheall ar oibreacha bóthair, teagmhais tráchta nó imeachtaí stoirme ina measc. Cuirtear foláirimh saor in aisce théacs agus ríomhphoist ar fáil ar an ardán seo don phobal agus is léir go bhfuil an-tóir air agus an líon síntiúsóirí ag dul i méid..

Carrpháirceáil Íoc agus Taispeáin

Oibríonn an Chomhairle seirbhísí Carrpháirceála Íoc agus Taispeáin i roinnt bailte sa chontae. Chuidigh an t-ioncam ón tseirbhís seo le costais soláthair foirne agus costais sheasta eile a bhaineann le páirceáil íoctha a oibriú agus chuidigh sé freisin le hoibreacha eile a chistiú laistigh de na bailte inar bailíodh an t-airgead.

Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil

Fuair Comhairle Contae Dhún na nGall €1.6m in 2024 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (an DRCD), a d'éascaigh 50 bóthar príobháideach a fheabhsú a fhreastalaíonn ar an phobal áitiúil. Leanann tóir de bheith ar an chlár laistigh de na Ceantair Bhardasacha agus i measc an phobail.

An Oifig Bainistithe Bóithre


Tá Comhairle Contae Dhún na nGall, i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí, freagrach as an Oifig Bainistithe Bóithre (RMO) a bhainistiú. Tá an oifig ag feidhmiú anois ar feadh 10 mbliana agus cuirtear seirbhísí cost-éifeachtúla agus ardchaighdeán ar fáil inti d'údaráis áitiúla a thacaíonn le spriocanna straitéise agus beartais rialtais, agus lena gcuspóirí agus a n-oibleagáidí trí chórais agus nósanna imeachta eolasbhunaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go seasmhach. Fuair an oifig ceadú le déanaí dá Ráiteas Straitéise 2025-2030. Aithnítear leis seo an soláthar rathúil seirbhísí bainistithe agus ceadúnaithe sócmhainní bóithre a chuireann sí ar fáil agus leagtar amach ann straitéis don oifig chun tabhairt faoi fhorbairt bhreise mar chumasóir ardfheidhmíochta bainistithe sócmhainní agus ceadúnaithe oibreacha bóthair.

Sholáthair an oifig i rith 2024 córas agus tacaíocht do bhreis agus 3,000 úsáideoir, de réir mar a chríochnaigh siad oibreacha a bhí údaraithe ag thart ar 45,000 ceadúnas oscailte bóthair. Sholáthair an oifig tacaíocht do gach údarás áitiúil, TII agus an ÚNI ina measc, de réir mar a thugann siad faoi bhreis agus 7,500 tionscadal pábhála, fad 40,000km de shuirbhéireachtaí agus d'oibreacha eile bonneagair bóthair.


Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

Pobail a Chumasú agus Tacú leo/Borradh a Chumasú/Seirbhísí a Sholáthar

450 Ionad Fág Anseo ag 73
suíomh chun earraí gloine agus
cannaí a bhailiú



agus seirbhísí sínte ag 6 ionad
athchúrsála faoi úinéireacht
na Comhairle



Córais FV gréine 40Kwh agus
20Kwh curtha isteach ag
Ionaid Seirbhíse Poiblí



**€101,503 faighte faoin
Tionscnamh Frithdhumpála**



6,000 paca tionscnaimh
Cur Amú Bia Náisiúnta,
11 thonna de mhúirín
and 400 bosca
cistine dailte.



Coinníodh 12 Bhrat Ghorma
agus 2 Bhrat Ghorma Muiríne.
15 thrá atá oiriúnach do
chathaoir rothaí, an chéad
'Trá Aoisbháúil' in Éirinn
ina measc

Buaicphointí 2024

Gníomhú ar son na hAeráide a Phríomhshruthú/Acmhainn Eagraíochta a Fhorbairt




Tacaíodh le 800 glantachán pobail. Dáileadh 2,000 cóip den Eolaí Póca Athchúrsála Tí



Bronnadh breis agus €1m ar ghrúpaí pobail

3 Ghradam Náisiúnta do Thionscnaimh Inrochtaineachta Straitéisí

Bailíodh breis agus 15 thonna d'earraí toirtiúla agus 258 tocht. 1,296 tonna de scannán plaisteach feirme



39 tonna de phéint bailithe, agus 1 tonna athúsáidte i dtionscadail phobail



1,352 gearán comhshaoil fiosraithe

Seirbhísí Uisce

Uisce Tuaithe

Déanann Comhairle Contae Dhún na nGall maoirseacht ar Ghrúpscéimeanna Uisce (GWS) agus ar Sholáthairtí Uisce Priobháideacha, agus tuairiscíonn siad ar chomhlíonadh leis an EPA. Rinne siad monatóireacht in 2024 ar 110 sampla i measc 56 soláthar. Cistíonn an DHLGH tionscadail uisce tuaithe, agus fuair Dún na nGall €6.1m do 12 thionscadal in 2024. Bainistíonn an Chomhairle scéimeanna fóirdheontais freisin do GWSanna, Deontais Toibreacha, feabhsúchán píobán luaidhe, agus deontais fuíolluisce agus chóireála. D'íoc Comhairle Contae Dhún na nGall 36 fóirdheontas GWSanna agus 31 Deontas Toibreacha in 2024. Mhéadaigh an fhoireann Uisce Tuaithe an líon GWSanna a tógadh i gcúram aníos go dtí 50 ó 2019.



Stáisiún Caidéalaithe GWS Chruach na Lathaí Roimh and i nDiaidh Athchóiriú

Rialú Truaillithe

Tugann Saotharlann Láir na Comhairle faoi réimse cláir mhonatóireachta atá dírithe ar an gcomhshaoil a chosaint agus ar thruailliú a rialú i limistéir an Uisce, an Aeir agus an Torainn, an méid seo a leanas ina measc:

- o Tugadh 51 sampla eisiltigh trádála do shéaraigh do UÉ agus rinneadh 31 cigireacht ar sceitheadh ceadúnaithe chuig uisce.
- o Bailíodh 828 sampla abhann agus locha agus 62 sampla d'imscrúduithe faoin Chreat-Treoir Uisce.
- o Rinneadh 77 cigireacht ar dhabhcha séarachais agus rinneadh 30 fíorú leantach.
- o Rinneadh monatóireacht ar uisce snámha ag tránna Brait Ghoirm agus Cósta Ghlais.
- o Rinneadh 94 cigireacht feirme faoin Phlean Náisiúnta Cigireachta Talmhaíochta.
- o Cuireadh rialacháin um thruailliú aeir i bhfeidhm.
- o Fiosraíodh 1,352 gearán comhshaoil, 24 sampla san áireamh

I measc ghníomhaíochtaí rannpháirtíocht an phobail, bhí:

- o Cruinnithe aistrithe eolais le feirmeoirí.
- o Oiliúint d'fheirmeoirí caorach.
- o Cuairteanna agus cruinnithe a chur ar siúl le mic léinn agus le gníomhaireachtaí stáit.
- o Cuidiú le grúpaí scoláirí Eolaithe Óga.
- o Cuir i láthair i rith Sheachtain na hEolaíochta do bhunscoileanna.

Ghlac foireann theicniúil Chomhairle Contae Dhún na nGall páirt freisin i ngrúpa oibre náisiúnta ina bhfiosraítear dip caorach chaite a dhiúscairt.



Imeachtaí Rannpháirtíocht an Phobail i rith 2024





Imeachtaí Rannpháirtíocht an Phobail i rith 2024

Scéimeanna Fuíolluisce

Oibríonn Comhairle Contae Dhún na nGall formhór na n-ionad cóireála fuíolluisce faoi Mháistir-Chomhaontú Comhair le hUisce Éireann, inar bailíodh agus tástáladh 788 sampla fuíolluisce agus 695 sampla comhthimpeallach in 2024.

Bainistíocht Cháilíocht an Aeir

Déanann Comhairle Contae Dhún na nGall monatóireacht fosta ar cháilíocht an aeir, ina ndírítear ar rialacháin maidir le breosla soladach, agus tugann monatóirí ar cháilíocht an aeir i Leitir Ceanainn agus Bun Cranncha torthaí éagsúla le fios i leith PM10 agus PM2.5. Rinne an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide tástáil ar tháirgí guail, agus deimhníodh gur sháraigh go leor díobh teorainneacha sulfair. Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall Braiteoirí Soiléire Cháilíocht an Aeir isteach chun áiteanna a aithint ina bhfuil breosla neamhchomhlíontach á dhó.

Cáilíocht an Uisce Óil

Déanann an EPA maoirseacht, i dtaobh uisce óil, ar sholáthairtí poiblí, agus déanann an Chomhairle maoirseacht ar sholáthairtí príobháideacha, agus tuairiscíonn siad ar chomhlíonadh gach bliain. Glacadh 110 sampla i measc 56 soláthar in 2024. D'ordaigh an EPA údaráis áitiúla soláthairtí príobháideacha beaga breise a shainaithint in 2025.

Láithreáin Líonta Talún

Tá gach ceann de na sé shaoráid cheadúnaithe líonta talún réitithe ag an Chomhairle agus leanann siad le bonneagar rialaithe truaillithe a choinneáil iontu. Lorgaítear maoiniú do Bhogach Tógtha Comhtháite ag Láithreán Líonta Talún Bhaile na Carraige. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Láithreáin Líonta Talún stairiúla tríd an Phróiseas Measúnaithe Riosca agus Deimhniúcháin, agus cuireadh trí iarratas faoi bhráid an EPA le haghaidh na Carraige, Dhún Cionnaola agus an Chlocháin Léith.



Imeachtaí Rannpháirtíocht an Phobail i rith 2024

Seirbhísí Comhshaoil

Glantachán Mór Dhún na nGall 2024

Oibríonn an fhoireann Comhshaoil le Bailte Slachtmhara agus Grúpaí Pobail le cosc a chur ar bhruscar agus glantacháin a chur ar bun. Cabhraíonn breis agus 5,600 oibrí deonach leis an gcomhshaoil a chosaint, a chuireann borradh faoin turasóireacht agus faoi fhorbairt gheilleagrach. Thacaigh Comhairle Contae Dhún na nGall le breis agus 800 glantachán pobail in 2024.



Seoladh Ghlantachán Mór Dhún na nGall 2024

Tionscnamh Frithdhumpála

Fuair Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Dhún na nGall breis agus €100,000 faoin Tionscnamh Frithdhumpála (ADI) do thionscadail éagsúla ar fud Dhún na nGall in 2024. I measc na dtionscadal seo, bhí imeachtaí athchúrsála dramhaíola téagartha ar phraghas laghdaithe, tacaíocht do scéim athúsáide troscáin d'fhiontair shóisialta, acmhainní do ghrúpaí pobail, feachtas fógraí pictiúrlainne, agus glantacháin ar fud an chontae. Chomhoibrígh an Fhoireann Comhshaoil go dlúth le daoine aonair agus le grúpaí lena chinntiú gur soláthraíodh na tionscadail ADI seo go rathúil, a rinne bliain an-rathúil eile den bhliain 2024 do thionscnaimh chomhshaoil i nDún na nGall.

Feachtas Fógraí Pictiúrlainne


Chuir Foireann Comhshaoil Dhún na nGall feachtas pictiúrlainne ar fud an chontae ar siúl in 2024 chun diúscairt dramhaíola fhreagrach a chur chun cinn, le tacaíocht ó Fhoireann Cumarsáide na Comhairle.

An tSeachtain Athchúrsála Dramhbhia

Dháil Comhairle Contae Dhún na nGall 400 paca tionscnaimh bosca cistine agus 11 thonna de mhúirín i rith na Seachtaine Athchúrsála Dramhbhia i Meitheamh 2024.



Imeachtaí Athchúrsála i rith 2024





Páirt á glacadh ag pearsanra Comhshaoil i Seicphointí Feithiclí Ilghníomhaireachta i nDún na nGall

Obair Ilghníomhaireachta

Chomhoibrigh an pearsanra Forfheidhmithe Dramhaíola in 2024 leis an Gharda Síochána agus le gníomhaireachtaí eile i rith cigireachtaí agus seicphointí, a neartaigh caidreamh idirghníomhaireachta agus a chuaigh i ngleic le gníomhaíocht neamhdhleathach.

Grúpa Táirgeoirí Scannán Feirme na hÉireann (IFFPG) Laethanta Bailithe Plaistigh Feirme

Bhailigh Comhairle Contae Dhún na nGall, i gcomhoibriú leis an IFFPG, 1,296 tonna de phlaisteach feirme in 2024 i nDún na nGall, plaisteach sadhlais, málaí leasacháin, drumai, líontán, agus sreangán, agus b'ionann an líon sin agus méadú 130 tonna.

Fodhlíthe Chomhairle Contae Dhún na nGall (Dramhaíl ar Cholbha an Chosáin a Chur Amach lena Bailiú)

Fodhlíthe nua Chomhairle Contae Dhún na nGall um Dhramhaíl ar Cholbha an Chosáin a Chur Amach, a tháinig i bhfeidhm an 31 Nollaig 2024. I measc na bpríomhfhorálacha, tá:

1. Bainteach le dramhaíl tí agus tráchtála.
2. Caithfidh táirgeoirí dramhaíola:
 - o Seirbhís bailithe dramhaíola a úsáid,
 - o Araidí a roinnt, nó
 - o Dramhaíl a thabhairt go saoráid údaraithe.
3. Caithfear dramhaíl a scaradh agus níor cheart d'araidí bacainn a chur ar bhóithre nó ar chosáin.
4. Caithfidh tiarnaí talún cíosanna gearrthéarmacha a chinntiú go ndéantar dramhaíl a bhailiú i gceart.
5. Caithfidh socruithe leordhóthanacha scartha agus stórála dramhaíola a bheith i bhfeidhm in árasáin agus in áiteanna cónaithe ilúsáideoirí.



Lá bailithe IFFPG i mBéal Átha Seanaidh

Athchúrsáil

Tá sé ionad athchúrsála i nDún na nGall atá á n-oibriú ag Bryson Recycling Ltd. ag Carn Domhnach, an Clochán Liath, Baile na nGallóglach, Leathaigh, Leitir Ceanainn agus Srath an Urláir. Glactar le hearraí éagsúla dramhaíola ag na hionaid seo, dramhaíl tí, páipéar, cairtchlár, plaistigh, dramhaíl ghairdín, boinn agus péint san áireamh. Bailíodh 258 tocht agus earraí toirtiúla eile in 2024 i dtionscadal earraí toirtiúla leathphraghais a maoiníodh faoin Tionscnamh Frithdhumpála. Cuireann Comhairle Contae Dhún na nGall breis agus 450 Ionad Fág Anseo ag 73 suíomh ann chun earraí gloine agus cannaí a bhailiú, agus pointe bailithe teicstíle ar fáil.

Athúsáid/Athchúrsáil Péinte

Tugadh an tseirbhís athúsáide péinte ar baineadh triail phíolótach aisti i dtosach ag ionad athchúrsála amháin in 2022, isteach i measc na sé shuíomh athchúrsála go léir, agus bailíodh 39 tonna péinte in 2024 a cuireadh go Enva lena hathchúrsáil, agus cuireadh tonna amháin péinte ar fáil do ghrúpaí pobail do thionscadail áitiúla.

Eolaí Póca Athchúrsála Tí/Obair ar Leac an Dorais

Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall athphriontáil in 2024 ar 2,000 cóip dá n-eolaí póca athchúrsála tí chun bainistiú dramhaíola inbhuanaithe a chur chun cinn. Scaip an fhoireann Comhshaoil eolaithe i Meán Fómhair ar bhreis agus 240 teaghlach, a rinne idirchaidreamh leis an bpobal chun eolas a sholáthar agus aiseolas a bhailiú. Cuirtear sonraí ar fáil sa treoir faoi leithdheighilt dramhaíola, athchúrsáil, gabhdáin dramhbhaia, cosc ar dhramhaíl, bailiú ar cholbha an chosáin, ionaid fág anseo, ionaid athchúrsála, diúscairt dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonach, múiríniú sa bhaile, diúscairt feithiclí a bhfuil a ré caite, agus tuairisciú ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha dramhaíola. Cuirtear naisc ar fáil ann freisin le suíomhanna gréasáin áisiúla, cosúil le mywaste.ie, repairmystuff.ie, agus stopfoodwaste.ie.



Oideachas agus Feasacht ar an gComhshaoil

Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall clár cuimsitheach feasachta ar siúl inar díríodh ar scoileanna, teaghlaigh, gnólaigh, agus ar ghrúpaí pobail tríd an raidió, fógraí digiteacha, na meán shóisialta, preaseisiúintí, agus agallaimh. Tacaíodh freisin le feachtais náisiúnta cosúil le 'Cuir Stop le Cur Amú Bia' (Stop Food Waste) agus laethanta bailithe Dramhthrealaimh Leictrigh agus Leictreonaigh (WEEE), agus eagraíodh ceithre imeacht bailithe i mBun Cranncha, na Cealla Beaga, an Fál Carrach agus Carraig Airt.

Tuarascáil Náisiúnta an EPA ar Fheidhmíocht Forfheidhmithe ag Údarás Áitiúla

Tugadh rátáil 'Láidir' d'fheidhmíocht forfheidhmithe dramhaíola Chomhairle Contae Dhún na nGall don bhliain 2023 i dTuarascáil ar Fheidhmíocht Forfheidhmithe Údarás Áitiúil an EPA in 2024, bunaithe ar chreat na dTosaíochtaí Forfheidhmithe Náisiúnta (NEPanna).

Scéimeanna Faoisimh ó Thuilte

Tá bainistiú tionscadail á dhéanamh ag Aonad Scéimeanna Faoisimh ó Thuilte (FRS) Chomhairle Contae Dhún na nGall ar fhorbairt scéimeanna i 9 láthair: Bun na hAbhann, Caisleán na Finne, na Gleannta, na Dúnaibh, Bealach Féich agus Srath an Urláir, Bun Cranncha agus Ludán, Ráth Mealtain, Baile Dhún na nGall agus Leitir Ceanainn.

FRS Bheart 1 Dhún na nGall

Rinne na Sainchomhairleoirí Innealtóireachta agus Comhshaoil atá freagrach as Bun na hAbhann, Caisleán na Finne, na Gleannta agus na Dúnaibh, Céim I a thabhairt chun críche do scéim Bhun na hAbhann agus Chaisleán na Finne le linn 2024 agus tá Céim I do na Dúnaibh tugtha chun críche go substainteach acu. Ceadaiodh staidéar píolótach do na Gleannta agus é ar intinn Réitigh Dhúlrahunaithe a fhiosrú suas an abhainn sa dobharcheantar. Cuireadh ceardlann ar na tograí ar bun i Márta agus ghlac réimse fairsing comhlachtaí Stáit agus Leathstáit páirt mhór inti, LAWPRO, Coillte, an Roinn Talmhaíochta, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an EPA agus cinn eile, anuas ar pháirtithe leasmhara inmheánacha Chomhairle Contae Dhún na nGall ina measc. Bhí plé ar thalamh a theastaíonn roimh aighneachtaí pleanála do Chaisleán na Finne agus Bun na hAbhann ar bun go leanúnach i rith 2024 agus eisíodh líníochtaí agus cáipéisí d'úinéirí talún ábhartha. Tá súil leis go ndéanfar aighneachtaí pleanála do Bhun na hAbhann agus Caisleán na Finne in earrach 2025 agus go ndéanfar amhlaidh do na Dúnaibh níos déanaí sa bhliain.



FRS Bheart 2 Dhún na nGall

I measc na scéimeanna i mbeart 2 Dhún na nGall, tá Bun Cranncha, Bealach Féich agus Srath an Urláir, agus Ráth Mealtain. Theastaigh níos mó ama ó ghnéithe casta a bhaineann le samhaltú hiodrálach ná mar a bhíodas ag súil leis maidir le scéim Bhun Cranncha, Shrath an Urláir agus Bhealach Féich, ach cuireadh céim shamhaltaithe hiodrálaigh gach cinn de na trí scéim i gcrích go substainteach in 2024. Tosófar measúnú díobhála do limistéir atá i mbaol tuile i Ráth Mealtain agus tosófar é do Bhealach Féich/Shrath an Urláir agus Bun Cranncha in 2025. Tabharfar breithmheas na roghanna do gach scéim sa bheart chun cinn chun an rogha bearta faoisimh ó thuilte a shainaithint do gach baile in 2025.

Lean an tAonad FRS de bheith ag tacú le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le FRS Leifear agus na Ceathrún Caoile a sholáthar le linn 2024. Rinne an tAonad idirchaidreamh idir tionscadail chomhchosúla, cosúil leis an Pháirc Phobail Abhann agus Ten-T laistigh de Chomhairle Contae Dhún na nGall agus chuir sé comhordú le comhghleacaithe chun cinn ar fud na teorann ag oibriú ar Chonair Iompair A5 an Iarthair le soláthar comhcheangailte i measc na dtionscadal go léir a chinntiú. Cuireadh imeacht comhairliúcháin phoiblí ar bun do FRS Leifir go déanach in 2024.

Sheol an tAire le freagracht as Oifig na nOibreacha Poiblí, Patrick O'Donovan, TD, FRSanna nua i mBealtaine 2023 do Leitir Ceanainn agus Baile Dhún na nGall. Tosaíodh le triail phiolótach a bhaint as samhail nua chun sonraí a bhailiú agus tionscadail a scóipeáil ar na scéimeanna seo in 2024.

Bhí Sráid an Droichid sna Cealla Beaga thíos le tuilte díobhálacha an 23 Samhain 2024 de bharr báisteach throm a thit anuas ar shneachta a bhí ann cheana. Mar fhreagairt don imeacht seo, beartaíonn an OPW agus Comhairle Contae Dhún na nGall ardoibreacha a dhéanamh faoi scéim phiolótach chun tionchair fhéideartha a leithéid de theagmhas amach anseo a mhaolú dá dtarlódh sé sula gcuirfear an scéim iomlán faoisimh ó thuilte i bhfeidhm don bhaile. Is éard a bhainfidh leis an obair seo bearta gearrthéarmacha agus meántéarmacha faoi réir deimhniú nach n-imreoidh siad tionchar díobhálach in áiteanna eile.

Ionaid Fóillíochta

Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall tionscadail éagsúla chun cinn ag a ceithre ionad fóillíochta agus ar shuíomh Bhun Cranncha in 2024. I measc na bpríomh-nuashonruithe, tá:

- o Ionad Fóillíochta Bhun Cranncha: Pleanáil ceadaithe, réamhdhearadh críochnaithe, dearadh mionsonraithe 50% críochnaithe, iarratais ar chistiú ar bun go fóill.
- o Ionad Fóillíochta Bhéal Átha Seanaidh: Tá beagnach éifeachtúlachta fuinnimh beagnach críochnaithe, táthar ag súil le coigiltí fuinnimh 30%, deontas breise do Linn Hidriteiripe.
- o Waterworld: Pleanáil ceadaithe d'athchóiriú, tairiscint eisithe, is gá an t-aonad láimhseála aeir a athsholáthar.
- o Ionad Fóillíochta Aura, Leitir Ceanainn: Soilsíú LED agus bacainní curtha suas, tionscadal dóire bithmhaise ar bun.
- o Ionad Fóillíochta Ghleann na Finne, Srath an Urláir: Fuarthas cistiú éifeachtúlachta fuinnimh, bearta breise pleanáilte.

Tránna

Gradaim Bhrait Ghoirm agus Chósta Ghlais

Choimeád Dún na nGall gach ceann de na 12 Bhrat Ghorma do thránna agus 2 Bhrat Ghorma do Mhuiríní, a aithníonn sárcháilíocht an uisce agus sárbhainistíocht comhshaoil. Ba iad na tránna ar bronnadh na Brait orthu Cúil Dabhcha, Bun Dobhráin, an Charraig Fhinn, na Dúnaibh, Fionntrá, Trá na Cille, Cnoc an Mharmair, Murbhach, an Fheartainn, Port an tSalainn, Ros Neamhlach agus an Strúibh. Bronnadh Brait Ghorma Mhuiríne ar an Chaisleán Nua agus Ráth Maoláin. De bhreis air sin, bronnadh gradaim Chósta Ghlais ar thránna na Dumhcha, Mhachaire Rabhartaigh, Dhroim na Tine, agus Bhaile Thiarnáin.

Monatóireacht Chliste ar Bhaoithe Tarrthála

Roghnaíodh 20 láthair mar thionscadal píolótach chun triail phíolótach a bhaint as an teicneolaíocht nua seo. Nuair a bhaintear baoi tharrthála as a chásáil, tugtar fógra dúinn trí aip ar an ríomhaire agus an guthán, chun gur féidir linn é a ionadú láithreach. Tá na haonaid bhaoi tarrthála chliste i bhfeidhm ó Mheitheamh 2024 agus níor baineadh ná níor úsáideadh aon bhaoithe tarrthála ó shin i leith.

Clárchosán Chúil Dabhcha

Rinneadh díobháil dhona don chlárchosán i rith ceann de na stoirmeacha geimhridh. Trá Bhrait Ghoirm í Cúil Dabhcha a bhfuil an-tóir uirthi agus chuir na daoine áitiúla agus cuairteoirí fáilte mhór roimh an dá chlárchosán a athsholáthar go hiomlán le rochtain a cheadú


Srianta ar Thránna Brait Ghoirm ar Úinéirí Madra

Lean na rialacha de bheith i bhfeidhm in 2024 a chuireann srian ar rochtain do mhadraí, seachas madraí cuidithe, ar thránna brait ghoirm nó i limistéar an bhrait ghoirm, más cuid de thrá níos mó é. Ní bhíonn an riail i bhfeidhm ach i rith an tSéasúir Snámha (ón 1 Meitheamh go dtí an 15 Meán Fómhair), agus beartaítear Sláinte agus Sábháilteacht a chinntiú do dhaoine ar an trá agus do dhaoine a bhíonn ag snámh. Cuireadh comharthaíocht a bhaineann go sonrach leis an suíomh in airde ar a luaitear an fodhlí nua ag gach trá atá sna fodhlíthe. Nuair a bhí na Gardaí tarrthála ar dualgas, chuir siad na húinéirí madra ar an eolas ar na fodhlíthe nua. Cloíodh leis na fodhlíthe nua go dtí seo, agus fáiltítear roimhe seo.

Sábháilteacht Uisce

Bhí gardaí tarrthála trá ag obair ón 1 Meitheamh 2024 ar thránna Bhun Dobhráin agus Ros Neamhlach idir 11am agus 7pm. Bhí gardaí tarrthála ag obair i rith deirí seachtaine i Meitheamh agus i rith mhí Iúil agus Lúnasa go léir ar thránna ag Murbhach, Fionntrá, Port Nua/ an Fheartainn, an Charraig Fhinn, Trá na Cille, Cnoc an Mharmair, na Dúnaibh, Port an tSalainn, Ráth Maoláin, Cúil Dabhcha agus an tStrúibh. Bhí gardaí tarrthála ar dualgas ar na tránna seo ó 12 meán lae go 6:30pm.

Ba é an líon iomlán timpistí/teagmhas a tugadh le fios maidir le séasúr 2024 56, ar laghdú mór é seo anuas ón séasúr deireanach. Ba é an líon iomlán tuairiscí tarrthála a fuarthas 5, arb ionann sin agus leath an lín a fuarthas sa séasúr deireanach. Níor tuairiscíodh ach cás amháin ina raibh leanbh ar iarraidh, agus ba laghdú mór é seo, arís eile, i gcomparáid leis an séasúr deireanach. Is a bhuíochas le ról réamhghníomhach á ghlacadh ag na gardaí tarrthála ina ndualgais atá seo.



Brat Gorm ag Trá Chnoc an Mharmair



Cuireadh braiteoir isteach taobh istigh de chásáil an bhaoi tarrthála



Oibreacha a cuireadh i gcrích ag Clár-chosán Chúil Dabhcha



CPR á chleachtadh ag Gardaí Tarrthála



Feasacht a mhúscailt ar Shábháilteacht Uisce



Feasacht a mhúscailt ar Shábháilteacht Uisce



Plean um Gníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall 2024-2029 tionscnaimh a sheoladh



Seoladh an Chiste Pobail um Gníomhú ar son na hAeráide

Dífhibrileoirí

Cuireadh dífhibrileoir in 2024 i ngach stáisiún garda tarrthála, a chiallaíonn go raibh gardaí tarrthála níos ullmhaithe chun déileáil le gach cás a d'fhéadfadh teacht aníos i rith a lae oibre. Bheadh ar ghardaí tarrthála roimhe seo a bheith eolach ar an áit a raibh an ceann is gaire dóibh suite nó fanacht ar sheirbhísí éigeandála teacht i láthair, agus laghdaíonn seo go mór an dóchúlacht go mairfidh aon taismeach nuair a theastaíonn dífhibrileoir.

Cainteanna ar Shábháilteacht Uisce

Tugadh cuireadh i mbliana don Mhaoirseoir Gardaí Tarrthála Trá chun cainteanna poiblí ar shábháilteacht uisce a chur i láthair le feasacht a mhúscailt ar a bheith sábháilte ag an trá agus ag ceantair chósta agus ar na rudaí ba cheart a dhéanamh i gcás éigeandála.

Cathaoireacha Rothaí

Seoladh an chathaoir rothaí ag Trá Mhurbhaigh i Meitheamh 2024. Tá 15 thrá i nDún na nGall anois ann atá inrochtana do chathaoireacha, gach ceann de na 12 Thrá Bhrait Ghoirm ina measc. Tugtar faoin obair seo i ndlúthchomhar lenár gComhpháirtithe Pobail ar fud an Chontae.

Plean um Gníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall 2024-2029

Ghlac Comhairle Contae Dhún na nGall lena céad Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide (2024-2029) i bhFeabhra 2024, a chomhordaigh an tAonad um Gníomhú ar son na hAeráide. Tá 139 gníomh sa phlean faoi shé théama, ina ndírítear ar athléimneacht, éifeachtúlacht fuinnimh, agus laghdú astaíochtaí a fheabhsú.

Criosanna Dícharbónaithe

Feidhmíonn Criosanna Dícharbónaithe (DZanna) i gCarn Domhnach agus san Fhál Carrach/i nGort an Choirce mar ionaid tástála do thionscadail nuálacha.

An Ciste Pobail um Gníomhú ar son na hAeráide

Bronnadh €1,069,000 faoin Chiste Pobail um Gníomhú ar son na hAeráide ar thionscadail áitiúla, a thacaíonn le pobail ísealcharbóin agus le tionscnaimh trasteorann

Shnáithe 1: Pobail Ísealcharbóin a Thógáil

Bronnadh cistiú ar 20 thionscadal faoi Shnáithe 1 arbh ionann é agus €699,000.

Shnáithe 1a: Gníomhú Pobail Oileáin Chomhroinnte ar son na hAeráide

Bronnadh cistiú ar 5 thionscadal faoi Shnáithe 1a, arbh ionann é agus €370,833.00.



Murbhach: Seoladh na cathaoireach rothaí Trá le 'Cairde Mhurbhaigh' - Bealtaine 2024

Inrochtaineacht

Gradaim Inrochtaineachta

Bhronn Aoisbhá Éireann gradam ar Chomhairle Contae Dhún na nGall in 2024. D'aithin an gradam an obair a rinne Comhairle Contae Dhún na nGall le rochtain ar Thrá na Fearthainne a chinntiú do dhaoine ar gach aois agus cumas. D'aithin an gradam fosta obair leanúnach Chomhairle Contae Dhún na nGall lena chinntiú bhfuil na tránna go léir sa chontae inrochtana do dhaoine ar gach aois agus cumas..

Iniúchtaí Inrochtaineachta

Bhí obair leanúnach a aithníodh in iniúchtaí Inrochtaineachta ar chúig thrá bhrait ghoirm, a chistigh Clár Phobail Shláintiúla Sláintecare Chomhairle Contae Dhún na nGall, mar chuid mhór den straitéis chun inrochtaineacht a fheabhsú. Cuireann siad treochlár ar fáil do ghníomhartha gearrthéarma, meántéarma, agus fadtéarma. Feidhmíonn na hiniúchtaí seo mar theimpléad chun dul i ngleic le bacainní inrochtaineachta i measc na dtránna uile sa chontae.



LAMA - Gradaim Uile-Éireann na bPobal agus na gComhairlí
An Tionscadal is Ionchuimsithí



Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil Chomhlachas Tráchtála na hÉireann – Sláinte agus Folláine

Buaiteoir 3 Ghradam Náisiúnta do Thionscnaimh Inrochtaineachta Straitéisí

Tugtar chun solais le haithint na hoibre seo, a aithnítear le trí ghradam náisiúnta, an cur chuige straitéiseach i leith inrochtaineachta lena dtacaíonn Comhairle Contae Dhún na nGall. Léiríonn na tionscnaimh seo, atá cistithe ag an Rannóg Comhshaoil, Pobail Shláintiúla Sláintecare agus Mionturasóireacht, an tionchar cumhachtach a imríonn rannpháirtíocht an phobail, dáileadh acmhainní, agus feabhsúcháin bhonneagair i dtaobh uileghabhálacht a chur chun cinn. Trí shamhlacha a chruthú ar féidir iad a aithris atá ar aon dul le straitéiseach ar fud an chontae, taispeánann Comhairle Contae Dhún na nGall a tiomantas d'inrochtaineacht a fheabhsú agus do spriocanna straitéiseacha níos fairsinge a thabhairt chun cinn ar mhaithe le pobal níos ionchuimsithí.

Ba iad na 3 ghradam náisiúnta:

- o An Tionscadal is Ionchuimsithí de chuid LAMA - Gradaim Uile-Éireann na bPobal agus na gComhairlí
- o Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil Chomhlachas Tráchtála na hÉireann – Sláinte agus Folláine
- o Na Gradaim Náisiúnta Aoisbhá – Gradam do Thimpeallacht Aoisbháúil



Na Gradaim Náisiúnta Aoisbhá – Gradam do Thimpeallacht Aoisbháúil



Foireann Ghníomhaireacht Fuinnimh an Iarthuaiscirt agus a comhghleacaithe ag seoladh 'Tionscadal LEAP' Chlár LIFE an AE, 15/02/2024



Foirgneamh Riaracháin reatha a athchóiriú (iar-Bheairic Airm)



Córas FV Gréine 40Kwh á chur isteach ag Ionad Seirbhísí Poiblí Bhaile Dhún na nGall



Teach Chluain Lao, Leifear

Gníomhaireacht Fuinnimh Réigiúnach don Iarthuaisceart

Tá sé ina sprioc i Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt, ina bhfuil Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Cathrach Dhoire agus Comhairle Ceantair an tSratha Báin (DCSDC), astaíochtaí fuinnimh neodracha a bhaint amach faoi 2045.

Bunaíodh Gníomhaireacht Fuinnimh an Iarthuaiscirt (NWEA) in 2022, agus tacaíonn Clár LIFE an AE agus Tionscadal LEAP léi. Díritear san NWEA ar fhoirgnimh a iarfheistiú, córais téimh in-athnuaite, agus ar chórais FV gréine. Cuireann sí eolas agus tacaíocht neamhspleách ar fáil d'fheabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh. Fuarthas cistiú ó fhoinsí éagsúla, Ciste an Oileáin Chomhroinnte agus Saoráid Chathrach an AE ina measc. Beartaíonn an NWEA cur lena ghníomhaíochtaí, óna dteastaíonn foireann agus acmhainní breise.

Bainistíocht Saoráidí

Déanann Rannóg Bainistíochta Saoráidí Chomhairle Contae Dhún na nGall maoirseacht ar sheirbhísí oibríochtúla, cothabhála, agus bainistíochta fhoirgnimh na Comhairle. Cinntíonn siad luach ar airgead agus seirbhísí ardchaighdeán trí sholáthar agus tá córas bainistíochta fuinnimh atá deimhnithe de réir ISO 50001 curtha i bhfeidhm acu.

Buaicphointí 2024:

- o Foirgneamh Riaracháin athchóirithe le rátáil BER B2 a bhaint amach.
- o Cuireadh oiliúint ar Thástáil Fearas Iniompartha i gcrích do Mhaoirseoirí Foirgnimh
- o Dírithe ar mhonatóireacht agus bainistíocht éifeachtúlachta fuinnimh.
- o Cuireadh tionscadail i bhfeidhm chun ídiú fuinnimh a laghdú, uasghráduithe soilsithe LED agus córais FV gréine a chur isteach san áireamh.
- o Cuireadh córais FV Gréine 40Kwh agus 20KWh isteach ag Ionad Seirbhísí Poiblí Bhaile Dhún na nGall agus an Chlocháin Léith, faoi seach.
- o Cuireadh naoi Luchtair breise Déshoicéid d'Fheithiclí Leictreacha eile ar fáil.
- o Ceannaíodh Teach Chluain Lao do spás oifige.
- o Leanadh le Cigireachtaí rialta Sláinte agus Sábháilteachta a dhéanamh.

An Scéim Deontais Fheabhsaithe um Bloic Choincréite Lochtacha

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ar cheann de chúig Údarás Áitiúla a bhfuil dualgas orthu an Scéim Deontais um Bloic Choincréite Lochtacha a riar thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Faoi fhorálacha na Scéime Feabhsaithe, tá freagracht ar an Ghníomhaireacht Tithíochta as measúnú teicniúil a dhéanamh ar iarratais bhailí. Déantar idirchaidreamh gníomhach san Oifig Deontas um Bloic Choincréite Lochtacha le húinéirí tí i measc scóip iomlán na Scéime Feabhsaithe. Áirítear leis seo iarratais ar an Scéim Fheabhsaithe a Bhailíochtú, Fógra ar Chinntí, Éilimh Íocaíochta a Bhailíochtú, Próiseáil Íocaíochtaí, iarratais ar Dheontas Coimhdeach, Athrú ar Ghairmí Inniúil Tógála agus gach ceist ghinearálta eile.

Fuair an Chomhairle 446 iarratas nua i gcaitheamh 2024 ar an Scéim Fheabhsaithe, a mhéadaigh an líon iomlán iarratas a fuarthas go dtí seo go 1,902. Fuair 755 iarratasóir fógra faoina nDeontas Rogha Feabhsúcháin Ceadaithe in 2024, a mhéadaigh an líon iomlán iarratasóirí ceadaithe go 1,013 iarratasóir. Thosaigh breis agus 300 úinéir tí a nOibreacha Feabhsúcháin ar an láthair le linn na bliana.

Leanann an Chomhairle ag tacú le hiarratasóirí, lena nGairmithe Inniúla Tógála agus lena gConraitheoirí trí íocaíochtaí tráthúla a éascú le hoibreacha feabhsúcháin leanúnacha a chinntiú.


D'éisigh an Chomhairle íocaíochtaí iomlána €47.7m in 2024 d'iarratasóirí ar Oibreacha Feabhsúcháin, Deontais Choimhdeacha, Táillí Innealtóirí agus Táillí Gairmiúla eile.

Chríochnaigh 65 úinéir tí a nOibreacha Feabhsúcháin go dtí seo.

Cheap an IDP agus DLDC beirt Éascaitheoirí Pobail bhreise in 2024. Méadaítear leis seo an líon iomlán Éascaitheoirí Pobail atá ar fáil ar fud an chontae go ceathrar chun tacú le húinéirí tí agus iad a threorú tríd an phróiseas.

Leanann an Chomhairle le hidirchaidreamh a dhéanamh gach mí leis na hÉascaitheoirí Pobail chun plé a dhéanamh ar shaincheistanna agus treochtaí atá ag teacht chun cinn.

Bloic Lochtacha Choincréite - Léargas Ginearálta ar an Scéim Fheabhsaithe



Aguisíní

Ballraíocht Coistí agus Comhlachtaí Eile na Comhairle

An Grúpa um Beartais Chorporáideacha

Cllr. Liam Blaney
Cllr. Noel Andrew Jordan
Cllr. Donal Mandy Kelly
Cllr. Michael McClafferty
Cllr. Pauric McGarvey
Cllr. Gerry McMonagle
Cathaoirleach an Lae

An CBS Pleanála

Cllr. Gerry McMonagle, Cathaoirleach
Baill le Deimhniú in Eanáir 2025

An CBS Pleanála - Ionadaithe Earnála

Ionadaithe Earnála le Deimhniú in Eanáir 2025

An CBS Bóithre agus Iompair

Cllr. Noel Andrew Jordan, Cathaoirleach
Baill le Deimhniú in Eanáir 2025

An CBS Bóithre agus Iompair - Ionadaithe Earnála

Ionadaithe Earnála le Deimhniú in Eanáir 2025

An CBS Tithíochta agus Corparáideach

Cllr. Liam Blaney, Cathaoirleach
Baill le Deimhniú in Eanáir 2025

An CBS Tithíochta agus Corparáideach - Ionadaithe Earnála

Ionadaithe Earnála le Deimhniú in Eanáir 2025

An CBS Pobail, Sóisialta agus Cultúir

Cllr. Donal Mandy Kelly, Cathaoirleach
Baill le Deimhniú in Eanáir 2025

An CBS Pobail, Sóisialta agus Cultúir - Ionadaithe Earnála

Ionadaithe Earnála le Deimhniú in Eanáir 2025

An CBS um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol

Cllr. Michael McClafferty, Cathaoirleach
Baill le Deimhniú in Eanáir 2025

An CBS um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol - Ionadaithe Earnála

Ionadaithe Earnála le Deimhniú in Eanáir 2025

An CBS Forbartha Geilleagraí, Fiontair agus Éigeandála

Cllr. Pauric McGarvey, Cathaoirleach
Baill le Deimhniú in Eanáir 2025

Economic Development, Enterprise & Emergency SPC - Sectoral Reps

Ionadaithe Earnála le Deimhniú in Eanáir 2025

An Coiste Freagartha Éigeandála

Cllr Gary Doherty
Cllr Noel Jordan
Cllr Gerry Mc Monagle
Cllr Jack Murray
Cllr John Sheamais Ó Fearraigh

Coiste na Gaeilge

Cllr Donal Coyle
Cllr Terry Crossan
Cllr Albert Doherty
Cllr Micheál C Mac Giolla Easbuig
Cllr Denis Mc Gee
Cllr Declan Meehan
Cllr Anthony Molloy
Cllr Dakota Nic Mheanman
Cllr John Sheamais Ó Fearraigh
Cllr Martin Scanlon
Folúntas CB Dhún na nGall
Folúntas CB Dhún na nGall

Coiste na mBloc Coincréite Lochtach

Cllr. Joy Beard
Cllr. Liam Blaney
Cllr. Paul Canning
Cllr. Brian Carr
Cllr. Tomás Seán Devine
Cllr. Albert Doherty
Cllr. Ali Farren
Cllr. Jimmy Kavanagh
Cllr. Michael McBride
Cllr. Martin McDermott
Cllr. Pauric McGarvey
Cllr. Denis McGee
Cllr. Gerry McMonagle
Cllr. Declan Meehan
Cllr. Martin Scanlon

An Coiste Iascaigh

Cllr. Manus Boyle
Cllr. Jimmy Brogan
Cllr. Terry Crossan
Cllr. Tomás Seán Devine
Cllr. Martin Farren
Cllr. Noel Andrew Jordan
Cllr. Niamh Kennedy
Cllr. Martin McDermott
Cllr. Denis McGee
Cllr. Anthony Molloy
Cllr. Michéal Naughton
Cllr. John Seamais Ó Fearraigh

An Coiste Iascaigh - Ionadaithe Earnála

John Menarry/Kevin Byrne - NIFA & NIFO
Dominic Rihan/Edward Farrell -Eagraíocht Iascairí na gCealla Beaga
Jerry Earley/Seamus Bonner - Ionadaí Oileán
Kenny Ward - Ionadaí Próiseálaithe Éisc
John O'Brien - Coimisiún Náisiúnta na mBradán
Milton Matthews/Frances O'Donnell - Iascach
Intíre Éireann
Catherine McManus - Ionadaí Feirmeoireachta Bradán
Ciarán McGonigle/Sarah McLean - Gníomhaireacht na Lochanna
Garry Kennedy

Coiste Comhairliúcháin Áitiúil Dhún na nGall um Chóiríocht do Thaistealaithe

Cllr. Ciaran Brogan
Cllr. Paul Canning
Cllr. Tomás Seán Devine
Cllr. Martin Harley
Cllr. Micheál Choilm Mac Giolla Easbuig
Cllr. Michael McMahon

Ionadaithe do Thaistealaithe

Hugh Friel
Anna Scully
Michael Mongan

An Coiste Talmhaíochta

Cllr. Liam Blaney
Cllr. Jimmy Brogan
Cllr. Tomás Seán Devine
Cllr. Donal Mandy Kelly
Cllr. Michael McClafferty
Cllr. Michael McMahon
Cllr. Michéal Naughton
Cllr. Dakota Nic Nic Mheanman
Cllr. Martin Scanlon

An Coiste Talmhaíochta - Ionadaithe Earnála

Joe Sweeney - IFA
Pheilim Molloy - INHFA
Eoghan Cross - IFI
Sean Gallanagh - IFI
Kelsie Geddis - IFI
Harry Mallon - ICMSA
Gary Fisher - Teagasc
Barry Caslin - Teagasc
Maureen Mc Laughlin - ICSA
Aidan O' Donnell - an Roinn Talmhaíochta
Brian Dolan AC
Eoin Gallagher AC

An Coiste Iniúchóireachta

Cllr Martin Mc Dermott
Cllr Noel Jordan

An Coiste Iniúchóireachta - Ionadaithe Earnála

Henry Mc Garvey
Micheál Mac Giolla Easbuig
Paul Carr

Coiste na nOileán

Baill de CB na nGleannta agus Toghcheantar Bhaile na nGallóglach

Coiste na nOileán - Ionadaithe Earnála

Uaigh - William Boyle
Inis Caorach - Hughie Gallagher
Oileán an Bhráighe - Maire Uí Dochartaigh
Inis Sionnaigh - Seamus Rodgers
Inis Bó Finne - John O' Brien
Toraigh - Marjorie Carol
Árainn Mhór - John Mc Cafferty
Árainn Mhór - Nóirín Uí Mhaoldomhnaigh
Gabhla - Eamonn Seosamh Mac Aoidh
Inis Mhic a Doirn - Rosaleen Mc Shane
Inis Oirthir - Pádraig Mac Garbheith
Inis Meáin - Charlie O' Domhnaill
Rutland - Laird Dinsmore
Comharchumann na nOileán Beag - Mairín Uí Fhearraigh

An Coiste um Luach ar Airgead Chomhairle Contae Dhún na nGall

Cllr. Tomás Seán Devine
Cllr. Martin Harley
Cllr. Noel Andrew Jordan
Cllr. Donal Mandy Kelly
Cllr. Michael McBride
Cllr. Patrick McGowan
Cllr. Gerry McMonagle
Vacancy
Cathaoirleach an Lae

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Dhún na nGall

Cllr. Brian Carr
Cllr. Niamh Kennedy
Cllr. Martin McDermott

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Dhún na nGall - Ionadaithe Earnála

Mícheál Mac Giolla Easbuig - Údarás na Gaeltachta
Anne McAteer - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Anne McHugh - Bord Oideachais agus Oiliúna
Eve Anne McCarron - Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
Andrew Ward - Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain
Pádraic Fingleton - Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall
Charlene Logue Ionadaí LRP
Joe Boland - Ionadaí PPN
Siobhán McLaughlin - Ionadaí LRP
Aengus Kennedy - Ionadaí LRP Folúntas LRP, Cuimsiú Sóisialta
Liam McElhinney - ICTU
James O'Donnell - Ionadaí Feirmeoirí an ICMSA
Máire Uí Mhaoláin - Comhar na nOileán Teo

An Coiste Straitéise Míchumais

Cllr. Donal Coyle
Cllr. Noel Andrew Jordan
Cllr. Jimmy Kavanagh
Cllr. Mícheál Choilm Mac Giolla Easbuig
Cllr. Denis McGee
Cllr. Michael McMahon
Cllr. Anthony Molloy
Vacancy

Coiste Comhairleach Saineolaithe Óige Dhún na nGall

Cllr. Fionán Bradley
Cllr. Dakota Nic Nic Mheanman

Coiste Comhairleach Saineolaithe Óige Dhún na nGall - Ionadaithe Earnála

Bridget Molloy - FSS
Dara Mc Daid - FSS
Lisa O'Hagan - FSS
Patrick McGlynn - an Garda Síochána
Seán Groarty - BOO Dhún na nGall
Paddy Muldoon - BOO Dhún na nGall
Seán McGroarty - BOO Dhún na nGall
Claire Gavigan - Foróige
Kevin McMahon - Foróige
Maura Gallagher - Foróige
Michael McDevitt - Foróige
Susan McLoughlin - Foróige
Lorraine Thompson - Seirbhís don Ógra Dhún na nGall
Martin Mongan - Tionscadal don Ogra Involve
Damien Coyle - Jigsaw
Myles Sweeney - Dún na nGall Gníomhach
Helen Nolan - Spraoi agus Spórt
Fatima Byrne - Ionadaí Ardán Idirchultúrtha Dhún na nGall
Karen Sheehy - Leabharlann Contae Dhún na nGall
Rosita Mahony

An Grúpa Oibre um Rialtas Áitiúil agus Athrú Bunreachtúil

Cllr. Fionán Bradley
Cllr. Jimmy Brogan
Cllr. Paul Canning
Cllr. Terry Crossan
Cllr. Albert Doherty
Cllr. Gerry McMonagle
Cllr. Declan Meehan
Folúntas
Folúntas
Folúntas

Fóram Oidhreachta Dhún na nGall

Cllr. Albert Doherty
Cllr. Donal Coyle
Cllr. Michael Mc Mahon
Cllr. Gary Doherty
Cllr. John S O Fearraigh
Cathaoirleach an CBS Pleanála

Fóram Oidhreachta Dhún na nGall - Ionadaithe Earnála

Pádraic Fingleton - Ionadaí Leader le deimhniú - Coillte
Paddy O' Donovan - Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
Ger O'Donnell - an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
Joan Crawford - Fáilte Éireann
Carolyn Patterson - Teagasc
Séamas Ó Gallchoir - Údarás na Gaeltachta
Marie Kelly - Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
Michael Chance - Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
Michael Mullen - Nascghrúpa Oidhreachta an LRP
Molly Reynolds - Nascghrúpa Oidhreachta an LRP
Ethna Diver - An Taisce
Ralph Sheppard - Líonra Oidhreachta Dún na nGall
Niall McCaughan - Líonra Oidhreachta Dún na nGall
Lochlann McGill - Cumann Staire Dhún na nGall le Deimhniú - Cumann Oidhreachta Ailtreachta Uladh

Comhpháirtíocht PEACEPLUS

Cllr. Manus Boyle
Cllr. Paul Canning
Cllr. Michael McClafferty
Cllr. Patrick McGowan
Cllr. Gerry McMonagle

An Grúpa Oibre - an Craoslach

Cllr. Liam Blaney mar ainmní an Chathaoirligh
Cllr. Jimmy Kavanagh
Cllr. Michael McClafferty
Cllr. Denis McGee
Cllr. Anthony Molloy
Cllr. John Shéamais Ó Fearraigh

Cuideachta Forbartha Straitéisí 2040 Bhord Dhún na nGall

Cllr. Ciaran Brogan
Cllr. Paul Canning
Cllr. Gary Doherty
Cllr. Niamh Kennedy
Cllr. Michael McClafferty

Bord Chuideachta Forbartha Straitéisí 2040 Bhord Dhún na nGall - Ionadaithe Earnála

Sally Anne Sherry
Caroline Mc Groary
Fiona Doohan
Aisling Mc Devitt
Ian Ireland
Michael Heaney
Paul Doyle

Coiste Comhaltaí Comhlacha Turasóireacht Dhún na nGall

Cllr. Brian Carr
Cllr. Donal Mandy Kelly
Cllr. Martin Mc Dermott
Cllr. Mícheál Naughton
Cllr. Martin Harley
Cathaoirleach an Lae

Coiste Ball Comhlach Thurasóireacht Dhún na nGall - Ionadaithe Earnála

Niall Coffey - Tionscal na nÓstán
Joleene McDermott - Tionscal na nÓstán
Martina Rafferty - Tionscal Ostán
Toni Forrester - Cultúr agus Oideachas
Mary Cassidy - Cultúr agus Oideachas
Thomas Costello - Pobal
Rosemary Ward - Pobal
Mary Mcgettigan - Pobal
Elaine McInaw - Pobal
David Fisher - Pobal
Sinéad Smyth - Pobal
John McGinley - Turasóireacht
John McGroary - Turasóireacht Eachtraíochta
Ciarán McHugh - Campáil agus Carbháin
Joan Crawford - Fáilte Éireann
Margaret Cunningham - an Ghaeltacht
Pauline Sweeney - Aerfort Dhún na nGall
Martin Harley - Bialanna agus Fíoncheannaithe
Cynthia Furey - Galf
John O'Connell - Leaba is Bricfeasta - Féinfhrestal

Bord Turasóireachta Dhún na nGall

Cathaoirleach an Lae
John Mc Laughlin
Michael Heaney
Terry Mc Eniff
Johnny Mc Guinness
Ciaran Brogan
Martina Rafferty
Elaine McInaw
Marion Callaghan
Nicola Dunnion
John Casey
Thomas Costello
Mícheál MacGiolla Easbuig

Ionadaíocht i gComhlachtaí Seachtracha in 2024

Bord Oideachais agus Oiliúna Chontae Dhún na nGall

Cllr. Fionán Bradley
Cllr. Ciaran Brogan
Cllr. Brian Carr
Cllr. Donal Coyle
Cllr. Terry Crossan
Cllr. Tomás Seán Devine
Cllr. Albert Doherty
Cllr. Martin Farren
Cllr. Martin Harley
Cllr. Michael McBride
Cllr. Pauric McGarvey
Cllr. Declan Meehan

Fóram Sláinte Réigiúnaí an Iarthair

Cllr. Ciaran Brogan
Cllr. Gary Doherty
Cllr. Gerry McMonagle
Cllr. Declan Meehan
Cllr. Michéal Naughton

Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair

Cllr. Ciaran Brogan
Cllr. Niamh Kennedy
Cllr. Jack Murray

Ciste Fiontraíochta an Chontae

Cllr. Donal Mandy Kelly
Cllr. Gerry McMonagle

Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann

Cllr. Michael McClafferty
Cllr. Patrick McGowan
Cllr. Gerry McMonagle

Cumann Chomhaltaí na nUdarás Áitiúil

Cllr. Liam Blaney

Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain

Cllr. Joy Beard
Cllr. Albert Doherty
Cllr. Ali Farren
Cllr. Jack Murray

Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall Teo

Cllr. Patrick McGowan
Cllr. Michael McMahon
Cllr. Declan Meehan

ERNACT EEIG

Cllr. Fionán Bradley
Cllr. Jack Murray

Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo

Cllr. Dakota Nic Nic Mheanman

Grúpa Forbartha Réigiúnaí an Iarthuaiscirt

Cllr. Joy Beard
Cllr. Ciaran Brogan
Cllr. Paul Canning
Cllr. Albert Doherty
Cllr. Martin Farren resigned
Cllr. Gerry McMonagle

ICBAN

Cllr. Manus Boyle
Cllr. Michael McBride
Cllr. Dakota Nic Mheanman
Cllr. Anthony Molloy

Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall

Cllr. Donal Coyle
Cllr. Michael McMahon

Comhdháil na Réigiún Muirí Forimeallach

Cllr. Jack Murray

LATCH

Cllr. Gary Doherty
Cllr. Martin Harley
Cllr. Martin Scanlon

Clár CERV an AE

Cllr. Martin Harley

Iontaobhas Oidhreacht Chalm Cille

Cllr. Donal Coyle
Cllr. Donal Mandy Kelly
Cllr. Jimmy Kavanagh
Cllr. Michael Mc Bride
Cllr. Declan Meehan

Cuideachta Forbartha Fiontraíochta na hÉirne

Cllr. Michael Mc Mahon
Cllr. Micheál Naughton

Bord Mhúsaem Míleata an Dúin Riabhaigh

Cllr. Joy Beard
Cllr. Fionán Bradley

Féile Ealaíon na hEaragaile

Cllr. Donal Coyle
Cllr. Tomás Seán Devine
Cllr. Gary Doherty

Cuideachta Bhainistíochta Amharclannaíochta Leitir Ceanainn

Cllr. Donal Coyle
Cllr. Tomás Seán Devine
Cllr. Jimmy Kavanagh
Cllr. Gerry Mc Monagle

Coiste Bainistíochta Ionad Fóillíochta Bhéal Átha Seanaidh

Cllr. Manus Boyle
Cllr. Noel Jordan
Cllr. Michael Mc Mahon

Bord Waterworld, Bun Dobhráin

Cllr. Michael Mc Mahon
Cllr. Michéal Naughton
Mr Barry Sweeny
Folúntas CB Dhún na nGall

An Bord Comhairleach ag Neartú Teaghlach – Fóram Alcóil an Iarthuaiscirt

Cllr. Ciaran Brogan
Cllr. Jimmy Kavanagh
Cllr. Donal Mandy Kelly
Cllr. Michael Mc Bride
Cllr. Gerry Mc Monagle

Strengthening Families Advisory Board – NW Alcohol Forum

Cllr. Donal Mandy Kelly

Ionaid Fóillíochta Ghleann na Finne

Cllr. Martin Harley
Cllr. Patrick Mc Gowan
Cllr. Dakota Nic Mheanman
Cllr. Martin Scanlon

Údarás na Gaeltachta

Cllr. Anthony Molloy

Comhar na nOileán Teoranta

Cllr. Anthony Molloy

Coiste Trasteorann an A5-N2

Cllr. Paul Canning
Cllr. Gary Doherty
Cllr. Martin Harley
Cllr. Martin Scanlon

Grúpa Oibre Trasteorann – Comhairle Contae Dhún na nGall Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hOmaí

Baill CB Dhún na nGall
Baill CB Leifir/Shrath an Urláir

Coiste Iarnróid Idirchontae an Iarthair

Cllr. Fionán Bradley
Cllr. Tomás Seán Devine
Cllr. Niamh Kennedy
Cllr. Patrick Mc Gowan
Folúntas CB na nGleannta

Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Iarthuaiscirt

Cllr. Gerry McMonagle

Gníomhaireacht Fuinnimh Réigiúnach an Iarthuaiscirt CTR

Cllr. Gary Doherty
Cllr. Patrick McGowan

Freastal Comhaltaí ar Chomhdhálaacha agus ar Imeachtaí Eile in 2024

Oiliúint

LAMA (Dún na nGall) 19-20 Eanáir

Cllr Nicholas Crossan
Cllr Niamh Kennedy
Cllr Barry Sweeney
Cllr Tom Conaghan
Cllr Jimmy Kavanagh
Cllr Kevin Bradley
Cllr Johnny McGuinness
Cllr Martin Harley

Modúl 1 AILG (Óstán Fairways, Dún Dealgan) 25/01/2024

Cllr Gerry Crawford
Cllr Martin Harley
Cllr Patrick McGowan
Cllr Gerry McMonagle

Modúl 1 AILG (Óstán Greenhills, Luimneach) 27/01/2024 As Réigiún

Cllr Donal Mandy Kelly
Cllr Nicholas Crossan
Cllr Kevin Bradley
Cllr Johnny McGuinness

Díriú ar Réigiúin - Luimneach, 7/8 Fea 2024

Cllr Gerry Crawford
Cllr Nicholas Crossan
Cllr Donal Mandy Kelly
Cllr Gerry McMonagle
Cllr Johnny McGuinness

Comhdháil Oiliúna Bhliantúil AILG (Óstán Arklow Bay) 14/15 Feabhra 2024

Cllr Kevin Bradley
Cllr Ciaran Brogan
Cllr Gerry Crawford
Cllr Nicholas Crossan
Cllr Donal Mandy Kelly
Cllr Michael McClafferty
Cllr Patrick McGowan
Cllr Johnny McGuinness
Cllr Gerry McMonagle

Modúl 2 AILG (Óstán Hodson Bay, Áth Luain) 23 Márta 2024

Cllr Kevin Bradley
Cllr Gerry Crawford
Cllr Nicholas Crossan
Cllr Donal Mandy Kelly
Cllr Michael McClafferty
Cllr Johnny McGuinness

Modúl 3 AILG (Óstán Mullingar Park) 11 Iúil 2024

Cllr Donal Coyle
Cllr Martin Harley
Cllr Patrick McGowan
Cllr Gerry McMonagle
Cllr Declan Meehan
Cllr Donal Mandy Kelly
Cllr Dakota Nic Mheanman
Cllr Martin Scanlon

Seimineár Oiliúna AILG an Fhómhair (Óstán Hillgrove, Muineachán) 11/12 M.F. 2024

Cllr Martin McDermott
Cllr Martin Scanlon
Cllr Ciaran Brogan
Cllr Gary Doherty
Cllr Donal Mandy Kelly
Cllr Michael McClafferty

AILG/ORP - (Óstán Bridge House, Tulach Mhór) 28 M.F. 2024

Cllr Donal Coyle
Cllr Gary Doherty
Cllr Donal Mandy Kelly
Cllr Michael McClafferty
Cllr Martin Scanlon
Cllr Gerry McMonagle

Comhdháil LAMA an Fhómhair (Óstán New Grange, an Uaimh) 17/18 D.F. 2024

Cllr Donal Mandy Kelly
Cllr Michael McClafferty
Cllr Donal Coyle
Cllr Martin Scanlon
Cllr Patrick McGowan
Cllr Gary Doherty
Cllr Liam Blaney

Modúl 5 AILG (Radisson Blu, Luimneach) 2 Samhain 2024

Cllr Martin Scanlon
Cllr Donal Mandy Kelly
Cllr Gary Doherty
Cllr Michael McClafferty
Cllr Donal Coyle

Modúl 6 AILG (Óstán Bhaile Chláir) 16 Samhain 2024

Cllr Michael McClafferty
Cllr Martin Scanlon

Cruinniú Toscaireachta TII (Áth Cliath) 22/11/24

Cllr Gary Doherty
Cllr John Sheamius O'Fearraigh
Cllr Martin Scanlon
Cllr Tomás Seán Devine

Cruinniú Toscaireachta TII (Áth Cliath) 22/11/24

Cllr Gary Doherty
Cllr John Sheamius O'Fearraigh
Cllr Martin Scanlon
Cllr Tomás Seán Devine

ICBAN (Cora Droma Rúisc) 18 Iúil 2024

Michael McBride
Manus Boyle
Anthony Molloy

ICBAN (an Cabhán) 16 D.F. 2024

Michael McBride
Anthony Molloy

ICBAN (Dún Geanainn) 20 Sam 2024

Michael McBride
Manus Boyle

CGB Choiste Iarnróid Idirchontae (Áth an Rí, Co. na Gaillimhe) 26 D.F. 2024

Patrick McGowan

Cruinniú TEN-T A5/N2/T (Achadh na Cloiche, Co. Thír Eoghain) 12 Lún 2024

Gary Doherty
Martin Scanlon
Paul Canning

Cruinniú Toscaireachta DCB (Áth Cliath) 5 Nol 2024

Pauric McGarvey
Tomás Sean Devine
Denis McGee
Michael McBride
Niamh Kennedy
Gerry McMonagle
Martin McDermott

Bealach Ghleann an tSuca - 13/14 Már (Ros Comáin)

Michael McClafferty
Donal Mandy Kelly

Tús Áite do Láir Bhailte - Ard an Rátha, Co. Luimnigh (27/28 Feabhra 2024)

Liam Blaney
Pauric McGarvey

Taisteal Thar Lear 2024

YOUTH & Democracy – Empowering Europe’s Next Generation (Santa Comba, an Spáinn) 1-4 Fea 2024

Cllr Martin Harley

Londain - 8 Fea 2024

Cllr Martin Harley

Cruinniú Bhiúró Polaitíochta CPMR - PATRAS, an Ghréig 21-23 Márta 2018

Cllr John S O’Fearraigh

Imeachtaí Lá Fhéile Pádraig in SAM - Philadelphia, Nua-Eabhrac agus Bostún

Cllr Martin Harley

Imeachtaí Lá Fhéile Pádraig sa Ghearmáin - Rudolstadt

Cllr Pauric McGarvey
Cllr Kevin Bradley

Consalacht na hÉireann, Dún Éideann – Imeacht Diaspóra an 25 Aibreán 2024

Cllr Martin Harley

Comhthionól Ginearálta CPMR Choimisiún Chuar an Atlantaigh – Sines, an Phortaingéil – 9/10 Aibreán 2024

Cllr John S O’Fearraigh

Cumann Feithiclí Seanré London-na hÉireann - Imeacht Diaspóra, Londain - an 8 M.F. 2024

Cllr Niamh Kennedy

Tionscadal Cerv an AE YOUTH & Democracy – Empowering Europe’s Next Generation – Sofia, an Bhulgáir an 9-12 M.F. 2024

Cllr Martin Harley

Cruinniú Chomhthionól Ginearálta CPMR - Gozo, Málta - an 2-4 D.F. 2024

Cllr Jack Murray

Ceardlann Dúiche ‘Capitalising on Culture, Competing the Difference’ Lováin, an Bheilg – an 14-18th D.F. 2024

Cllr Niamh Kennedy

Misean Trádála SAM agus Imeacht Golden Bridges, Bostún - an 11-14 Samhain 2022

Cllr Niamh Kennedy

135th Anniversary Donegal Association of Philadelphia – 6th-8th Nollaig 2024

Cllr Niamh Kennedy

Comhaltaí agus Costais Ghaolmhara 2024	
Costais Siamsaíochta	€3,310.82
Liúntas Slándála	€2,500.00
Liúntas Bliantúil	€213,840.07
Liúntas Ionadaíochta Áitiúla	€102,851.35
Íocaíocht Ionadaíoch	€1,092,662.40
Liúntas an Chathaoirligh	€28,286.61
Liúntas an Leas-Chathaoirligh	€5,657.26
Árachas	€7,436.27
Scéim Aisce	€391,453.09
Coistí um Beartais Straitéiseacha na gCathaoirleach	€33,943.62
Liúntas Cathaoirligh Ceantair Bhardasaigh	€33,184.71
Costais Neamh-Chomhairleoirí ar Choistí	€864.42
Freastal ar Chomhdhálacha (Éire) – Taisteal agus Cothú	€1,581.47
Freastal ar Imeachtaí Oiliúna	€24,057.54
Taisteal Eile	€3,371.76
Táillí Comhdhála agus Oiliúna	€10,555.00
Taisteal Thar Lear	€13,751.15
Ranníocaíocht le Cumainn Ionadaíochta Ball	€24,500.00
Iomlán	€1,993,807.54